AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.11.2025
COM(2025) 842 final

2025/0362 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoracha (AE) 2016/2341 agus 2016/97 a mhéid a bhaineann leis an gcreat um sholáthar pinsean ceirde a neartú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tá sé i gcroílár chlár oibre sóisialta agus eacnamaíoch an Aontais a chinntiú gur féidir le daoine ar fud an Aontais dul ar scor le dínit, le slándáil agus le hioncam leordhóthanach. De réir mar a mhaireann saoránaigh an Aontais níos faide, tá an dúshlán a bhaineann le caighdeáin mhaireachtála chuibhiúla a choinneáil ar bun agus iad ar scor tar éis éirí níos práinní. Tá na saoránaigh ag súil, tar éis saolré oibre, go mbeidh rochtain acu ar ioncam cobhsaí ar leor é chun tacú le cáilíocht mhaith saoil. Mar sin féin, tá inbhuanaitheacht na gcóras pinsean agus leordhóthanacht an ioncaim scoir ar fud an Aontais faoi bhrú méadaitheach mar thoradh ar aosú déimeagrafach agus cineálacha nua oibre. Tá daonra an Aontais ag maireachtáil níos faide, agus tá laghdú ag teacht ar an daonra atá in aois oibre. Tugann an t-aistriú struchtúrach sin le tuiscint go mbeidh níos lú oibrithe ar fáil chun pinsin líon méadaitheach daoine atá ar scor a mhaoiniú, rud a chruthóidh brúnna fioscacha agus sóisialta a d'fhéadfadh caighdeáin mhaireachtála agus cothroime idirghlúine a chreimeadh mura dtabharfaí aghaidh orthu.

Dá bhrí sin, ní mór don Aontas gníomhú chun cabhrú le saoránaigh a n-ioncam scoir a dhaingniú agus a gcaighdeán maireachtála a chaomhnú i bhfianaise forbairtí déimeagrafacha neamhfhabhracha, fás táirgiúlachta laghdaithe, agus dúshláin chlaochlaitheacha níos leithne a bhaineann leis an athrú aeráide, leis an digitiú agus leis an éiginnteacht gheopholaitiúil. An cumas aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshlán na bpinsean, is rud é a mhúnlóidh athléimneacht eacnamaíoch agus comhtháthú sóisialta an Aontais sna blianta amach romhainn.

Dá bhrí sin, tá dúshlán na bpinsean lárnach do thodhchaí eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais. Baineann sé leis an gcaoi ar féidir le sciar méadaitheach den daonra caighdeán leordhóthanach maireachtála a choinneáil ar bun tar éis scoir, agus a áirithiú an tráth céanna go leanfaidh an t-ualach ar na glúnta atá le teacht de bheith inbhuanaithe. Le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta[1], go háirithe Prionsabal 15 maidir le 'Ioncam seanaoise agus pinsin', cumhdaítear an ceart atá ag oibrithe agus ag daoine féinfhostaithe chun pinsin atá i gcomhréir lena ranníocaíochtaí agus lena n-áirithítear ioncam leordhóthanach, agus comhdheiseanna ann do mhná agus d'fhir cearta pinsin a fháil.

Tá an gealltanas maidir le pinsean leordhóthanach agus inbhuanaithe fós faoi bhrú, in ainneoin go leor athchóirithe ar an leibhéal náisiúnta. Laghdaigh go leor Ballstát rátaí athsholáthair pinsin phoiblí, mhéadaigh siad an aois pinsin reachtúil, nó d'aistrigh siad ó shochar sainithe go scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe. Dá bhrí sin, táthar ag súil go ndéanfaidh daoine aonair pinsin reachtúla a chomhlánú le coigilteas ceirde nó pearsanta níos mó ná riamh. Cuireann sé sin 'ualach dúbailte' ar an daonra atá in aois oibre, ar gá dóibh pinsinéirí reatha a mhaoiniú, agus an tráth céanna airgead a shábháil dá n-ioncam scoir féin.

Ní mór do dhaoine a bheith in ann rochtain a fháil ar tháirgí pinsin atá sábháilte, éifeachtúil, trédhearcach agus ardfheidhmíochta chun coigiltis leordhóthanacha scoir a mhéadú. Trí

---

[1] Colún Eorpach na gCeart Sóisialta

choigilteas teaghlaigh a ath-leithdháileadh ó thaiscí ísealtoraidh go táirgí pinsin fhorlíontaigh a chuireann deiseanna infheistíochta fadtéarmacha ar fáil, is féidir cuidiú le daoine aonair ioncam scoir níos airde agus níos cobhsaí a bhaint amach. Ag an am céanna, nuair a dhéantar na coigiltis sin a threorú trí institiúidí pinsin atá dea-rialaithe agus bainistithe go héifeachtúil, is foinse thábhachtach caipitil fhadtéarmaigh iad do gheilleagar na hEorpa. Tá ról dúbailte ag earnáil na bpinsean forlíontach: slándáil airgeadais daoine aonair a chosaint agus iad ar scor agus rannchuidiú le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch fhadtéarmach an Aontais.

Le hanailísí ardleibhéil a rinneadh le déanaí, leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé an bealach sin idir coigilteas agus infheistíocht a neartú. Cuireadh i dtábhacht sna tuarascálacha ó Mario Draghi[2] agus Enrico Letta[3] go mbeidh gá le táirgiúlacht níos láidre agus infheistíocht mhéadaithe chun caighdeáin mhaireachtála an Aontais a choinneáil ar bun i gcomhthéacs lucht saothair atá ag laghdú. Iarradh i dtuarascáil Draghi, go háirithe, go ndéanfaí coigilteas teaghlaigh a shlógadh ar bhealach níos éifeachtúla trí tháirgí coigiltis fadtéarmacha amhail pinsin cheirde, agus léiríodh samplaí náisiúnta rathúla a d'fhéadfadh cur chuige níos leithne de chuid an Aontais a spreagadh.

Tá géarghá le pinsin fhorlíontacha a neartú mar chuid de chonradh sóisialta níos leithne an Aontais. Sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17-18 Aibreán 2024[4], iarradh go ndéanfaí tuilleadh oibre chun pinsin agus táirgí coigiltis fhadtéarmaigh a fhorbairt, agus aitheantas á thabhairt don mhéid a chuireann siad leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus le fás ghnólachtaí an Aontais. Athdhearbhaíodh sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 Márta 2025[5] a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht caipitil phríobháidigh a mhéadú chun tacú leis an infheistíocht agus leis an iomaíochas, agus iarradh ar an gCoimisiún rannpháirtíocht mhiondíola níos mó a chur chun cinn i margaí caipitil, lena n-áirítear trí tháirgí pinsin.

In 2019, chuir Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe um Pinsin[6] a raibh comhpháirtithe sóisialta páirteach ann comhairle straitéiseach ar fáil maidir leis an gcaoi ar féidir le pinsin fhorlíontacha rannchuidiú le leordhóthanacht an ioncaim seanaoise agus le forbairt mhargadh pinsin an Aontais. Tháinig Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ar an gconclúid i dtuarascáil 2024[7] go raibh gníomhaíocht an Aontais teoranta go dtí seo ó thaobh a héifeachtachta de agus d'iarr sí go ndéanfaí tuilleadh iarrachta pinsin cheirde a neartú mar chomhlánú ar scéimeanna poiblí.

Tá dearadh na gcóras pinsin fós faoi inniúlacht na mBallstát, ach is féidir le bearta ar leibhéal an Aontais tacú le hiarrachtaí náisiúnta agus iad a chomhlánú chun ioncam scoir leordhóthanach a áirithiú. Le creat na nInstitiúidí um Sholáthar Pinsean Ceirde (IORP), soláthraíodh an bunús rialála le haghaidh pinsin cheirde san Aontas, lena mbunaítear caighdeáin maidir le maoirseacht stuamachta, rialachas agus cosaint comhaltaí agus tairbhithe. Cé nach dtagann gach feithicil pinsin cheirde faoi Threoir IORP II, ba cheart comhaltaí agus tairbhithe i scéimeanna nach scéimeanna IORP iad a bheith faoi réir rialachas agus formhaoirseacht fhónta agus d'fhéadfaidís tairbhe a bhaint as a bheith cumhdaithe le Treoir IORP II.

---

2 Draghi, M. (2024), 'Todhchaí iomaíochas na hEorpa'
3 Letta, E. (2024), 'Níos Mó Ná Margadh'
4 Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17-18 Aibreán 2024
5 Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 Márta 2025
6 An Tuarascáil Deiridh ón nGrúpa Ardleibhéil Saineolaithe maidir le Pinsin - Nollaig 2019;
7 Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, 'Pinsin fhorlíontacha a fhorbairt san Aontas', Tuarascáil speisialta 14/2025

I dTreoirlínte Polaitiúla 2024-2029[8], d'fhógair an tUachtarán von der Leyen go gcruthófaí Aontas Coigiltis agus Infheistíochta Eorpach, atá ceaptha chun go n-oibreoidh coigilteas an Aontais ar bhealach níos éifeachtaí ar mhaithe le fás agus rathúnas fadtéarmach. Sa Teachtaireacht uaidh an 19 Márta 2025 maidir leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, d'aithin an Coimisiún acmhainneacht earnáil na bpinsean forlíontach rannchuidiú leis an sprioc sin trí choigilteas príobháideach a shlógadh le haghaidh infheistíocht tháirgiúil agus trína áirithiú go gcuirfear tairbhí na hinfheistíochta sin ar ais chuig saoránaigh i bhfoirm ioncaim scoir níos airde agus níos iontaofa. Ina theannta sin, sa Litir Mhisin[9] a seoladh chuig an gCoimisinéir ainmnithe um Sheirbhísí Airgeadais agus um an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta a bhí ann ag an am, leag an tUachtarán von der Leyen béim ar a thábhachtaí atá sé leas a bhaint as acmhainneacht na bpinsean príobháideach agus ceirde chun tacú le saoránaigh an Aontais a scor a áirithiú agus chun aistriú coigiltis chuig an ngeilleagar i gcoitinne a éascú.

Leagtar síos i dTreoir 2008/94/CE[10] maidir le fostaithe a chosaint i gcás dhócmhainneacht a bhfostóra go n-áiritheoidh na Ballstáit cosaint theidlíochtaí pinsin na bhfostaithe i gcás dhócmhainneacht an fhostóra.

Tugadh isteach Treoir 2003/41/CE[11] maidir le gníomhaíochtaí agus maoirseacht institiúidí um sholáthar pinsean ceirde (an chéad Treoir IORP) d'fhonn creat stuamachta comhsheasmhach a chruthú d'institiúidí pinsin ghairme laistigh den mhargadh inmheánach. I measc a phríomhchuspóirí bhí cosaint na gcomhaltaí agus na dtairbhithe a fheabhsú, rialachas fónta agus trédhearcacht a chur chun cinn, agus aghaidh a thabhairt ar an ilroinnt a eascraíonn as córais éagsúla náisiúnta mhaoirseachta agus rialála. Trí íoschaighdeáin choiteanna a bhunú agus trí bhainistiú trasteorann scéimeanna pinsin ceirde a chumasú, bhí sé d'aidhm ag an Treoir IORP margadh inmheánach a chruthú le haghaidh soláthar scoir cheirde. Spreag sí infheistíocht stuama agus éifeachtúil sócmhainní pinsin, rud a thacaigh le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach chórais na bpinsean agus le coigilteas a shlógadh le haghaidh infheistíocht tháirgiúil laistigh de gheilleagar an Aontais.

Bhí Treoir 2016/2341[12] (Treoir IORP II), lenar athmhúnlaíodh agus lenar aisghaireadh an chéad Treoir IORP, bunaithe ar an ngá le rialachas, trédhearcacht agus éifeachtacht oibríochtúil trasteorann cistí pinsin ceirde laistigh den Aontas a fheabhsú. Leis na léargais a fuarthas ón gcéad Treoir IORP a chur chun feidhme, cuireadh i dtábhacht éagsúlachtaí móra san fhorghníomhú idir Ballstáit éagsúla agus léiríodh easnaimh sa leibhéal cosanta a thugtar do chomhaltaí agus do thairbhithe. Mar fhreagairt air sin, leagadh amach i dTreoir IORP II caighdeáin stuamachta agus rialachais níos déine, mar aon le ceanglais fheabhsaithe maidir le nochtadh agus trédhearcacht, agus áiríodh inti bearta chun bainistiú scéimeanna pinsin trasteorann a éascú. Ceapadh na feabhsuithe sin chun a áirithiú go leanfadh pinsin cheirde de

---

8 Treoirlínte polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024 - 2029

9 Litir Mhisin

10 Treoir 2008/94/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le fostaithe a chosaint i gcás dhócmhainneacht a bhfostóra (IO L 283, 28.10.2008, lch. 36).

11 Treoir 2003/41/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Meitheamh 2003 maidir le gníomhaíochtaí agus maoirsiú institiúidí le haghaidh soláthair sochair scoir cheirde (IO L 235, 23.9.2003, lch. 10https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32003L0041)).

12 Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaíagus maoirseacht institiúidí um chóir ar scor ceirde (IORPanna) (athmhúnlú) (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37)

bheith slán, inbhuanaithe agus éifeachtúil i margadh saothair an Aontais atá ag éirí níos soghluaiste agus níos comhtháite.

Freagraíonn an uaillmhian athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir IORP II do dhúshláin leanúnacha eacnamaíocha, dhéimeagrafacha agus bheartais, agus béim athnuaite á leagan ar shlándáil scoir na saoránach. Féachann sé le cumas cistí pinsin ceirde a neartú chun ioncam scoir leordhóthanach a sholáthar, chun gníomhú mar infheisteoirí cobhsaí fadtéarmacha a thacaíonn le fás inbhuanaithe, agus chun cur le hathléimneacht agus doimhniú mhargaí caipitil an Aontais. Dá bhrí sin, is é is aidhm don athbhreithniú ar Threoir IORP II an creat maidir le soláthar pinsean de bhun sócmhainní a neartú agus torthaí infheistíochta fadtéarmaí níos fearr a chothú do chomhaltaí agus do thairbhithe. Féachann sé le IORPanna a dhéanamh níos ábhartha agus níos inrochtana do na Ballstáit ina bhfuil siad tearcfhorbartha faoi láthair, agus feidhmíocht infheistíochta níos láidre agus níos inbhuanaithe á cur chun cinn ar fud an Aontais ag an am céanna. Tá sé d'aidhm aige freisin trédhearcacht a fheabhsú maidir le costais agus torthaí araon, cleachtais bainistithe riosca a threisiú agus deireadh a chur le bacainní a chuireann bac ar infheistíocht éifeachtúil faoi láthair. Ar an gcaoi sin, tacóidh an creat leasaithe le leithdháileadh sócmhainní níos éifeachtúla agus cuirfidh sé luach níos mó ar fáil do na comhaltaí. Agus an méid sin á dhéanamh, féachann an t-athchóiriú atá beartaithe le caighdeáin a ardú ar fud thírdhreach na bpinsean forlíontach, rud a chothóidh luach níos mó, athléimneacht mhéadaithe agus slándáil fhadtéarmach do na comhaltaí. Is féidir leis cuidiú le haghaidh a thabhairt ar ilroinnt leanúnach, infheistíocht fhadtéarmach níos éifeachtúla agus níos táirgiúla a scaoileadh, agus a áirithiú go n-oibreoidh raon níos leithne socruithe pinsin faoi chaighdeáin fhónta rialachais agus trédhearcachta. Rannchuideoidh an leasú freisin le cuspóirí an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta trí infheistíocht tháirgiúil fhadtéarmach a scaoileadh, comhtháthú margaidh a fheabhsú agus tacú le fás inbhuanaithe laistigh den Aontas.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá roinnt príomhthionscnamh curtha chun feidhme ag an Aontas chun tírdhreach na bpinsean forlíontach a neartú:

- Treoir 98/49/CE an 29 Meitheamh 1998 maidir le cearta pinsin fhorlíontaigh a chosaint do dhaoine fostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe a ghluaiseann laistigh de AE[13];
- Treoir 2014/50/AE an 16 Aibreán 2014 maidir le ceanglais íosta i leith soghluaisteacht oibrithe idir na Ballstáit a fheabhsú trí fháil agus coimeád ceart pinsin fhorlíontaigh a fheabhsú[14];
- Treoir (AE) 2016/2341 an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaí institiúid um sholáthar pinsean ceirde (IORPanna) agus maoirseacht a dhéanamh ar na

[13] Treoir (AE) 1998/49 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta pinsin fhorlíontaigh a chosaint do dhaoine fostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe a bheidh ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 209, 25.7.1998, lch. 46)

[14] Treoir (AE) 2014/50 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le híoscheanglais chun soghluaisteacht oibrithe idir na Ballstáit a fheabhsú trí fháil agus coimeád ceart pinsin fhorlíontaigh a fheabhsú (IO L 128, 30.4.2014, lch. 1)

hinstitiúidí sin, ar a dtugtar IORP II, lena neartaítear rialachas, nochtadh faisnéise agus ceanglais trasteorann maidir le cistí pinsean ceirde[15];

- Rialachán (AE) 2019/1238 an 20 Meitheamh 2019 maidir le táirge pinsin phearsanta uile-Eorpach (TPPU), lena mbunaítear creat pinsin phearsanta caighdeánaithe deonach ar fud an Aontais[16].

Cuireann an togra seo leis an gcreat le haghaidh IORPanna a leagtar amach i dTreoir IORP II agus neartaíonn sé é, mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe i roinn 3 thíos. Is cuid de phacáiste pinsin níos leithne é lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/1238 (Rialachán TPPU), na Moltaí ón gCoimisiún maidir le Deais Pinsean, Córais Rianaithe Pinsean, agus Uathchlárú, chomh maith le Teachtaireacht Chapeau maidir le Pacáiste na bPinsean Forlíontach. Tá an pacáiste pinsean ar cheann de na príomhspriocanna insoláthartha faoi chlár oibre an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta. Dréachtaíodh na hathruithe agus na moltaí atá beartaithe chun comhsheasmhacht a áirithiú ar fud na bpíosaí éagsúla reachtaíochta agus an cuspóir ginearálta céanna á chur san áireamh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Chun an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta a chur chun feidhme, tá gá le réimse beart beartais cuimsitheach, a dhéanann difear do ghnéithe éagsúla de chóras airgeadais an Aontais. Is féidir na bearta beartais sin a ghrúpáil faoi cheithre cheannteideal atá éagsúil ach idirghaolmhar san am céanna: (a) Saoránaigh agus Coigilteas, (b) Infheistíochtaí agus Maoiniú, (c) Comhtháthú agus Scála, agus (d) Maoirseacht Éifeachtach sa Mhargadh Aonair. Pléitear gach ceann de na ceannteidil sin sna ranna seo a leanas.

Tagann an pacáiste Pinsean faoin gceannteideal ‘Saoránaigh agus Coigilteas’. Tríd an gcreat le haghaidh IORPanna a neartú, rannchuidíonn an Coimisiún le cuspóir an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta saoránaigh a chumhachtú chun coigilteas agus infheistíocht a dhéanamh dá dtodhchaí trí tháirgí trédhearcacha, iomaíocha agus inrochtana. Trí chreat IORP a fheabhsú, tacaítear le scála, comhdhlúthú agus éifeachtúlachtaí trasteorann níos fearr in earnáil na bpinsean forlíontach trí ghrinnscrúdú maoirseachta feabhsaithe agus athbhreithniú téamach níos leithne. Trí rannpháirtíocht níos mó coigilteoirí pinsin i margaí caipitil a éascú, cuidíonn an pacáiste Pinsean freisin le cuspóirí níos leithne an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta Eorpaigh a bhaint amach maidir le coigilteas teaghlaigh a shlógadh le haghaidh infheistíocht tháirgiúil; feabhas a chur ar dheiseanna cistiúcháin do gheilleagar an Aontais, agus trí airgead ciste pinsin a mhealladh chuig cláir amhail InvestEU agus trí chabhrú le hinstitiúidí airgeadais scála, iomaíochas domhanda agus éagsúlú a bhaint amach. Dá bhrí sin, tacaíonn sé le cumas an Aontais freastal ar a riachtanais infheistíochta fhadtéarmacha, go háirithe i gcomhthéacs an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

Is féidir le forbairt agus fás IORPanna cabhrú le níos mó caipitil fhadtéarmaigh a dhíriú ar mhargaí caipitil an Aontais agus, tríothu sin, ar an ngeilleagar i gcoitinne - ag tráth ina bhfuil géarghá ag geilleagar an Aontais infheistíochtaí a chur in úsáid chun a iomaíochas a neartú. Dá bhrí sin, tá an t-athbhreithniú ar Threoir IORP II i gcomhréir freisin le straitéis níos leithne

---

15 Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaíochtaíagus maoirseacht institiúidí um chóir ar scor ceirde (IORPanna) (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37)

16 Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirge pinsin phearsanta uile-Eorpach (TPPU), lena mbunaítear creat pinsin phearsanta caighdeánaithe deonach ar fud an Aontais (IO L 198, 25.7.2019, lch. 1)

an Choimisiúin maidir le geilleagar an Aontais a athnuachan, mar a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais[17].

Tá an t-athbhreithniú ar Threoir IORP II comhsheasmhach le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, go háirithe Prionsabal 15 de lena ndearbhaítear an 'ceart chun ioncaim seanaoise leordhóthanaigh' agus 'caighdeáin mhaireachtála mhaithe' do dhaoine atá ar scor. Cé gur creat stuamachta agus rialachais go príomha í Treoir IORP II, tá a croí-aidhmeanna—cumas na gcistí ceirde ioncam leordhóthanach a sholáthar a neartú, leasanna na gcomhaltaí agus na dtairbhithe a chosaint, agus trédhearcacht maidir le costais agus filleadh araon a fheabhsú- ríthábhachtach chun pinsin fhorlíontacha inbhuanaithe agus leordhóthanacha a sholáthar.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is iad Airteagail 53, 62 agus 114(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) na bunúis dlí chun Treoir IORP II a leasú. Déantar foráil in Airteagail 53 agus 62 maidir le comhordú forálacha náisiúnta lena rialaítear gabháil le gníomhaíochtaí agus iad a shaothrú mar dhaoine féinfhostaithe agus maidir leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar. Cumasaíonn na forálacha sin bunú agus oibriú trasteorann IORPanna laistigh den mhargadh inmheánach de réir caighdeán comhsheasmhach stuamachta, rialachais agus maoirseachta. Ceadaítear le hAirteagal 114(1) bearta a ghlacadh chun forálacha náisiúnta a chomhfhogasú arb é is cuspóir dóibh bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Tá bac fós ar chumas soláthraithe úsáid a bhaint as an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar mar gheall ar an easpa caighdeánaithe ar tháirgí pinsin cheirde atá ann cheana. Dá bhrí sin, is é is aidhm don togra feabhas a chur ar phríomhghnéithe an chreata le haghaidh IORPanna chun samhail níos comhleanúnaí a chruthú. Tabharfaidh sé sin de chumhacht dá gcomhaltaí agus dá dtairbhithe leas iomlán a bhaint as an margadh inmheánach, rud a thabharfaidh rogha níos mó soláthraithe dóibh, lena n-áirítear i mBallstáit eile de chuid an Aontais. Comhchuibhítear leis an togra príomhghnéithe IORPanna: trédhearcacht fheabhsaithe maidir le costais agus torthaí araon, cleachtais bainistithe riosca agus beartais éifeachtúla infheistíochta.

• Coimhdeacht

De réir phrionsabal na coimhdeachta, ní fhéadfar gníomhaíocht AE a dhéanamh ach amháin mura féidir leis na Ballstáit na haidhmeanna atá beartaithe a bhaint amach ina n-aonar. Bunaíodh Treoir IORP II ar leibhéal an Aontais ó bhí 2019 ann toisc nach féidir ach le gníomhaíocht an Aontais comhchreat rialála a leagan síos le haghaidh IORPanna. I ndáil leis an méid sin, tá an togra seo, amhail Treoir IORP II a bhféachtar lena leasú, i gcomhréir iomlán le prionsabal na coimhdeachta.

• Comhréireacht

Faoi phrionsabal na comhréireachta, níor cheart inneachar agus foirm ghníomhaíocht an Aontais dul thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a bhaint amach.

I bprionsabal, is féidir IORPanna a bheith bunaithe cheana féin i ngach Ballstát, ach níl a n-acmhainneacht iomlán bainte amach acu ó thaobh coigilteas leordhóthanach a dhíriú ar mhargaí caipitil agus rannchuidiú leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta. Tá sé sin

[17] An Compás Iomaíochais – an Coimisiún Eorpach

ábhartha go háirithe i bhfianaise an bhrú dhéimeagrafaigh agus an ghá mhéadaithigh atá le hioncam scoir inbhuanaithe agus leordhóthanach a áirithiú.

Níl scála leordhóthanach bainte amach ag an gcreat a bunaíodh le Treoir IORP II, rud atá ina phríomhchoinníoll chun torthaí fadtéarmacha a fheabhsú do chomhaltaí agus do thairbhithe. Dá bhrí sin, scrúdaíodh roinnt roghanna beartais sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an togra seo.

Ní chomhlíonfaí cuspóirí an Aontais leis an gcás 'gan aon ghníomhaíocht ón Aontas'. Mar sin féin, bheadh comhchuibhiú iomlán na gcóras pinsin ceirde náisiúnta díréireach, i bhfianaise éagsúlacht na margaí náisiúnta agus leibhéil éagsúla forbartha na gcóras pinsin.

Sa chomhthéacs sin, is freagairt chomhréireach é athbhreithniú spriocdhírithe a dhéanamh ar chreat IORP. Comhlánaíonn an cur chuige atá beartaithe na córais náisiúnta atá ann cheana, ach áirithítear leis freisin leibhéal leordhóthanach comhchuibhithe chun torthaí infheistíochta a éascú agus a fheabhsú. Ceapadh na príomhghnéithe - trédhearcacht fheabhsaithe costas agus torthaí, cleachtais láidre threisithe maidir le bainistiú riosca, agus deireadh a chur le bacainní a chuireann bac ar infheistíocht éifeachtúil faoi láthair - chun cosaint leordhóthanach tomhaltóirí a áirithiú gan ualaí rialála nach bhfuil gá leo a fhorchur.

Meastar go leanfaidh ualach riaracháin an togra de bheith teoranta toisc nach ndéanann sé ach gnéithe na rialacha uile-Aontais atá ann cheana maidir le IORPanna a choigeartú. Tá na heintitis sin faoi réir formhaoirseacht rialála cheana féin ag údaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) faoi chreataí earnála atá ann cheana. Bheadh aon oibleagáid tuairiscithe nua comhréireach leis na rioscaí a bhaineann le gníomhaíocht trasteorann atá ag dul i méid agus thacódh siad le faireachán éifeachtach ar an margadh agus le cosaint tomhaltóirí. Ar an iomlán, dhéanfadh an togra na cleachtais atá ann cheana ar fud an Aontais a chuíchóiriú.

- **An rogha ionstraime**

Is leasú ar Threoir IORP II é an togra seo. Dá bhrí sin, is Treoir leasaitheach í an ionstraim a roghnaítear toisc nach féidir aon mhodh malartach - reachtach ná oibríochtúil - a úsáid chun cuspóirí an togra seo a bhaint amach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí spriocdhírithe ón 13 Meitheamh 2025 go dtí an 29 Lúnasa 2025, inar lorgaíodh aiseolas maidir le hathbhreithnithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar Threoir IORP II. Fuarthas 112 aighneacht san iomlán ón gcomhairliúchán ó ghrúpa éagsúil páirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhlachais ghnó, cuideachtaí, eagraíochtaí tomhaltóirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, údaráis phoiblí, agus saoránaigh, a rinne ionadaíocht ar 11 Bhallstát den Aontas agus ar dhá thír nach Ballstáit den Aontas iad. Chuir páirtithe leasmhara in iúl go gcuirfeadh solúbthacht infheistíochta agus éagsúlú, mar aon le rialachas láidir agus trédhearcacht níos fearr, feabhas ar an gcreat atá ann faoi láthair.

Sheol an Coimisiún Glao ar Fhianaise an 23 Meitheamh 2025, le spriocdháta an 21 Iúil 2025, chun barúlacha, tuairimí agus tuairimí ginearálta a bhailiú maidir le feabhas a chur ar an gcreat atá ann cheana le haghaidh pinsin fhorlíontacha agus chun fianaise a chomhroinnt

maidir le dea-chleachtais. Fuarthas 47 n-aighneacht san iomlán sa Ghlao, arb ionann iad agus 35 fhreagra uathúla, ó eagraíochtaí éagsúla, amhail comhlachais ghnó agus fostóirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí tomhaltóirí, agus saoránaigh, ó 12 Bhallstát den Aontas agus ó cheithre thír nach Ballstáit den Aontas iad. Ar an iomlán, d'aontaigh formhór mór na bhfreagróirí go bhfuil gá le feabhas a chur ar phinsin fhorlíontacha chun leas iomlán a bhaint as a n-acmhainneacht chun tairbhe shaoránaigh agus gheilleagar an Aontais.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

An 28 Meán Fómhair 2023, chuir ÚEÁPC comhairle theicniúil ar fáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir IORP II[18]. Mhol sé (i) creat rialála IORP a thabhairt cothrom le dáta chun aghaidh a thabhairt ar an aistriú ó shochar sainithe go pinsin ranníocaíochtaí sainithe agus ar dhúshláin shoch-chomhshaoil; (ii) trédhearcacht costais, inbhuanaitheacht in infheistíochtaí agus rialáil chuí ar scéimeanna sochar sainithe a fheabhsú; agus (iii) feabhas a chur ar bhearta comhréireachta.

An 16 Meitheamh 2025, d'óstáil an Coimisiún fóram páirtithe leasmhara[19] chun iniúchadh a dhéanamh ar threochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le soláthar scoir ar fud an Aontais. Leag an fóram sin béim ar dhea-chleachtais ó na Ballstáit agus réitigh sé an bealach chun straitéisí rathúla a chomhroinnt ar fud an Aontais. Léiríodh sa tseiceáil fírinne scéalta ratha maidir le pinsin an dara colún agus an tríú colún agus fiosraíodh conas is féidir dea-chleachtais a úsáid mar threoracha le haghaidh tuilleadh athchóirithe. Fuarthas aiseolas sa phlé ó na páirtithe leasmhara uile atá gníomhach i soláthar táirgí scoir. D'aontaigh na rannpháirtithe go raibh gá le hathbhreithniú ar Threoir IORP II chun torthaí a fheabhsú do dhaoine atá ar scor.

Chuir ÚEÁPC ionchur teicniúil[20] isteach a d'iarr an Coimisiún chun tacú le pinsin fhorlíontacha a fhorbairt an 5 Meán Fómhair 2025 agus chun feabhas a chur ar chóras na bpinsean forlíontach. Mhol ÚEÁPC (i) maoirseacht níos láidre, (ii) cur chuige níos rioscabhunaithe a úsáid chun deiseanna infheistíochta i sócmhainní malartacha a chothú, agus (iii) soiléiriú ar raon feidhme Threoir IORP II chun leas breise a bhaint as na tairbhí a bhaineann le coigilteas fadtéarmach.

- **Measúnú tionchair**

Tá Doiciméad Inmheánach Oibre ag gabháil leis an togra ina ndearnadh measúnú ar thionchar na leasuithe atá beartaithe.

Sa Doiciméad Inmheánach Oibre, scrúdaítear ceithre rogha le haghaidh na Treorach leasaithí atá beartaithe:

Le **Rogha 1**, choinneofaí creat reatha Threoir IORP II gan leasú agus bheadh sé ag brath ar fhás mall orgánach chun scála agus feabhsuithe a sholáthar le himeacht ama. Cuireadh an rogha sin i leataobh mar gheall ar an ngá atá ann an gníomh um phinsin fhorlíontacha shaoránaigh an Aontais a neartú mar a thuairiscítear thuas.

---

18 Comhairle theicniúil don athbhreithniú ar Threoir IORP II, ÚEÁPC

19 Fóram na bpáirtithe leasmhara & seiceáil réaltachta ar choigilteas scoir

20 Ionchur teicniúil le haghaidh na n-athbhreithnithe ar Threoir IORP II agus ar Rialachán TPPU i gcomhthéacs an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, ÚEÁPC

Shoiléireodh **Rogha 2** prionsabal an duine stuama. Leis an soiléiriú sin, chuirfí chun cinn aistriú i bhfócas bheartais infheistíochta IORPanna ó leithdháiltí sócmhainní coimeádacha simplí lena ndéantar faillí i gcéim toraidh chuspóirí na gcistí pinsin i dtreo straitéisí infheistíochta riosca agus toraidh níos cothroime (i) lena saothraítear luach fadtéarmach do chomhaltaí scéimeanna pinsin trí rioscaí a éagsúlú, lena n-áirítear éagsúlú ar fud aicmí sócmhainní, agus (ii) a threoraítear le rialachas fónta, agus leis an eolas agus leis an gcumas na rioscaí a ghabhtar ar láimh a bhainistiú. Ba cheart a chur i bhfios go láidir, trí scála leordhóthanach a bhaint amach, go bhfeabhsaítear cumas IORPanna éagsúlú éifeachtach a dhéanamh, rioscaí a bhainistiú ar bhealach iomlánaíoch, agus rochtain a fháil ar shraith níos leithne deiseanna infheistíochta, agus caighdeáin fhónta rialachais agus bainistithe riosca á gcoinneáil ar bun an tráth céanna.

Le **Rogha 3**, leasófaí Treoir IORP II chun maoirseacht, caighdeáin rialachais agus trédhearcacht a neartú, agus an tráth céanna bheifí ag brath go príomha ar idirphlé maoirseachta agus ar mhaolú morálta chun feabhsuithe ar scála, ar éifeachtúlacht agus ar cháilíocht na scéime a spreagadh. Faoin gcur chuige sin, baineann ÚINanna úsáid as bearta maoirseachta agus dhéanfadh siad athbhreithnithe téamacha tráthrialta ar phríomhréimsí feidhmíochta amhail torthaí infheistíochta, éifeachtúlacht costais, comhlíonadh innéacsaithe, agus aon chiorrú ar thairbhí. Dhéanfadh na hathbhreithnithe sin measúnú freisin ar ailíniú straitéisí infheistíochta le hoibleagáidí cistí pinsin agus ar inniúlacht iontaobhaithe nó bord a dhéanann maoirseacht ar na scéimeanna. A luaithe is gá teacht ar chomhaontú maidir le pleananna chun easnaimh a leigheas agus gníomhú ina leith, d'fhéadfaí a áireamh sa phróiseas sin - i gcás inar gá - breithniú ar mhodhanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun uas-scálú a dhéanamh. Dhéanfaí rialacha aistrithe a shimpliú chun creat IORP II a dhéanamh níos inrochtana, go háirithe sna Ballstáit ina bhfuil earnáil na bpinsean ceirde fós tearcfhorbartha.

Sa bhreis ar an maolú morálta, chuirfeadh an rogha seo príomhghnéithe mholtaí teicniúla ÚEÁPC chun feidhme agus é mar aidhm léi cleachtais infheistíochta, trédhearcacht agus rialachas a fheabhsú de réir a chéile ar fud scéimeanna pinsin fhorlíontaigh. Dhíreofaí ar chreataí bainistithe riosca a neartú, ar nochtadh costas agus torthaí a fheabhsú, agus ar thacaíocht a thabhairt do straitéisí infheistíochta níos inbhuanaithe agus níos cothroime. Leis an athchóiriú, d'fhéachfaí freisin le haghaidh a thabhairt ar bhacainní struchtúracha a chuireann teorainn le héifeachtúlacht agus le scála, amhail ilroinnt, comhar teoranta idir scéimeanna, agus acmhainneacht mhaoirseachta mhíchothrom. Ní dhéanfadh na bearta sin an córas a athrú ó bhonn sa ghearrthéarma, ach chuirfeadh siad feabhas de réir a chéile ar fheidhmíocht, ar inbhuanaitheacht agus ar éifeachtúlacht IORPanna. Le himeacht ama, thacódh an creat le hoibríocht trasteorann níos éifeachtaí, le torthaí infheistíochta níos fearr agus le leibhéal níos airde cosanta do chomhaltaí agus do thairbhithe.

Choinneofaí le **Rogha 4** gach gné de Rogha 3, lena n-áirítear athbhreithnithe téamacha, moltaí, cleachtais mhaoirseachta fheabhsaithe, agus cur chun feidhme fhormhór na moltaí ó ÚEÁPC. Mar sin féin, rachadh sé níos faide trí cheanglais rialála cheangailteacha agus idirghabhálacha maoirseachta sonracha a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar neamhéifeachtúlachtaí struchtúracha leanúnacha. Príomhbheart amháin a bheadh ann ná íos-scála éifeachtúil sainordaitheach a bhunú le haghaidh IORPanna. D'fhéadfaí a áireamh leis sin teimpléid a sholáthar chun scéimeanna a fhoirceannadh nó a chumasc i gcásanna nach mbaintear amach an t-íos-scála éifeachtúlachta agus an fheidhmíocht. D'fhéadfadh ceapadh sainordaitheach iontaobhaithe scéime a bheith i gceist leis freisin mura líontar folúntais atá ann cheana go pras nó mura bhfuil na scileanna is gá ag sealbhóirí oifige reatha chun straitéis

punainne infheistíochta a bhainistiú go héifeachtach. Mar sin féin, cuireann an cur chuige sin éilimh mhóra ar chumais mhaoirseachta agus d'fhéadfadh sé maoirseoirí a nochtadh do rioscaí dliteanais má iarrann soláthraithe pinsin athbhreithniú breithiúnach. Ina theannta sin, bheadh am agus acmhainní móra ag teastáil chun íos-scála éifeachtúil sainordaitheach a bhunú le haghaidh IORPanna, agus d'fhéadfadh an scála is fearr a bheith éagsúil fós ó IORP amháin go ceann eile. Bheadh beart den sórt sin contrártha freisin le cur chuige atá faoi thionchar an mhargaidh trí shainordú a thabhairt do chomhdhlúthú 'ón mbarr anuas' nach bhfuil comhoiriúnach le struchtúir rialachais reatha IORP[21].

Is í Rogha 3 an rogha a roghnaíodh.

- **Cearta bunúsacha**

Sa togra seo urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun maoine, an tsaoirse chun gnó a dhéanamh agus prionsabal an chomhionannais idir fir agus mná. Tacaíonn sé le cuspóirí Airteagal 38 den Chairt ina bhforáiltear maidir le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht ábhartha ag an togra do bhuiséad an Aontais. Ba cheart ÚEÁPC a bheith in ann freastal ar na cúraimí breise comhordúcháin agus cóineasaithe maoirseachta, lena n-áirítear ardáin chomhair a bhunú, laistigh de na hacmhainní atá aige cheana.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cheanglófaí ar na Ballstáit an Treoir a thrasuí laistigh de bhliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm na leasuithe ar Threoir IORP II. Ina dhiaidh sin, chuirfeadh na Ballstáit téacsanna de phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a glacadh in iúl don Choimisiún.

- **Doiciméid mhíniúcháin**

Dhéanfadh an Treoir atá beartaithe leasuithe sonracha ar Threoir atá ann cheana. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit téacs na leasuithe comhfhreagracha ar a bhforálacha náisiúnta a chur in iúl don Choimisiún nó, má mheasann siad nach gá aon leasú den sórt sin, a mhíniú cé na forálacha sonracha den dlí náisiúnta a chuireann na leasuithe a leagtar amach sa togra chun feidhme cheana féin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leasaítear Treoir (AE) 2016/2341 le hAirteagal 1 den togra. Is iad seo a leanas na forálacha sonracha a leasaítear:

– Le hAirteagal 4 ceadaítear do na Ballstáit Treoir (AE) 2016/2341 a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí cistithe a sholáthraíonn sochair scoir nach gcumhdaítear ar shlí eile le reachtaíocht stuamachta an Aontais.

[21] Fiú dá bhféadfaí cur chuige 'ón mbarr anuas' den sórt sin a ghlacadh, d'fhéadfadh an comhdhlúthú sainordaitheach a bheith fós faoi réir fhormheas an údaráis iomaíochta náisiúnta nach mbeadh a chinneadh faoi cheangal ag rialacha an togra seo.

– Ceanglaítear le hAirteagal 9 go rachaidh IORPanna faoi nós imeachta údaraithe ag an údarás inniúil, lena n-áireofar measúnú stuamachta agus ullmhú plean gnó.

– Áirithítear le hAirteagal 9a go gceadaítear do IORPanna scéimeanna pinsin éagsúla a oibriú, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil beartais infheistíochta éagsúla acu, agus glacadh le hurraíocht ó ghnóthais urraíochta iomadúla laistigh den scéim pinsin chéanna.

– Le hAirteagail 11 agus 11a déantar na nósanna imeachta trasteorann le haghaidh IORPanna a chuíchóiriú trí amlínte níos soiléire, comhordú feabhsaithe idir údaráis inniúla, chomh maith le próiseas simplithe um fhógra a thabhairt chun gníomhaíochtaí trasteorann atá ann cheana laistigh den Bhallstát óstach céanna a leathnú.

– Le hAirteagal 12 simplítear na rialacha lena rialaítear aistrithe scéimeanna pinsin, lena laghdaítear bacainní míchuí ar chomhdhlúthú agus ar scála agus lena n-áirithítear cosaint leordhóthanach do chomhaltaí agus do thairbhithe ag an am céanna.

– Foráiltear in Airteagal 14 go mbeidh sé de chumhacht ag údaráis inniúla tearcmhaoiniú a cheadú ar feadh tréimhse theoranta, arna cinneadh faoin dlí náisiúnta, nár cheart a bheith níos faide ná deich mbliana in aon chás, agus lena mbaintear ceanglais bhreise le haghaidh IORPanna trasteorann.

– Le hAirteagal 17 tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun líon agus luachanna céatadáin an chorrlaigh sócmhainneachta is gá a leasú chun oiriúnú d'fhorbairtí sa mhargadh.

– Ceanglaítear le hAirteagal 18a ar IORPanna nach bhfuil faoi réir ceanglais cistí dílse rialála rioscabhunaithe agus a fhrithgheallann rioscaí bithmhéadracha nó a sholáthraíonn ráthaíochtaí tástáil struis a dhéanamh gach trí bliana ar a laghad, agus measúnú á dhéanamh ar a gcumas oibleagáidí a chomhlíonadh i gcásanna díobhálacha margaidh agus déimeagrafacha. Féadfaidh na húdaráis inniúla tástáil níos minice a éileamh i gcás ina sainaithnítear leochaileachtaí. Sonraítear san fhoráil cásanna struis caighdeánacha agus ceadaítear do na Ballstáit tréimhsí réamh-mheastacháin níos faide nó toimhdí níos déine a fhorchur. Foráiltear leis an airteagal freisin, i gcás ina léiríonn torthaí tástála struis sócmhainní neamhleora nó corrlaigh sócmhainneachta atá ar fáil, go gcuirfidh IORPanna plean cóineasaithe isteach ina leagfar amach bearta ceartaitheacha. I ndeireadh na dála, féadfaidh údaráis inniúla corrlaigh sócmhainneachta níos airde a éileamh mura bhfuil an plean inchreidte nó mura gcuirtear isteach é.

– Le hAirteagal 19 tugtar isteach prionsabal 'an duine stuama' atá bunaithe níos mó ar phrionsabail agus cuirtear srian leis an gcumas rialacha níos mionsonraithe a leagan amach do scéimeanna ina n-iompraíonn comhaltaí agus tairbhithe an riosca infheistíochta, gan aon deis a bheith ann srian a chur leis na cineálacha sócmhainní ina bhféadfaidh IORP infheistíocht a dhéanamh. Ní chuireann sé sin isteach ar an bhféidearthacht go n-éileodh údaráis inniúla srianta i gcás ina n-iompraíonn na comhaltaí agus na tairbhithe rioscaí agus fad nach ionann na srianta sin agus toirmisc bhána.

– Foráiltear le hAirteagal 21 nach mór sásra éifeachtach a bheith sa chóras rialachais chun coinbhleachtaí leasa a bhainistiú agus nach mór feidhm chomhlíonta a bheith san áireamh ann.

– Le hAirteagal 22 neartaítear na ceanglais chuí chóra. Leanfaidh cáilíochtaí, eolas agus taithí chomhaltaí an chomhlachta riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta de bheith leordhóthanach i dteannta a chéile chun a chur ar a gcumas a ndualgais a chomhlíonadh go héifeachtach. Os a choinne sin, treisítear na ceanglais do na daoine a reáchtálann an IORP

go héifeachtach, a chomhlíonfaidh na caighdeáin riachtanacha oiriúnachta agus cuibhis ina n-aonar.

– Foráiltear le hAirteagal 26 go dtuairisceofar torthaí agus moltaí an iniúchta inmheánaigh don chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta, a chinnfidh na gníomhaíochtaí iomchuí a bheidh le déanamh i ndáil le gach toradh agus moladh agus áiritheoidh sé go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach iad.

– Áirithítear le hAirteagal 28 go mbunóidh IORPanna beartas i scríbhinn le haghaidh féinmheasúnú riosca ina mbeidh na próisis agus na nósanna imeachta chun an measúnú a dhéanamh, minicíocht an mheasúnaithe agus na modhanna.

– Ceanglaítear le hAirteagal 30 go leagfar amach go soiléir sa ráiteas faoi phrionsabail an bheartais infheistíochta cuspóirí infheistíochta atá comhsheasmhach le spriocanna ioncaim scoir gach scéime agus go saineofar lamháltais le haghaidh dialltaí ó na cuspóirí leithdháilte sócmhainní agus feidhmíochta, i gcomhréir le Croíphrionsabail ECFE maidir le Rialáil Pinsin Phríobháidigh agus lena Threoirlínte Cur Chun Feidhme.

– Áirithítear le hAirteagal 33, i gcás scéim pinsin ina n-iompraíonn comhaltaí agus tairbhithe an riosca infheistíochta go hiomlán, go n-athneartaítear cumhdach sócmhainní agus dualgais formhaoirseachta.

– Treisíonn Airteagail 36 go 44 an fhaisnéis do chomhaltaí agus do thairbhithe le linn chéim an charntha agus le linn chéim an dícharntha. Go háirithe, ceanglaítear le hAirteagal 37a ar IORPanna faisnéis ábhartha a chomhroinnt le córais rianaithe pinsean chun trédhearcacht a fheabhsú agus chun feasacht na gcomhaltaí agus na dtairbhithe ar a dteidlíochtaí a éascú.

– Tugtar isteach le hAirteagal 44a dualgas sainráite cúraim do IORPanna, lena gceanglaítear orthu gníomhú ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil ar mhaithe le leas na gcomhaltaí agus na dtairbhithe.

– Le hAirteagail 44c agus 44d ceanglaítear ar IORPanna nósanna imeachta éifeachtacha um láimhseáil gearán a bhunú agus ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh comhlachtaí um réiteach díospóidí atá leordhóthanach, neamhspleách agus neamhchlaonta ar fáil, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann.

– Le hAirteagail 45 go 51 neartaítear maoirseacht agus feabhsaítear cumhachtaí na n-údarás inniúil. Go háirithe, tugtar isteach le hAirteagal 49a idirphlé maoirseachta tráthrialta arb é is aidhm dó machnamh straitéiseach a spreagadh maidir le leordhóthanacht, éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach IORP.

– Aithnítear in Airteagail 6, 7, 13, 16, 36, 47, 50 agus 51 go bhfuil cead ag IORPanna i roinnt Ballstát táirgí pinsin phearsanta a sholáthar, lena n-áirítear an Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU), agus áirithítear leo go léirítear leis an gcreat stuamachta an fhéidearthacht sin chun comhleanúnachas, eagrú fónta agus maoirseacht éifeachtach a chur chun cinn ar fud gach cineál soláthair scoir.

– Leasaítear Airteagail 19, 21, 23 go 26, 28, 47 agus 49 ionas go gcuirtear ‘cineál, scála agus castacht’ in ionad tagairtí do ‘méid, cineál, scála agus castacht’, ós rud é nach critéar iomchuí é ‘méid’ le haghaidh IORPanna, ar cheart a gceanglais stuamachta agus rialachais a bpróifíl riosca a léiriú seachas a ndearbhmhéid, i gcomhréir le prionsabal na maoirseachta rioscabhunaithe.

Modhnaítear forálacha eile le haghaidh nuashonruithe agus réitigh.

Leasaítear Treoir (AE) 2016/97 le hAirteagal 2 den togra. Áirithítear leis go mbeidh rochtain, ar a laghad, ag comhaltaí agus tairbhithe socruithe pinsin ceirde arna n-oibriú ag gnóthais árachais ar an bhfaisnéis chéanna le comhaltaí agus tairbhithe agus atá acu i gcás socruithe arna n-oibriú ag IORPanna, agus go mbeidh bunús dlí iomchuí ag gnóthais árachais agus ag idirghabhálaithe árachais chun faisnéis a roinnt le córais rianaithe pinsean.

Le hAirteagal 3 den togra tugtar isteach socruithe marthanachta, ionas nach gá do IORPanna arna gclárú nó arna n-údarú faoi Threoir (AE) 2016/2341 roimh an athrú ar na rialacha údarúcháin údarú nua a lorg.

2025/0362 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoracha (AE) 2016/2341 agus 2016/97 a mhéid a bhaineann leis an gcreat um sholáthar pinsean ceirde a neartú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53, Airteagal 62 agus Airteagal 114(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I bhfianaise aosú dhaonra an Aontais Eorpaigh agus an chóimheasa spleáchais atá ag dul i méid, tá sé fíor-riachtanach foinsí comhlántacha ioncaim scoir a neartú chun dlúthpháirtíocht idirghlúine, comhtháthú sóisialta agus cobhsaíocht fhadtéarmach na gcóras pinsean ar fud an Aontais a chaomhnú.

(2) Cé gur inniúlacht náisiúnta i gcónaí é eagrú na gcóras pinsean, is ábhar leasa choitinn iad leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht airgeadais na bpinsean maidir le cobhsaíocht agus comhtháthú an Aontais. Trína áirithiú go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar tháirgí pinsin phearsanta dea-cheaptha, rannchuidítear le slándáil airgeadais aonair agus le hathléimneacht gheilleagar an Aontais araon.

(3) D’ainneoin iad a bheith i measc na gcoigilteoirí is airde ar domhan, tá sciar mór dá rachmas airgeadais fós ag teaghlaigh an Aontais i dtaiscí bainc gearrthéarmacha a bhfuil torthaí teoranta acu. Trí tháirgí tarraingteacha pinsin cheirde agus phearsanta a fhorbairt, is féidir cuidiú leis an gcoigilteas sin a shlógadh le haghaidh infheistíocht fhadtéarmach, torthaí níos airde a ghiniúint do choigilteoirí agus caipiteal a dhíriú i dtreo úsáidí táirgiúla a thacaíonn leis an bhfás, leis an nuálaíocht agus leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

(4) Tá rialáil agus maoirseacht iomchuí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta tábhachtach i gcónaí chun soláthar scoir ceirde atá sábháilte agus slán a fhorbairt ar fud na mBallstát uile. Le Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa

---

1 IO C , , lch. .

2 Seasamh Pharlaimint na hEorpa an … agus cinneadh ón gComhairle an …

agus ón gComhairle,[3] rannchuidíodh le creat stuamachta níos comhchuibhithe le haghaidh institiúidí um sholáthar pinsean ceirde (IORPanna). Mar sin féin, tá earnáil na bpinsean forlíontach fós tearcfhorbartha i roinnt mhaith Ballstát, rud a d'fhéadfadh slándáil airgeadais na saoránach a chur i mbaol, go háirithe i bhfianaise treochtaí déimeagrafacha leanúnacha laistigh den Aontas. Mar chuid de chórais phinsin ilcholúin láidre, a forbraíodh in idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta, tá sé ríthábhachtach tacú le glacadh breise pinsean forlíontach amhail IORPanna agus cuidiú le torthaí níos fearr a bhaint amach do choigilteoirí fadtéarmacha. Chuige sin, tá gá le gníomhaíocht bheartais ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon.

(5) Is é is aidhm don Aontas Coigiltis agus Infheistíochta a d'fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht an 19 Márta 2015[4] cur ar chumas na saoránach coigilteas agus infheistíocht a dhéanamh dá dtodhchaí, infheistíochtaí a dhíriú i dtreo thosaíochtaí an Aontais, comhtháthú agus scála i margaí caipitil an Aontais a dhoimhniú, agus maoirseacht éifeachtach ar fud an mhargaidh aonair a áirithiú. I measc na gceithre shnáithe sin, tá sé i gcroílár uaillmhian an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta cabhrú le saoránaigh airgead a shábháil agus infheistíocht a dhéanamh dá dtodhchaí. Ceann de na bealaí is nithiúla inar féidir leis an Aontas difear a dhéanamh i saol na ndaoine is ea a áirithiú gur féidir le saoránaigh an Aontais ioncam leordhóthanach scoir a thógáil. Cuimsíonn an obair ar phinsin fhorlíontacha, agus go háirithe ar phinsin cheirde, an cur chuige seo atá dírithe ar an saoránach.

(6) Agus tuairim is trí thrilliún euro i sócmhainní faoi bhainistíocht acu, tá ról ríthábhachtach ag institiúidí um sholáthar pinsean ceirde ('IORPanna') i gcóras airgeadais an Aontais ach is gnách nach mbíonn siad chomh gníomhach céanna i margaí liostaithe cothromais, cothromais phríobháidigh, caipitil fiontair agus bonneagair. Ar choinníoll go ndéantar infheistíochtaí i gcothromas agus in aicmí sócmhainní malartacha a bhainistiú go stuama, is féidir le hinfheistíochtaí den sórt sin a bheith ina gcuid luachmhar dá bpunanna, lena dtairgtear éagsúlú, torthaí fadtéarmacha níos airde do choigilteoirí pinsin agus cosaint ar bhoilsciú, agus cistiú ríthábhachtach á sholáthar don fhíorgheilleagar ag an am céanna. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú nach mbeidh aon bhacainn rialála mhíchuí ar infheistíochtaí den sórt sin.

(7) Leis an athbhreithniú ar Threoir (AE) 2016/2341, cuirtear le comhairle theicniúil 2023 an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) maidir leis an athbhreithniú ar Threoir IORP II[5] agus ar a 'ionchur teicniúil ar an athbhreithniú ar Threoir IORP II agus ar an Rialachán TPPU i gcomhthéacs an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta' in 2025[6]. Cuirtear san áireamh ann freisin torthaí agus moltaí a fuarthas le déanaí ó Thuarascáil Speisialta 14/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le pinsin fhorlíontacha a fhorbairt san Aontas[7], chomh maith le Croíphrionsabail ECFE

---

3 Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaí agus maoirseacht institiúidí um chóir ar scor ceirde (IORPanna) (athmhúnlú) (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/2341/oj).

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 19 Márta 2025, COM(2025) 124 final.

5 Féach comhairle theicniúil ÚEÁPC maidir leis an athbhreithniú ar Threoir IORP II

6 Féach ionchur teicniúil ÚEÁPC le haghaidh na n-athbhreithnithe ar Threoir IORP II agus ar Rialachán TPPU i gcomhthéacs an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta.

7 Féach Tuarascáil Speisialta 14/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

maidir le Rialáil Pinsean Príobháideach[8], ina leagtar amach caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta maidir le rialachas, trédhearcacht agus maoirseacht pinsean ceirde.

(8) Is minic gur réamhriachtanas é scála leordhóthanach a bhaint amach chun go bhfeidhmeoidh IORPanna go héifeachtúil agus go hinbhuanaithe. D'fhéadfadh costais riaracháin agus infheistíochta níos airde, éagsúlú teoranta, agus deacrachtaí maidir leis an saineolas gairmiúil is gá a mhealladh nó a choinneáil a bheith i ndán do IORPanna níos lú. Is féidir le scála níos mó cuidiú leis na srianta sin a mhaolú trí fheabhas a chur ar chomhthiomsú riosca, ar acmhainneacht rialachais, agus ar rochtain ar raon níos leithne deiseanna infheistíochta, rud a chuirfidh le torthaí níos cobhsaí agus níos costéifeachtaí do chomhaltaí agus do thairbhithe.

(9) Mar sin féin, ní raibh Treoir (AE) 2016/2341 éifeachtach go leor chun barainneachtaí scála a chothú, rud a d'fhág gur minic a bhíonn soláthraithe pinsin róbheag chun tairbhe a bhaint as éagsúlú nó gnóthachain éifeachtúlachta, agus dá bhrí sin go nochtar comhaltaí agus tairbhithe do chostais níos airde agus do ghlantorthaí níos ísle. Is gá, dá bhrí sin, barainneachtaí scála den sórt sin a éascú.

(10) Ba cheart feidhm a bheith ag Treoir (AE) 2016/2341 maidir le gach IORPanna, ach amháin má tá siad eisiata go sainráite de bhun Airteagal 2(2). Ba cheart go léireofaí i gcur i bhfeidhm na Treorach sin na cuspóirí a shaothraítear leis an Treoir sin agus éagsúlacht na socruithe laistigh de na Ballstáit, agus ba cheart í a chur chun feidhme ar bhealach lena n-aithnítear raon iomlán an tsoláthair pinsean ceirde atá ann cheana.

(11) I roinnt Ballstát, foráiltear leis an dlí náisiúnta go bhfuil IORPanna, d'ainneoin pearsantacht dhlítheanach a bheith acu, le hoibriú ag eintitis údaraithe atá freagrach as gníomhú thar a gceann. Is iomchuí, dá bhrí sin, go dtagraítear go sainráite in Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2016/2341 ní hamháin do chásanna nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach ag IORPanna iontu, ar cheart iad a chumhdach i gcónaí, ach freisin do na cásanna sin ina bhfuil pearsantacht dhlítheanach ag IORPanna go fóill, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, atá le hoibriú ag na heintitis údaraithe sin.

(12) I mBallstáit áirithe, féadfar freagracht as oibriú IORP a roinnt idir an IORP féin agus an t-eintiteas údaraithe atá ag gníomhú thar a cheann, agus gach ceann acu ag comhlíonadh feidhmeanna atá sainiúil ach comhlántach. Ba cheart cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/2341 a bheith comhleanúnach leis an leithdháileadh freagrachtaí sin faoin dlí náisiúnta agus ba cheart a áirithiú leis go mbeidh na daoine uile atá freagrach go hiomlán faoi réir a ceanglas, gan beann ar fhoirm dhlíthiúil an IORP. Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir an cás sin, áfach, agus seachfhoinsiú dá dtagraítear in Airteagal 31 den Treoir sin, ós rud é go n-eascraíonn feidhmiú comhroinnte na bhfreagrachtaí sna cásanna sin as struchtúr institiúideach IORP mar a shainmhínítear faoin dlí náisiúnta agus ní as seachfhoinsiú conarthach feidhmeanna. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go bhfuil sócmhainní IORPanna scartha go dlíthiúil ó shócmhainní na n-eintiteas údaraithe a oibríonn iad.

(13) Ba cheart an cinneadh maidir le cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn institiúid mar IORP a bheith ag brath ar na gníomhaíochtaí a dhéantar, gan beann ar a foirm dhlíthiúil ná ar a hainmniú faoin dlí náisiúnta. I roinnt Ballstát, soláthraíonn institiúidí cistithe soláthar scoir a bhaineann le fostaíocht a eisiatar ó raon feidhme Threoir (AE) 2016/2341 de bhun Airteagal 2(2) di, nó nach gcumhdaítear ar shlí eile leis an

[8] Féach Croíphrionsabail ECFE maidir le Rialáil Pinsean Príobháideach

Treoir sin gan a bheith faoi réir aon reachtaíocht stuamachta eile de chuid an Aontais. Cumhdaítear cuid de na hinstitiúidí sin cheana féin le Rialachán (AE) 2018/231 ón mBanc Ceannais Eorpach[9] maidir le ceanglais tuairiscithe staidrimh le haghaidh cistí pinsin, rud a léiríonn a dtábhacht eacnamaíoch agus an gá atá le faisnéis chuimsitheach chomhsheasmhach ar fud gach cineáil institiúide pinsin. I dteannta a chéile, tá sócmhainní an-substaintiúil ag institiúidí den sórt sin a eisiatar ó raon feidhme Threoir (AE) 2016/2341 agus is cuid thábhachtach iad den tírdhreach scoir foriomlán a bhaineann le fostaíocht in éineacht le IORPanna. I bhfianaise a scála agus a n-ábharthachta maidir le cobhsaíocht airgeadais agus leordhóthanacht pinsean, tá sé tábhachtach do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na hinstitiúidí uile a bhainistíonn coigiltis scoir, bídís ina gcoigilteas ceirde nó ina gcoigilteas pearsanta, faoi réir rialachas fónta, maoirseacht éifeachtach agus ceanglais stuamachta atá i gcomhréir le cineál agus méid na rioscaí a bhaineann leo. I bhfianaise an chreata láidir dá bhforáiltear le Treoir (AE) 2016/2341 agus chun comhsheasmhacht i gcleachtais mhaoirseachta a chur chun cinn, cothrom iomaíochta agus ardchaighdeáin rialachais agus bainistithe riosca a áirithiú ar fud gach cineál soláthair scoir, agus urraim á tabhairt d'éagsúlacht na gcóras pinsin náisiúnta agus na socruithe institiúideacha atá ann cheana, ba cheart an rogha a bheith ag na Ballstáit an Treoir sin a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí a eisiatar óna raon feidhme ar shlí eile agus nach gcumhdaítear le haon chreat stuamachta eile de chuid an Aontais. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcás ina mbraitheann leibhéal na sochar a thairgtear do chomhaltaí agus do thairbhithe ar fheidhmíocht na hinstitiúide maidir le sócmhainní a bhainistiú agus nach ráthaíonn údarás poiblí é. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus don Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde maidir leis an úsáid a bhaineann siad as an rogha sin.

(14) I roinnt Ballstát, féadfar cead a thabhairt do IORPanna táirgí pinsin phearsanta a sholáthar freisin, lena n-áirítear an Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach, mar a léirítear i Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10]. Chun a áirithiú go ndéanfar na gníomhaíochtaí sin a eagrú ar bhealach soiléir fónta, agus go ndéanfar maoirseacht chomhleanúnach éifeachtach ar fud cineálacha éagsúla soláthair scoir, is iomchuí, dá bhrí sin, é sin a léiriú laistigh de Threoir (AE) 2016/2341.

(15) D'fhéadfadh eagrú an tsoláthair pinsean ceirde tairbhe a bhaint as níos mó solúbthachta maidir leis an gcaoi a ndéanann IORPanna scéimeanna pinsin agus socruithe urraíochta a struchtúrú agus a bhainistiú. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gceadaítear do IORPanna scéimeanna pinsin éagsúla a oibriú, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil beartais infheistíochta ar leith acu, agus glacadh le hurraíocht ó ghnóthais urraíochta iomadúla, lena n-áirítear laistigh den scéim pinsin chéanna. Is féidir leis an tsolúbthacht sin baint amach scála níos mó a éascú, agus ar an gcaoi sin éifeachtúlacht costais, éagsúlú riosca agus acmhainneacht rialachais a fheabhsú, chun tairbhe na gcomhaltaí agus na dtairbhithe.

---

9 Rialachán (AE) 2018/231 ón mBanc Ceannais Eorpach an 26 Eanáir 2018 maidir le ceanglais tuairiscithe staidrimh le haghaidh cistí pinsin (BCE/2018/2) (IO L 45, 17.2.2018, lch. 3, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2018/231/oj).

10 Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU) (IO L 198, 25.7.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1238/oj).

(16) Le Treoir (AE) 2016/2341, déantar idirdhealú idir údarú agus clárú IORPanna ach ní shainmhínítear ceachtar den dá choincheap, agus ceanglaítear ar na Ballstáit clár náisiúnta IORPanna a choinneáil. Mar thoradh air sin, tá cleachtais mhaoirseachta éagsúla ann, lena n-áirítear cásanna nach ndéanann údaráis inniúla measúnú stuamachta *ex ante*, nó, i gcásanna áirithe, cásanna nach ndéantar aon mheasúnú stuamachta ar chor ar bith. In éagmais measúnú stuamachta mar chuid den phróiseas clárúcháin nó údaraithe, d'fhéadfaí an bonn a bhaint d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus de chosaint chearta na gcomhaltaí agus na dtairbhithe. Chun arbatráiste rialála a sheachaint agus leasanna coigilteoirí pinsin a chosaint, ba cheart gach IORPanna a bheith faoi réir nós imeachta údaraithe lena n-áirítear measúnú stuamachta iomchuí arna dhéanamh ag an údarás inniúil. I gcomhréir le comhairle theicniúil ÚEÁPC maidir leis an athbhreithniú ar Threoir IORP II agus le Treoirlínte Cur Chun Feidhme Mholadh ECFE maidir le Croíphrionsabail an Rialacháin maidir le Pinsin Phríobháideacha, ba cheart don phróiseas údaraithe a cheangal ar IORPanna freisin plean gnó a bhunú agus a choinneáil ar bun le haghaidh na ngníomhaíochtaí uile atá beartaithe.

(17) Chun soláthar pinsean ceirde éifeachtach agus inoiriúnaithe a fheabhsú, chomh maith le barainneachtaí scála, ba cheart cead a bheith ag IORPanna roinnt scéimeanna pinsin a oibriú, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil cineálacha cur chuige infheistíochta ar leith acu, agus glacadh le hurraíocht ó roinnt gnóthas laistigh den scéim chéanna, agus bainistiú cuí agus cosaint comhaltaí agus tairbhithe á n-áirithiú ag an am céanna.

(18) Is léir ón taithí a fuarthas ar fheidhmiú Threoir (AE) 2016/2341 go bhféadfadh moilleanna agus neamhréireachtaí ar fud na mBallstát a bheith mar thoradh ar na nósanna imeachta lena rialaítear údarú agus maoirseacht IORPanna, go háirithe i gcomhthéacs gníomhaíochtaí trasteorann, rud a d'fhéadfadh IORPanna a dhíspreagadh óna ngníomhaíochtaí trasteorann a dhéanamh nó a leathnú. Chun feidhmiú agus maoirseacht ghníomhaíochtaí trasteorann IORPanna a fheabhsú, ba cheart, dá bhrí sin, na céimeanna nós imeachta maidir le húdarú agus gníomhaíochtaí trasteorann a mhionsaothrú agus a chuíchóiriú. Ba cheart na hamlínte a dhéanamh níos soiléire agus ba cheart malartuithe faisnéise idir na húdaráis inniúla bhaile agus óstacha a dhéanamh níos tapúla, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí comhordú níos dlúithe a dhéanamh lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí rannpháirtíocht an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde ('ÚEÁPC').

(19) Tá ualach gan ghá ag baint le nósanna imeachta trasteorann tosaigh iomlána a fhorchur ar IORP atá i mbun gníomhaíochtaí trasteorann i mBallstát óstach i gcás inar mian le IORP den sórt sin na gníomhaíochtaí sin a leathnú chuig gnóthais nó scéimeanna urraíochta breise sa Bhallstát óstach céanna. D'fhéadfadh dúbailt nósanna imeachta, costais riaracháin mhéadaithe agus moilleanna a bheith mar thoradh ar chur chuige den sórt sin, gan feabhas a chur ar chosaint na gcomhaltaí agus na dtairbhithe. Chun maoirseacht chomhréireach agus éifeachtúil a éascú agus chun comhar éifeachtach a áirithiú idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus óstach, ba cheart síntí den sórt sin a chur faoi réir nós imeachta simplithe um fhógra a thabhairt a bheidh le cur i gcrích laistigh de mhí amháin. Áirithítear leis an amlíne sin gur féidir leis na húdaráis inniúla an comhordú agus an mhaoirseacht is gá a dhéanamh gan moilleanna ná ualaí míchuí a chruthú do IORPanna.

(20) Tá ról lárnach ag na rialacha lena rialaítear aistrithe comhchoiteanna dliteanas, forálacha teicniúla agus oibleagáidí agus cearta eile uile scéime pinsin, nó cuid díobh, maidir le tacú le comhdhlúthú agus le baint amach scála i soláthar pinsean ceirde. I

gcás ina bhfuil na rialacha sin ródhian, cruthaíonn siad bacainní míchuí ar scála a bhaint amach agus ar chomhdhlúthú a éascú, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna fadtéarmacha coigilteoirí. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach gur féidir le comhaltaí agus tairbhithe, nó a n-ionadaithe, a dtuairimí a chur in iúl go héifeachtach maidir le haistrithe trasteorann atá beartaithe. Chun aistrithe den sórt sin a éascú, is iomchuí, dá bhrí sin, rialacha infheidhme an Aontais a shoiléiriú agus a shimpliú, á áirithiú go leanfaidh na nósanna imeachta de bheith trédhearcach, comhréireach agus comhsheasmhach le cosaint na gcomhaltaí agus na dtairbhithe, agus éifeachtúlacht agus comhtháthú níos fearr sa mhargadh inmheánach á gcumasú ag an am céanna. Ba cheart a áireamh leis sin forálacha maidir le fógra tráthúil, formheas ón ngnóthas urraíochta i gcás inarb infheidhme, agus an fhéidearthacht do chomhaltaí agus do thairbhithe freasúra a chur in iúl go foirmiúil.

(21) I gcás aistrithe comhchoiteanna intíre ó IORP amháin go ceann eile, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta simplí, trédhearcacha agus éifeachtúla ó thaobh oibríochta de i bhfeidhm chun comhdhlúthú agus athstruchtúrú scéimeanna pinsin laistigh dá gcríocha a chumasú. Ba cheart do nósanna imeachta den sórt sin gnóthú scála agus cost-éifeachtúlachta a éascú agus níor cheart dóibh a bheith níos sriantaí ná na nósanna imeachta is infheidhme maidir le haistrithe trasteorann.

(22) Tá an rogha ag na Ballstáit tearcmhaoiniú sealadach scéimeanna pinsin ceirde a cheadú. Tá an rogha sin curtha chun feidhme ag Ballstáit éagsúla ar bhealaí éagsúla, agus roghnaigh Ballstáit eile gan í a úsáid, rud a fhágann go bhfuil neamhréireachtaí ann a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chosaint na gcomhaltaí agus na dtairbhithe. Cé go bhfuil sé tábhachtach tearcmhaoiniú a chosc, d'fhéadfadh toirmeasc iomlán, i gcásanna áirithe, iallach a chur ar laghduithe tobanna ar ghealltanais phinsin, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chomhaltaí agus do thairbhithe. Chun cur chuige cothrom comhréireach agus cosaint leordhóthanach comhaltaí agus tairbhithe a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit tearcmhaoiniú sealadach a cheadú ar feadh tréimhse theoranta, arna cinneadh leis an dlí náisiúnta, ar tréimhse í nár cheart a bheith níos faide ná deich mbliana i gcás ar bith.

(23) Eascraíonn paraiméadair theicniúla áirithe i dTreoir (AE) 2016/2341 as Treoir 79/267/CEE[11] ón gComhairle, an chéad Treoir um Árachas Saoil, agus níor tháinig aon athrú orthu ó tugadh isteach iad. Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh go bhféadfaí iad a choigeartú trí ghníomhartha tarmligthe, má mheastar gur gá sin chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith iomchuí i bhfianaise forbairtí sa mhargadh agus cleachtais mhaoirseachta.

(24) Le Treoir (AE) 2016/2341, ceanglaítear ar IORPanna corrlach sócmhainneachta leordhóthanach atá ar fáil a shealbhú. Ní chuimsítear go hiomlán leis an gcorrlach sócmhainneachta sin neamhchosaintí ar rioscaí margaidh agus fadsaolaí, lena n-áirítear i gcás ina bhfrithgheallann an IORP riosca bithmhéadrach nó ina ráthaíonn sé feidhmíocht infheistíochta ar leith nó leibhéal sochar. Ceanglaíonn roinnt Ballstát ar IORPanna cistí dílse rialála rioscabhunaithe breise a shealbhú os cionn an chorrlaigh sócmhainneachta is gá. Sna Ballstáit nach ann do cheanglais rioscabhunaithe den sórt sin iontu, ba cheart cosaint inchomparáide a áirithiú do choigilteoirí agus do

[11] Céad Treoir 79/267/CEE ón gComhairle an 5 Márta 1979 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le dul i mbun ghnó an árachais saoil dhírigh agus leanúint den ghnó sin (IO L 63, 13.3.1979, lch. 1, ELI:http://data.europa.eu/eli/dir/1979/267/oj)

thairbhithe. Go háirithe, ba cheart do IORPanna lena gcumhdaítear riosca bithmhéadrach nó lena dtairgtear ráthaíochtaí agus nach bhfuil faoi réir ceanglais chaipitil rioscabhunaithe, tástálacha struis tráthrialta a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar a gcumas leanúint de chistiú a fháil thar thréimhse fhadtéarmach, lena n-áirítear i gcásanna díobhálacha margaidh agus déimeagrafacha, agus ba cheart an chumhacht a bheith ag na húdaráis inniúla gníomhaíochtaí ceartaitheacha a éileamh i gcás ina sainaithnítear tearcmhaoiniú.

(25) Is féidir le sócmhainní príobháideacha, lena n-áirítear cothromas príobháideach, fiachas príobháideach agus caipiteal fiontair, feabhas a chur ar shaintréithe riosca agus toraidh na bpunann infheistíochta trí éagsúlú a fheabhsú agus trí thorthaí fadtéarmacha níos airde a sholáthar b'fhéidir. Mar sin féin, is minic a bhíonn sé níos casta sócmhainní den sórt sin a luacháil agus measúnú a dhéanamh orthu ó thaobh riosca de, rud a éilíonn saineolas gairmiúil substaintiúil. De bhun Airteagal 19 de Threoir (AE) 2016/2341, ba cheart do IORPanna infheistíocht a dhéanamh chun leasa fhadtéarmaigh is fearr na gcomhaltaí agus na dtairbhithe agus i gcomhréir le riail an duine stuama. Níl an riail sin sonraithe go leordhóthanach, áfach, agus tá teorainneacha infheistíochta mionsonraithe agus sriantacha uaireanta tugtha isteach ag roinnt Ballstát, i gcomhréir leis an Airteagal sin. D'fhéadfadh srianta uilechoiteanna den sórt sin cosc a chur ar institiúidí dea-rialaithe a bhfuil acmhainneacht leordhóthanach bainistithe riosca acu infheistíocht éifeachtúil a dhéanamh i sócmhainní malartacha. Ba cheart a leagan síos, dá bhrí sin, gur prionsabal duine stuama rioscabhunaithe é an príomhchreat infheistíochta, lena gceadaítear d'institiúidí infheistíocht a dhéanamh in aon chineál sócmhainne, ar choinníoll gur féidir leo na rioscaí gaolmhara a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú agus a thuairisciú i gceart. Dá réir sin, mar choimirce do chomhaltaí agus do thairbhithe, ba cheart an fhéidearthacht atá ag na Ballstáit srianta infheistíochta a chur i bhfeidhm a theorannú do chásanna ina n-íocann comhaltaí agus tairbhithe as an riosca infheistíochta, agus, níor cheart toirmeasc iomlán ar infheistíocht in aicmí sócmhainní áirithe a bheith mar thoradh ar na srianta sin. Soláthraítear tuilleadh treoraíochta neamhcheangailteacha i dteachtaireacht achomair an 19 Samhain 2025[12] maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal an duine stuama, lena n-áirítear maidir leis an gcaoi ar cheart dó tacú le leithdháileadh éifeachtúil coigiltis fhadtéarmaigh.

(26) Is léir ón taithí a fuarthas nach n-áirithítear i gcónaí leis na ceanglais rialachais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2016/2341 caighdeáin chomhsheasmhacha bainistíochta fónta agus formhaoirseachta éifeachtaí ar fud IORPanna. Go háirithe, d'fhéadfadh difríochtaí i bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh, láimhseáil coinbhleachtaí leasa, agus comhdhéanamh agus éifeachtacht comhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta cosaint comhaltaí agus tairbhithe agus sláine bhainistíocht na scéime pinsin a lagú. Chun athléimneacht, trédhearcacht agus cuntasacht IORPanna a fheabhsú, ba cheart, dá bhrí sin, an córas rialachais a shonrú tuilleadh, agus ba cheart na cumhachtaí is gá a thabhairt do na húdaráis inniúla chun córais rialachais IORPanna a mheasúnú agus, i gcás inarb iomchuí, a neartú.

---

[12] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Acmhainneacht earnáil pinsin fhorlíontaigh an Aontais a fheabhsú chun ioncam scoir a fheabhsú agus caipiteal fadtéarmach a sholáthar do gheilleagar an Aontais. [Oifig na bhFoilseachán = cuir isteach uimhir an doiciméid agus an nasc idirlín].

(27) Braitheann bainistiú éifeachtach stuama IORP ar oiriúnacht agus cuibheas na ndaoine a reáchtálann an IORP go héifeachtach, ar a chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta, agus ar shealbhóirí príomhfheidhme, lena n-áirítear iad siúd ar seachfhoinsíodh feidhmeanna chucu. Tagraíonn Treoir (AE) 2016/2341 do choincheap na hoiriúnachta comhchoitinne dóibh siúd a reáchtálann an IORP go héifeachtach. Tá gá le soiléiriú breise chun a áirithiú go gcuirfear an coincheap sin i bhfeidhm ar bhealach atá comhsheasmhach le héagsúlacht na struchtúr rialachais ar fud na mBallstát. Go háirithe, ba cheart feidhm a bheith ag an oiriúnacht chomhchoiteann i gcás ina n-oibríonn an comhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta mar chomhlacht coláisteach a gcomhlíonann a chomhaltaí feidhmeanna straitéiseacha nó formhaoirseachta go comhpháirteach. I gcás ina bhfuil feidhmeanna leithleach nó ina bhfeidhmítear iad ina n-aonar, ba cheart baint a bheith ag an measúnú oiriúnachta le ról, freagrachtaí agus cumhachtaí cinnteoireachta sonracha gach duine. Ina theannta sin, ní fhoráiltear go sainráite sna forálacha atá ann faoi láthair d'fhaireachán leanúnach ná d'fhógra tráthúil maidir le hathruithe, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis freisin le bearnaí sa rialachas, le maoirseacht neamhleor ar rioscaí, nó le coinbhleachtaí leasa nach dtugtar aghaidh orthu. Chun cosaint leordhóthanach comhaltaí agus tairbhithe agus maoirseacht éifeachtach ag údaráis inniúla a áirithiú, ba cheart na ceanglais maidir le hoiriúnacht agus cuibheas a leagan síos, ba cheart an fhreagracht a thabhairt do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht ar bhonn leanúnach, agus ba cheart an chumhacht a bheith acu a cheangal go mbainfí daoine aonair nach gcomhlíonann na ceanglais sin a thuilleadh.

(28) Tá bainistiú riosca éifeachtach fíor-riachtanach chun oibriú fónta stuama IORPanna a áirithiú agus chun comhaltaí agus tairbhithe a chosaint. Is féidir le roghanna oibríochtúla agus struchtúracha IORPanna, lena n-áirítear rannpháirtíocht i struchtúir infheistíochta chomhthiomsaithe, i seirbhísí comhroinnte, nó in aistrithe, difear a dhéanamh dá bpróifíl riosca fhoriomlán. Chun bainistíocht fhónta stuama a áirithiú, ba cheart do IORPanna measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhfuil siad neamhchosanta orthu nó a bhféadfaidís a bheith neamhchosanta orthu in aghaidh na dteorainneacha lamháltais riosca arna bhformheas ag a gcomhlacht bainistíochta nó maoirseachta, agus acmhainneacht agus fonn maidir le riosca na gcomhaltaí agus na dtairbhithe á gcur san áireamh. Is féidir le barainneachtaí scála agus roghanna éifeachtúlachta rioscaí oibríochtúla agus infheistíochta a laghdú do chomhaltaí agus do thairbhithe agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a mheas sa mheasúnú féinriosca.

(29) I gcomhréir le Croíphrionsabail ECFE maidir le Rialáil Pinsean Príobháideach agus lena dTreoirlínte Cur Chun Feidhme, is iomchuí ceanglais phrionsabail an ráitis beartais infheistíochta a neartú a thuilleadh trína áirithiú go leagtar amach ann cuspóirí soiléire infheistíochta atá comhsheasmhach le sprioc gach scéime maidir le hioncam scoir, dliteanais agus lamháltas riosca, go sainítear cuspóirí feidhmíochta agus modhanna faireacháin, agus go dtugtar aghaidh ar úsáid aicmí sócmhainní casta nó malartacha agus ar an riosca contrapháirtí gaolmhar. I gcás ina bhféadfaidh comhaltaí infheistíochtaí a roghnú, ba cheart foráil a dhéanamh sa ráiteas freisin maidir le raon iomchuí roghanna, lena n-áirítear rogha réamhshocraithe.

(30) Is féidir barainneachtaí scála a bhaint amach trí shócmhainní a chomhthiomsú, feidhmíocht infheistíochta a fheabhsú agus costais a laghdú do chomhaltaí agus do thairbhithe. Le hAirteagal 31 de Threoir (AE) 2016/2341, áfach, ceadaítear do na Ballstáit toirmeasc a chur ar sheachfhoinsiú gníomhaíochtaí ag IORPanna, lena n-áirítear seachfhoinsiú bainistíochta infheistíochta. Mar thoradh ar úsáid na rogha sin,

tá bacainní rialála ar ghnóthachain éifeachtúlachta agus ar bharainneachtaí scála. D'áiritheofaí le cur chuige níos rioscabhunaithe go gceadófaí nó go n-éileofaí seachfhoinsiú go ginearálta, ar choinníoll nach gcuirfeadh sé isteach ar cháilíocht an rialachais, nach méadódh sé an riosca oibriúcháin go míchuí, nach mbainfeadh sé an bonn den tseirbhís leanúnach shásúil do chomhaltaí agus do thairbhithe, ná nach gcuirfeadh sé bac ar mhaoirseacht éifeachtach. Ba cheart a leagan síos, dá bhrí sin, gur cheart do na Ballstáit seachfhoinsiú ag institiúidí den sórt sin a cheadú, nó i gcás inarb iomchuí, a cheangal orthu, gan dochar do chur i gcoinne socruithe sonracha seachfhoinsithe ar bhonn cás ar chás ar fhorais stuamachta a bhfuil údar cuí leo.

(31) Soláthraíonn taisclanna leigheas áisiúil chun sócmhainní a chosaint agus chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú scéimeanna pinsin ceirde, go háirithe i scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe ina n-iompraíonn comhaltaí agus tairbhithe an riosca infheistíochta go hiomlán. Faoi Threoir (AE) 2016/2341, tá sé de rogha ag na Ballstáit, mar riail ghinearálta, a cheangal ar thaiscí nó a cheadú do IORPanna na feidhmeanna sin a chomhlíonadh iad féin. Mar thoradh ar an lánrogha sin, tá neamhréireachtaí agus dúshláin mhaoirseachta ann i ngníomhaíochtaí trasteorann. D'fhéadfadh difríochtaí i rialacha náisiúnta maidir leis na cineálacha eintiteas a d'fhéadfadh gníomhú mar thaiscithe agus raon feidhme a bhfreagrachtaí an bonn a bhaint de mhaoirseacht stuamachta éifeachtach, trédhearcacht a laghdú, agus an riosca go mbeadh coinbhleachtaí leasa nó teipeanna oibríochtúla ann a mhéadú. Le blianta beaga anuas, rinneadh na rialacha maidir le taiscí a leagtar síos i dTreoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú chun ardleibhéal cosanta infheisteoirí a áirithiú. Maidir le comhaltaí agus tairbhithe IORPanna a chuireann a gcoigilteas scoir ar iontaoibh bainisteoirí gairmiúla ar an gcaoi chéanna, ba cheart go mbainfidís tairbhe as cosaint nach lú ná na hinfheisteoirí a chumhdaítear le Treoir 2009/65/CE. Dá bhrí sin, chun cosaint chomhsheasmhach comhaltaí agus tairbhithe a áirithiú, muinín sa chóras pinsin a fheabhsú, agus gníomhaíochtaí trasteorann a éascú, ba cheart a cheangal le Treoir (AE) 2016/2341 go gceapfar taiscí gairmiúil le haghaidh scéimeanna pinsin ceirde i gcás ina n-iompróidh comhaltaí agus tairbhithe an riosca infheistíochta ina iomláine. Leis na leasuithe, ba cheart rialacha soiléire a leagan amach don taisclann sin maidir le sócmhainní a choimeád slán agus maidir le dualgais formhaoirseachta do thaiscithe, agus an tráth céanna níos mó solúbthachta a cheadú do scéimeanna eile agus a áirithiú nach bhféadfaidh údaráis inniúla srian míchuí a chur ar rogha na dtaisclann atá bunaithe i mBallstát eile. Mar sin féin, chun ualach nach bhfuil gá leis ar IORPanna a sheachaint, féadfaidh na Ballstáit bearta coimirce atá ann cheana a choinneáil ar bun lena soláthraítear leibhéal cosanta atá inchomparáide le taiscí.

(32) Fágann faisnéis ilroinnte agus neamhiomlán maidir le teidlíochtaí fabhraithe agus réamh-mheasta pinsin go bhfuil sé deacair do chomhaltaí agus do thairbhithe forbhreathnú soiléir a fháil ar a n-ioncam scoir amach anseo, go háirithe nuair a bhíonn siad rannpháirteach i roinnt scéimeanna pinsin fhorlíontaigh. Is féidir leis an easpa trédhearcachta sin an bonn a bhaint den rannpháirtíocht le pleanáil scoir agus den mhuinín as an gcóras pinsean. Chun a áirithiú go bhfaighidh coigilteoirí faisnéis chuimsitheach, iontaofa agus cothrom le dáta, ba cheart do na Ballstáit a cheangal ar

---

13 Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán, agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/65/oj)

IORPanna sonraí a sholáthar do chórais náisiúnta rianaithe pinsean, i gcás inarb ann do na córais sin, i bhformáid chaighdeánaithe agus idir-inoibritheach. Ba cheart go gcuirfeadh córais den sórt sin ar chumas comhaltaí agus tairbhithe rochtain a fháil, ar bhealach comhleanúnach agus inchomparáide, ar fhaisnéis maidir lena gcearta fabhraithe, lena gcaipiteal carntha agus lena sochair réamh-mheasta, agus a áirithiú an tráth céanna go leanfaidh IORPanna de bheith freagrach as cruinneas agus iomláine na sonraí arna dtarchur. Chun dúbláil na gceanglas tuairiscithe le haghaidh IORPanna a sheachaint, ba cheart formáid agus struchtúr na faisnéise a bheith comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a áirítear sna ráitis sochair pinsin.

(33) Is ionstraim fhíor-riachtanach é an Ráiteas Sochair Pinsin lena gcuirtear ar chumas comhaltaí agus tairbhithe a dteidlíochtaí pinsin a thuiscint le himeacht ama agus ar fud scéimeanna éagsúla. Ba cheart dó faisnéis shoiléir, chuimsitheach agus ábhartha a sholáthar a chuirfidh ar chumas comhaltaí agus tairbhithe measúnú a dhéanamh ar a staid airgeadais agus aon ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun pinsean leordhóthanach a áirithiú. Faoi láthair, in éagmais cur chuige aonfhoirmeach ar leibhéal na mBallstát, mar aon leis an bhfíoras go bhfabhraíonn formhór na gcomhaltaí pinsin le IORPanna iomadúla le linn a ngairmeacha, bíonn ráitis shochair phinsin ann a bhíonn éagsúil ó thaobh formáide agus cur i láthair de, rud a chuireann teorainn leis an inchomparáideacht agus leis an gcomhiomlánú. Ní cheanglaítear leis na rialacha atá ann faoi láthair ach oiread go n-áireofaí faisnéis maidir leis na costais, feidhmiú na n-infheistíochtaí ná maidir le haon rogha infheistíochta atá ar fáil agus na rioscaí comhfhreagracha a bhaineann leo. Chun trédhearcacht a fheabhsú agus chun tacú le cinnteoireacht fheasach, is gá ceanglais a thabhairt isteach maidir le dearadh an ráitis sochair pinsin agus maidir le faisnéis a sholáthar faoi chostais, faoi thorthaí infheistíochta agus faoi roghanna infheistíochta. Ar an gcúis chéanna, is gá caighdeánú níos fearr a áirithiú agus, i gcás inar féidir, ailíniú leis an Ráiteas Sochair TPPU dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2019/1238, agus saintréithe sochair shainithe nó ranníocaíochta sainithe na scéimeanna pinsin, agus sainiúlachtaí an tsoláthair pinsin ceirde, á gcur san áireamh.

(34) D’fhéadfadh tearcfheidhmíocht leanúnach IORPanna luach chearta fabhraithe na gcomhaltaí agus na dtairbhithe a laghdú agus an bonn a bhaint den mhuinín as pinsin fhorlíontacha. I gcomhréir le Treoirlínte Cur Chun Feidhme Mholadh ECFE maidir le Croíphrionsabail an Rialacháin maidir le Pinsin Phríobháideacha, ba cheart feidhmíocht a nochtadh agus a mheasúnú i gcomparáid le tagarmharcanna soiléire oibiachtúla lena léirítear an beartas infheistíochta. Níl aon chreat comhchuibhithe ann faoi láthair chun comhaltaí agus tairbhithe tearcfheidhmíochta a chur ar an eolas. Chun aghaidh a thabhairt air sin, ba cheart a cheangal ar IORPanna a n-údarás inniúil a chur ar an eolas go pras agus fianaise a sholáthar go bhfuil údar cuí le costais agus muirir na scéime agus go bhfuil siad comhréireach, agus go bhfuil an scéim i gcomhréir le lamháltas riosca a comhaltaí agus a dtairbhithe. I gcás nach bhfuil an t-údarás inniúil sásta leis an údar sin nó ina leanann tearcfheidhmíocht de bheith ann ar feadh trí bliana ar a laghad, ba cheart do IORPanna an tearcfheidhmíocht sin a chur in iúl go soiléir do chomhaltaí agus do thairbhithe, na cúiseanna atá léi a mhíniú, agus bearta a leagan amach chun an cás a leigheas. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbunófar tagarmharcanna oibiachtúla chun measúnú a dhéanamh ar thearcfheidhmíocht.

(35) Agus an t-ionchas saoil ag dul i méid, d’fhéadfadh sé go mbeadh gá níos mó le comhaltaí agus tairbhithe riosca fadsaolaí a bhainistiú, agus is gá coigilteas scoir a bhainistiú go héifeachtach chun ioncam leordhóthanach a sholáthar le linn chéim an

dícharntha. Ceanglaítear le Treoir (AE) 2016/2341 ar IORPanna faisnéis ghinearálta a sholáthar le linn na gcéimeanna réamhscoir agus eisíocaíochta ach ní shonraítear inti an cineál faisnéise is gá chun tacú le comhaltaí agus tairbhithe roghanna eolasacha a dhéanamh le linn dícharntha. Chun trédhearcacht, inchomparáideacht agus cinnteoireacht fheasach a fheabhsú, ba cheart IORPanna, dá bhrí sin, a bheith faoi réir íoscheanglais maidir le nochtadh do chéim an dícharntha. Ba cheart nochtaí den sórt sin a bheith soiléir, inrochtana agus comhréireach, agus sainiúlachtaí náisiúnta á gcur san áireamh, agus ba cheart a chumhdach leo roghanna eisíocaíochta, costais agus muirir ghaolmhara, cánacha is infheidhme, rioscaí agus réamh-mheastacháin, lena n-áirítear le haghaidh blianachtaí athraitheacha.

(36) Leis an aistriú ó scéimeanna sochar sainithe pinsin go scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe pinsin, cuirtear riosca airgeadais níos mó ar chomhaltaí agus ar thairbhithe, toisc go dtagann sochair athraitheacha in ionad sochair a ráthaíodh roimhe sin. Is minic a bhíonn ar chomhaltaí agus ar thairbhithe aghaidh a thabhairt ar roghanna casta maidir le tairbhí nó infheistíochtaí, agus is féidir le neamhshiméadrachtaí faisnéise, eolas nó tuiscint theoranta, claontachtaí iompraíochta, nó timpeallachtaí roghanna casta agus neamhleora dochar a dhéanamh dá gcumas cinntí iomchuí a dhéanamh. Trí roghanna iomadúla a chomhcheangal, méadaítear a dheacra atá sé do chomhaltaí agus do thairbhithe measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag a gcinntí. Tá ról lárnach ag IORPanna maidir le leasanna fadtéarmacha na gcomhaltaí agus na dtairbhithe a chosaint trí bhainistiú stuama sócmhainní agus trí rialachas fónta. Chun muinín sa chóras a neartú agus chun a áirithiú go leanfaidh cinntí infheistíochta de bheith ailínithe le leas na gcomhaltaí, ba cheart dualgais mhuiníneacha a bhaineann le bainistiú riosca agus beartas infheistíochta a threisiú. Chun cosaint a fheabhsú agus chun a áirithiú go mbainfidh scéimeanna pinsin torthaí amach a bhféadfadh comhaltaí agus tairbhithe a bheith ag súil leo le réasún, ba cheart IORPanna a bheith faoi réir dualgas ginearálta cúraim. Le dualgas den sórt sin, ba cheart a chur de cheangal ar institiúidí gníomhú ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil chun leasa na gcomhaltaí agus na dtairbhithe, torthaí leordhóthanacha, riosca-choigeartaithe agus cost-éifeachtúla a lorg san fhadtéarma, agus treoir agus coimircí a sholáthar chun tacú le cinnteoireacht fheasach oiriúnach, agus cineál na scéime pinsin, na rioscaí a iompraíonn comhaltaí agus tairbhithe, freagrachtaí na hinstitiúide, agus, i gcás inarb ábhartha, ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-urraitheoirí á gcur san áireamh.

(37) Is éard is pinsin cheirde ann socruithe fadtéarmacha ar a mbraitheann oibrithe chun ioncam leordhóthanach scoir a fháil. Bíonn rioscaí sonracha roimh chomhaltaí i scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe, lena n-áirítear riosca ioncaim scoir, riosca infheistíochta, costais agus muirir, rioscaí riaracháin agus rialachais, agus bearnaí eolais. Chun straitéisí infheistíochta iomchuí a cheapadh agus roghanna infheistíochta oiriúnacha a thairiscint a thagann le cumas na gcomhaltaí caillteanais a iompar agus lena roghanna riosca agus toraidh, tá ról lárnach ag IORPanna maidir le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí sin ó thaobh na gcomhaltaí agus na dtairbhithe de. Chun tacú le cinnteoireacht fheasach agus chun leasanna na gcomhaltaí a chosaint, ba cheart do IORPanna measúnuithe riosca fadtéarmacha a dhéanamh, roghanna infheistíochta ábhartha a sholáthar, agus faisnéis bhunriachtanach a sholáthar, lena n-áirítear na costais agus na muirir agus na réamh-mheastacháin uile, agus sainiúlachtaí náisiúnta á gcur san áireamh.

(38) Chun a áirithiú gur féidir le comhaltaí agus tairbhithe a gcearta a fheidhmiú go héifeachtach agus rochtain a bheith acu ar shásamh cothrom tráthúil, ba cheart do

IORPanna nósanna imeachta éifeachtacha um láimhseáil gearán a bhunú agus faisnéis a sholáthar maidir leis na sásraí malartacha um réiteach díospóidí atá ar fáil. Ar an gcúis chéanna, ba cheart comhlachtaí um réiteach malartach díospóidí atá leordhóthanach, neamhspleách agus neamhchlaonta a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann, agus ba cheart dóibh a áirithiú gur féidir leis na húdaráis inniúla gearáin ina líomhnaítear sáruithe ar Threoir (AE) 2016/2341 a fháil agus freagairt dóibh.

(39) D'fhéadfadh difríochtaí sna cumhachtaí, sna huirlisí agus sna cleachtais atá ar fáil d'údaráis inniúla ar fud na mBallstát bac a chur ar mhaoirseacht éifeachtach IORPanna agus ar sháruithe a chosc nó a cheartú go tráthúil. Gan na cumhachtaí chun an fhaisnéis is gá a fháil, chun a cheangal go gcomhlíonfar na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme, chun athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar straitéisí, próisis agus nósanna imeachta tuairiscithe IORPanna, nó chun smachtbhannaí a fhorchur, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na húdaráis inniúla in ann a áirithiú go gcoinneodh IORPanna acmhainní airgeadais leordhóthanacha ar bun, go gcomhlíonfadh siad ceanglais rialachais agus bainistithe riosca, nó gur féidir leo teagmhais dhíobhálacha nó athruithe ar dhálaí eacnamaíocha a sheasamh. Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na cumhachtaí uile is gá ag na húdaráis inniúla chun faisnéis a fháil, athbhreithnithe agus measúnuithe córasacha agus rioscabhunaithe a dhéanamh, faireachán a dhéanamh ar dhálaí airgeadais atá ag dul in olcas, dul i mbun idirphlé maoirseachta tráthrialta, bearta coisctheacha agus ceartaitheacha a dhéanamh go tráthúil, agus smachtbhannaí riaracháin éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur.

(40) Tá éagsúlacht mhór idir IORPanna ó thaobh scála, éifeachtúlacht oibríochtúil agus struchtúr eagraíochtúil de. D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag IORPanna níos lú nó ilroinnte barainneachtaí scála a bhaint amach, dul i mbun comhthiomsú éifeachtach sócmhainní, nó éifeachtúlacht oibríochtúil agus infheistíochta a bharrfheabhsú. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach dúshláin struchtúracha agus leochaileachtaí a shainaithint go luath chun a áirithiú gur féidir le IORPanna luach a chur ar fáil do chomhaltaí agus do thairbhithe san fhadtéarma. Tá ról tábhachtach ag údaráis inniúla maidir le machnamh straitéiseach ag IORPanna a chothú maidir lena n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach, lena n-áirítear maidir le gnéithe amhail scála, cumraíocht eagraíochtúil, agus acmhainneacht maidir le comhdhlúthú nó comhar i gcás inar bealaí iad sin chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh shainaitheanta. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis inniúla idirphlé maoirseachta struchtúrtha tráthrialta a dhéanamh le IORPanna, ar lena linn is féidir le IORPanna laigí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus roghanna straitéiseacha a mheas, lena n-áirítear bearta chun éifeachtúlacht, scála agus comhroinnt acmhainní a fheabhsú, agus an phríomhfhreagracht á coinneáil acu an tráth céanna as a áirithiú go bhfaighidh comhaltaí agus tairbhithe sochair scoir leordhóthanacha.

(41) Gan faisnéis thráthúil, iomlán agus inchomparáide, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na húdaráis inniúla in ann measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh, faireachán a dhéanamh ar rioscaí, nó bearta coisctheacha agus ceartaitheacha a dhéanamh go héifeachtach. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na cumhachtaí ag na húdaráis inniúla a cheangal ar IORPanna an fhaisnéis uile is gá le haghaidh maoirseachta a thíolacadh, cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh, agus tuairisciú mionsonraithe a fháil ar chostais, muirir agus torthaí infheistíochta.

(42) Is féidir le heisfhoinsiú príomhfheidhmeanna nó gníomhaíochtaí eile ag IORPanna barainneachtaí scála a ghiniúint agus luach a thabhairt nó costais a laghdú do chomhaltaí agus do thairbhithe. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé rioscaí breise a chruthú freisin agus bac a chur ar mhaoirseacht éifeachtach. Gan rochtain ar fhaisnéis ábhartha agus ar áitribh ghnó, agus gan comhar ó sholáthraithe seirbhíse, d'fhéadfadh sé nach mbeadh údaráis inniúla in ann faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí seachfhoinsithe ná comhlíonadh a áirithiú. Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh IORPanna ar chumas na n-údarás inniúil rochtain a fháil ar shonraí agus ar áitribh soláthraithe seirbhíse agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh go díreach nó trí údaráis tharmligthe. Ba cheart do IORPanna comhoibriú go hiomlán freisin le linn maoirseachta. Chun maoirseacht éifeachtach trasteorann ar fheidhmeanna seachfhoinsithe a áirithiú, ba cheart ÚEÁPC a bheith in ann cúnamh a thabhairt d'údaráis inniúla cigireachtaí comhpháirteacha ar an láthair a dhéanamh.

(43) Tá faisnéis thrédhearcach, inchomparáide, a bhfuil rochtain éasca uirthi maidir le costais bhliantúla iomlána, feidhmíocht roimhe seo, agus próifílí riosca na scéimeanna pinsin arna n-oibriú ag IORPanna fíor-riachtanach do chomhaltaí agus do thairbhithe chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir lena gcoigilteas scoir. Le nochtadh den sórt sin, d'fhéadfaí éifeachtacht, cost-éifeachtúlacht agus an acmhainneacht chun barainneachtaí scála a bhaint amach a chothú, rud a rachadh chun tairbhe na gcomhaltaí agus na dtairbhithe ar deireadh. Chun inchomparáideacht agus inrochtaineacht a áirithiú, ba cheart do na húdaráis inniúla an fhaisnéis sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin poiblí aonair le haghaidh na scéimeanna pinsin nó na roghanna infheistíochta ábhartha uile, lena gcumhdaítear na deich mbliana roimhe sin ar a laghad.

(44) I gcás ina bhfuil gníomhaíochtaí trasteorann móra i ndáil le margadh an Bhallstáit óstaigh agus ina n-éilítear dlúthchomhar idir údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus an Bhallstáit óstaigh leo, go háirithe i gcás ina bhféadfadh baol a bheith ann go mbeadh deacrachtaí airgeadais ag IORP chun dochair do chomhaltaí agus do thairbhithe, ba cheart ÚEÁPC a bheith in ann ardáin chomhair a chur ar bun agus a chomhordú, ar bhealach atá cosúil leis an mbealach faoi Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14].

(45) Is féidir le gnóthais árachais agus idirghabhálaithe árachais táirgí pinsin cheirde a dháileadh freisin. Chun a áirithiú go bhfaighidh gach comhalta, comhalta agus tairbhí ionchasach faisnéis agus cosaint choibhéiseach, ba cheart gnóthais agus idirghabhálaithe den sórt sin a bheith faoi réir rialacha a bhaineann le faisnéis atá comhsheasmhach leis na rialacha is infheidhme maidir le IORPanna, lena n-áirítear oibleagáidí a bhaineann le faisnéis a tharchur chuig córais rianaithe pinsean.

(46) Chun na cuspóirí a leagtar amach i dTreoir (AE) 2016/2341 agus sa Treoir seo a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le paraiméadair theicniúla áirithe i dTreoir (AE) 2016/2341 a eascraíonn as Treoir 79/267/CEE ón gComhairle, ar paraiméadair iad nár tháinig aon

---

[14] Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/138/oj).

athrú orthu ó tugadh isteach iad, agus i ndáil leis an Ráiteas Sochair Pinsin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach tráthúil iomchuí.

(47) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na bhforálacha i ndáil le torthaí infheistíochta, glan ó chostais infheistíochta, agus na gcostas agus na muirear uile arna dtabhú i dtaca le gníomhaíochtaí na IORPanna a thuairisciú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 180/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15].

(48) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoracha (AE) 2016/97 agus (AE) 2016/2341 a leasú dá réir sin.

(49) Ba cheart leasuithe ar Threoir (AE) 2016/2341 maidir le húdarú IORPanna a chur in ionad an chórais clárúcháin nó údaraithe atá ann faoi láthair chun caighdeáin mhaoirseachta chomhsheasmhacha a áirithiú ar fud an Aontais. Mar sin féin, bheadh sé ródhian a cheangal ar gach IORPanna iarratas a dhéanamh ar údarú nua. Ba cheart IORPanna atá cláraithe nó údaraithe cheana féin faoin Treoir sin a thabhairt. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le haitheantas uathoibríoch IORPanna atá cláraithe nó údaraithe cheana féin faoin Treoir sin.

(50) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críocha na Treorach seo. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh an phróiseáil sonraí a dhéantar chun an Treoir seo a chur i bhfeidhm Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] a urramú go hiomlán i gcás ina bhfuil an Treoir sin infheidhme.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir (AE) 2016/2341

Leasaítear Treoir (AE) 2016/2341 mar a leanas:

(1) cuirtear an focal ‘údaraithe’ in ionad na bhfocal ‘cláraithe nó údaraithe’ ar fud na Treorach;

(2) cuirtear ‘cineál, scála agus castacht’ in ionad na bhfocal ‘méid, cineál, scála agus castacht’ ar fud na Treorach;

---

15 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

16 Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj)

(3) cuirtear na focail ‘cineál, scála agus castacht a ngníomhaíochtaí’ in ionad na bhfocal ‘a méid agus a n-eagrúchán inmheánach, chomh maith le méid, cineál, scála agus castacht a ngníomhaíochtaí’ ar fud na Treorach;

(4) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘I gcás, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ina mbunaítear IORPanna i bhfoirm faoina bhfuil eintitis údaraithe freagrach as iad a oibriú agus gníomhú thar a gceann, cuirfidh na Ballstáit an Treoir seo i bhfeidhm maidir leis na IORPanna sin nó, faoi réir mhír 2, maidir leis na heintitis údaraithe sin, nó maidir leis an dá cheann, de réir mar is iomchuí.’;

(b) cuirtear mír 3 seo a leanas leis:

‘3. I gcás, de bhun mhír 1, ina bhfuil eintitis údaraithe freagrach as IORPanna a oibriú agus as gníomhú thar a gceann, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sócmhainní na IORPanna scartha go dlíthiúil ó shócmhainní na n-eintiteas údaraithe.

Chun críocha na chéad fhomhíre, i gcás ina n-oibríonn na heintitis údaraithe dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), IORPanna agus ina ngníomhaíonn siad thar a gceann, ní chuirfidh na Ballstáit srian ar na heintitis údaraithe sin atá bunaithe i mBallstát eile na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh.’;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 3 agus 4:

‘Airteagal 3

Cur i bhfeidhm maidir le IORPanna a oibríonn scéimeanna slándála sóisialta

IORPanna a oibríonn scéimeanna pinsin freisin a mheastar a bheith ina scéimeanna slándála sóisialta a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009, cumhdófar iad leis an Treoir seo i ndáil lena ngnó um sholáthar scoir nach gcumhdaítear leis na Rialacháin sin. Sa chás sin, déanfar na dliteanais agus na sócmhainní comhfhreagracha a imfhálú, agus ní bheidh sé indéanta na dliteanais agus na sócmhainní comhfhreagracha sin a aistriú chuig na scéimeanna pinsin a mheastar a bheith ina scéimeanna slándála sóisialta, nó *vice versa*.

Airteagal 4

Cur i bhfeidhm roghnach

Féadfaidh na Ballstáit cuid d’fhorálacha na Treorach seo, nó iad uile, a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí, gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil, a oibríonn ar bhonn cistithe chun sochair scoir a sholáthar:

(a) a eisiatar ó raon feidhme na Treorach seo de bhun Airteagal 2(2), pointí (a) agus (d); nó

(b) nach gcumhdaítear leis an Treoir seo ná le Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE agus 2014/65/AE.

I gcás institiúidí dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (a), ní fhéadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha na Treorach seo ach amháin a mhéid atá an cur i bhfeidhm sin comhoiriúnach le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009.

I gcás, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, inarb iad eintitis údaraithe atá freagrach as gníomhú thar a gceann a oibríonn na hinstitiúidí dá dtagraítear sa chéad mhír, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an Treoir seo a chur i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí sin nó maidir leis na heintitis údaraithe atá freagrach as iad a oibriú agus as gníomhú thar a gceann, nó maidir leis an dá cheann, de réir mar is iomchuí.

Ní fhéadfaidh na Ballstáit a chinneadh Airteagail 11 agus 11a a chur i bhfeidhm faoin Airteagal seo ach amháin má tá feidhm ag forálacha uile na Treorach seo.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do ÚEÁPC i gcás ina mbainfidh siad úsáid as na roghanna dá dtagraítear sa chéad mhír agus sa dara mír, lena léireofar na cineálacha institiúidí nó, i gcás inarb infheidhme, na heintitis údaraithe a chumhdaítear le húsáid na roghanna sin agus forálacha na Treorach seo a bhfuil feidhm acu maidir leo.

Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.';

(6) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'IORPanna beaga';

(b) scriostar an dara mír;

(7) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) i bpointe (1), in ionad na foclaíochta 'agus a dhéanann gníomhaíochtaí a eascraíonn go díreach astu;' cuirtear 'agus a dhéanann gníomhaíochtaí a eascraíonn go díreach astu, agus, i gcás ina gceadaítear faoin dlí náisiúnta é, soláthar scoir phearsanta;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

'(3) ciallaíonn 'gnóthas urraíochta' aon ghnóthas nó comhlacht eile, gan beann ar cibé acu a áirítear nó nach n-áirítear leis duine dlítheanach nó nádúrtha amháin nó níos mó, a ghníomhaíonn mar fhostóir, mar chomhlachas gairmiúil nó mar chomhlacht gairmiúil, nó i gcáil fhéinfhostaithe nó i dteaglaim ar bith díobh sin, agus a thairgeann scéim pinsin nó a íocann ranníocaíochtaí le IORP;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (5):

'(5) ciallaíonn 'comhalta' duine, seachas tairbhí nó comhalta ionchasach, a bhfuil sé de cheart ag an duine sin, mar gheall ar a ghníomhaíochtaí ceirde san am a caitheadh nó san am i láthair, sochair scoir a fháil i gcomhréir le forálacha scéime pinsin, ach amháin, chun críocha Theidil I, II, III, V agus VI, go gciallaíonn 'comhalta' freisin coigilteoir pinsin phearsanta i gcás ina gceadaítear soláthar pinsin phearsanta ag IORPanna faoin dlí náisiúnta;'

(d) cuirtear na pointí (20), (21) agus (22) seo a leanas léi:

'(20) ciallaíonn 'soláthraí seirbhíse' gnóthas a ndearna IORP gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Treoir seo a sheachfhoinsiú chuige;

(21) ciallaíonn ‘táirge pinsin phearsanta’ táirge pinsin phearsanta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

(22) ciallaíonn ‘córas rianaithe pinsin’ uirlis dhigiteach, tairseach gréasáin shlán nó feidhmchlár móibíleach de ghnáth, lena dtugtar forbhreathnú do dhaoine aonair ar a dteidlíochtaí pinsin fabhraithe aonair, agus réamh-mheastacháin ar shochair amach anseo, ar fud na scéimeanna pinsin a bhfuil an duine aonair ina chomhalta nó ina thairbhí díobh.

---

* Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU) (IO L 198, 25.7.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1238/oj).’;

(8) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

‘I gcás, de bhun an dlí náisiúnta, ina bhfuil IORPanna údaraithe chun táirgí pinsin phearsanta a sholáthar, déanfar na sócmhainní agus na dliteanais uile a chomhfhreagraíonn do ghnó an tsoláthair pinsin phearsanta a imfhálú, gan aon deis a bheith ann na sócmhainní agus na dliteanais sin a aistriú chuig gnó soláthair scoir eile na hinstitiúide.’;

(9) cuirtear isteach an tAirteagal 8a seo a leanas:

‘Airteagal 8a

Ceart bunaíochta agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar

1. Beidh cead ag IORPanna seirbhísí a sholáthar ar fud an Aontais i gcomhréir le hAirteagail 11 agus 11a.

2. Ní chuirfidh na Ballstáit srian ar IORPanna iad féin a bhunú ina gcríoch.’;

(10) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Údarú’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit i leith gach IORP a bhfuil a phríomhriar lonnaithe ina gcríoch go n-údaraíonn an t-údarás inniúil an IORP agus go n-áirítear é i gclár náisiúnta.

Is é suíomh an phríomhriaracháin an áit a ndéantar na príomhchinntí straitéiseacha de chuid IORP.

Ceanglóidh na Ballstáit ar údaráis inniúla measúnú stuamachta a dhéanamh mar chuid d’údarú IORPanna. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú cineál, scála agus castacht ghníomhaíochtaí an IORP lena mbaineann.

Déanfaidh IORPanna a bhfuil údarú á lorg acu plean gnó a ullmhú agus a chur faoi bhráid an údaráis inniúil le haghaidh a ngníomhaíochtaí beartaithe uile, ina sonrófar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil chun costais oibriúcháin reatha agus costais oibriúcháin amach anseo a chumhdach. Beidh réamh-mheastacháin sa phlean gnó

maidir le trí bliana ar a laghad d'ioncam agus de chostais an IORP agus miondealú ar chostais oibríochtúla an IORP, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, na costais dáileacháin agus éadála agus aon ghné eile chun cúnamh a thabhairt do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas oibriúcháin.

Ní cheanglófar ar an IORP dul faoi nós imeachta údaraithe nua chun glacadh le gnóthas urraíochta amháin nó níos mó ina dhiaidh sin.';

(c) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'1a. Luafar na cúiseanna iomlána le haon chinneadh údarú a dhiúltú agus tabharfar fógra ina leith don IORP lena mbaineann.

Gan dochar d'Airteagal 48(9), déanfaidh gach Ballstát foráil maidir le ceart achomhairc chuig na cúirteanna i gcás nár dhéileáil a n-údaráis inniúla le hiarratas ar údarú laistigh de 6 mhí ón dáta a fuarthas é.';

(11) cuirtear an tAirteagal 9a seo a leanas leis:

'Airteagal 9a

IORPanna il-urraitheora

Áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar do IORPanna scéimeanna pinsin éagsúla a oibriú, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil beartais infheistíochta éagsúla acu, agus glacadh le hurraíocht ó ghnóthais urraíochta iomadúla laistigh den scéim pinsin chéanna.

Beidh an chéad mhír gan dochar do chinneadh ó Bhallstát a cheangal go ndéanfar scéimeanna ag a bhfuil gnóthais urraíochta iolracha a oibriú faoi Threoir 2009/138/CE.';

(12) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an pointe (c) seo a leanas:

'(c) tá acmhainní airgeadais leordhóthanacha ag an IORP chun na costais oibriúcháin atá air faoi láthair agus a bheidh air amach anseo a chumhdach.';

(b) cuirtear mír 3 seo a leanas leis:

'3. eiseoidh ÚEÁPC treoirlínte, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, maidir leis an measúnú stuamachta a bheidh le déanamh mar chuid d'údarú IORPanna, agus maidir leis na ceanglais a leagtar síos i dTeidil II agus III.';

(13) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) scriostar mír 2;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

'3. Áiritheoidh na Ballstáit bhaile go dtabharfaidh IORP fógra dá údarás inniúil go bhfuil sé ar intinn aige gníomhaíocht trasteorann a dhéanamh.

Ceanglóidh na Ballstáit ar IORPanna an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar agus an fógra á thabhairt acu:

(a) ainm an Bhallstáit óstaigh nó na mBallstát óstach, a dhéanfaidh an gnóthas nó na gnóthais urraíochta a shainaithint, i gcás inarb infheidhme;

(b) ainm agus suíomh phríomhriarachán an ghnóthais/na ngnóthas urraíochta;

(c) príomhthréithe na scéime pinsin nó na scéimeanna pinsin atá le hoibriú don ghnóthas/do na gnóthais urraíochta.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh údarás inniúil de chuid an Bhallstáit baile a dtugtar fógra dó faoi mhír 3 agus nach bhfuil cinneadh réasúnaithe eisithe aige nach bhfuil struchtúr riaracháin nó staid airgeadais an IORP nó dea-cháil nó cáilíochtaí gairmiúla nó taithí na ndaoine atá ag rith an IORP comhoiriúnach leis na gníomhaíochtaí trasteorann atá beartaithe, an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a chur in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh laistigh de 2 mhí ón bhfaisnéis sin a fháil. Áiritheoidh na Ballstáit go n-admhóidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh go bhfuarthas an fhaisnéis sin gan mhoill. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile in iúl i scríbhinn don IORP go bhfuil an fhaisnéis faighte ag údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh.

Áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseoidh údarás inniúil an Bhallstáit baile an cinneadh réasúnaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír laistigh de mhí amháin tar éis dó an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 3 a fháil.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 6 agus 7:

'6. IORPanna a dhéanann gníomhaíocht trasteorann, beidh siad faoi réir na gceanglas faisnéise dá dtagraítear i dTeideal IV arna bhforchur ag an mBallstát óstach i leith na gcomhaltaí ionchasacha, na gcomhaltaí agus na dtairbhithe lena mbaineann an ghníomhaíocht trasteorann sin, cé is moite den Ráiteas Sochair Pinsin dá dtagraítear in Airteagal 38, a bheidh faoi réir rialacha comhchuibhithe an Aontais i gcomhréir le mír 6 den Airteagal sin.

7. Sula dtosóidh an IORP ar ghníomhaíocht trasteorann a dhéanamh, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh, laistigh de mhí amháin tar éis dó an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a fháil, ullmhú don mhaoirseacht ar na gníomhaíochtaí trasteorann ábhartha. Bainfidh an t-ullmhúchán sin le ceanglais an dlí shóisialta agus saothair atá ábhartha do réimse na scéimeanna pinsin ceirde faoina gcaithfear an scéim pinsin atá urraithe ag gnóthas sa Bhallstát óstach a oibriú agus le ceanglais faisnéise an Bhallstáit óstaigh dá dtagraítear i dTeideal IV a mbeidh feidhm acu maidir leis an ngníomhaíocht trasteorann. Ina theannta sin, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit baile, trí na modhanna dá dtagraítear in Airteagal 59(3) agus (4), na forálacha dlí dá dtagraítear in Airteagal 59(1) is infheidhme ina chríoch. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile an fhaisnéis sin in iúl láithreach don IORP.';

(d) cuirtear an mhír 9a seo a leanas isteach:

'9a. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir na nósanna imeachta agus na foirmiúlachtaí uile a bhaineann le gníomhaíochtaí agus nósanna imeachta trasteorann a chur i gcrích go héasca trí mheán leictreonach.';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

'10. Údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh a bhfuil cúiseanna aige lena mheas nach bhfuil IORP a dhéanann gníomhaíochtaí ar a chríoch ag comhlíonadh cheanglais an Bhallstáit óstaigh maidir leis an dlí sóisialta agus saothair atá ábhartha do réimse na scéimeanna pinsin ceirde, cuirfidh sé údarás inniúil an Bhallstáit baile ar an eolas faoi sin láithreach.

Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile, i gcomhar le húdarás inniúil an Bhallstáit óstaigh, na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfidh an IORP deireadh leis an sárú a bhraitear.';

(f) i mír 11, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas léi:

'Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir na doiciméid dhlíthiúla is gá le haghaidh bearta den sórt sin a sheirbheáil ar IORPanna ar a gcríocha.

Sa bhreis air sin, féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile nó údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh an t-ábhar a tharchur chuig ÚEÁPC agus cúnamh a iarraidh air i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010. Sa chás sin, féadfaidh ÚEÁPC gníomhú i gcomhréir leis na cumhachtaí a thugtar dó leis an Airteagal sin.'

(g) cuirtear an mhír 12 agus an mhír 13 seo a leanas leis:

'12. Tá míreanna 10 agus 11 gan dochar do chumhacht na mBallstát óstach bearta éigeandála iomchuí agus neamh-idirdhealaitheacha a dhéanamh chun neamhrialtachtaí laistigh dá gcríoch a chosc nó chun pionós a ghearradh ina leith, i gcásanna ina bhfuil géarghá le gníomhaíocht láithreach chun cearta na gcomhaltaí agus na dtairbhithe a chosc, agus i gcás ina bhfuil bearta coibhéiseacha na mBallstát baile neamhleor nó in easnamh. Áireofar leis an gcumhacht sin an fhéidearthacht IORPanna a chosc, a mhéid a bhfuil fíorghá leis, ó oibriú sa Bhallstát óstach don ghnóthas urraíochta.

13. Aon bheart arna ghlacadh faoi mhíreanna 10 go 13 lena mbaineann srianta ar ghníomhaíochtaí IORPanna, beidh sé réasúnaithe go cuí agus cuirfear in iúl don IORPanna lena mbaineann é gan moill mhíchuí. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh a ghlacfaidh an beart sin an beart in iúl freisin d'údarás inniúil an Bhallstáit baile, agus i gcomhthéacs mhír 11, an tríú fomhír, do ÚEÁPC.';

(14) cuirtear isteach an tAirteagal 11a seo a leanas:

'Airteagal 11a

Athruithe ar an bhfaisnéis faoina dtugtar fógra

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás athrú ar aon cheann de na sonraí a chuirtear in iúl faoi Airteagal 11(3), pointí (b) nó (c), go dtabharfaidh IORP fógra i scríbhinn faoin athrú d'údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus an Bhallstáit óstaigh mí amháin ar a laghad sula ndéanfar an t-athrú chun é a chur ar a gcumas d'údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus an Bhallstáit óstaigh a n-oibleagáidí faoi seach faoi Airteagal 11 a chomhlíonadh.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás inarb iad na comhaltaí agus na tairbhithe a iompróidh an riosca infheistíochta ina iomláine, go mbeidh an fógra maidir le gnóthas urraíochta breise amháin nó níos mó do scéim pinsin ar tugadh fógra ina leith roimhe sin, nó maidir le leasuithe neamhábhartha ar shaintréithe na scéime sin, faoi réir nós imeachta simplithe um fhógra a thabhairt.';

(15) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

‘2a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh IORP aistritheach an fhaisnéis maidir le coinníollacha an aistrithe ar fáil do na comhaltaí agus do na tairbhithe lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, dá n-ionadaithe, go tráthúil agus sula gcuirfear isteach an t-iarratas dá dtagraítear i mír 4.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Beidh an t-aistriú trasteorann faoi réir formheas a fháil roimh ré:

(a) ó thromlach simplí de na comhaltaí agus na tairbhithe lena mbaineann, nó i gcás inarb infheidhme, tromlach simplí dá n-ionadaithe; agus

(b) ón ngnóthas urraíochta, i gcás inarb infheidhme.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), déanfar an tromlach simplí a ríomh bunaithe ar na freagraí a fuarthas.

Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh, chun aistriú a fhormheas, go sroichfear tairseach rannpháirtíochta suas le 25 % de na comhaltaí agus de na tairbhithe lena mbaineann.’;

(c) i mír 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘I gcás ina mbeidh gníomhaíocht trasteorann mar thoradh ar an aistriú, cuirfidh údarás inniúil Bhallstát baile an IORP aistrithigh údarás inniúil Bhallstát baile an IORP is faighteoir ar an eolas freisin faoi cheanglais an dlí shóisialta agus saothair atá ábhartha do réimse na scéimeanna pinsin ceirde nach mór an scéim pinsin a oibriú fúthu agus faoi cheanglais faisnéise an Bhallstáit óstaigh dá dtagraítear i dTeideal IV a mbeidh feidhm acu maidir leis an ngníomhaíocht trasteorann. Cuirfear é sin in iúl laistigh de 4 seachtaine eile.’;

(16) cuirtear isteach an tAirteagal 12a seo a leanas:

“Airteagal 12a

Aistrithe intíre

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar aistrithe idir IORPanna atá údaraithe laistigh den Bhallstát céanna ar dhliteanais uile scéime pinsin, ar fhorálacha teicniúla scéime pinsin, agus ar oibleagáidí agus cearta eile scéime pinsin, nó ar chuid díobh, agus ar shócmhainní comhfhreagracha nó ar choibhéis airgid thirim na scéime pinsin sin, a rialú le nósanna imeachta simplí trédhearcacha lena n-áirithítear cosaint na gcomhaltaí agus na dtairbhithe agus bainistiú fónta leanúnach na scéimeanna pinsin lena mbaineann.

Beidh aistrithe den sórt sin faoi réir formheas a fháil roimh ré ón údarás inniúil, a fhíoróidh an méid seo a leanas ar fad ar a laghad:

(a) go bhfuil an fhaisnéis a tíolacadh iomlán agus cruinn;

(b) go bhfuil struchtúr riaracháin, staid airgeadais, agus dea-cháil nó cáilíochtaí gairmiúla agus taithí na ndaoine a reáchtálann go hiarbhír na IORPanna lena mbaineann comhoiriúnach leis an aistriú atá beartaithe;

(c) go ndéantar leasanna fadtéarmacha na gcomhaltaí agus na dtairbhithe a chosaint go leordhóthanach;

(d) go bhfuil na sócmhainní atá le haistriú leordhóthanach agus iomchuí chun na dliteanais ghaolmhara, na forálacha teicniúla, agus oibleagáidí agus cearta eile a chumhdach.

I gcás ina ndéanfaidh Ballstát aistrithe intíre faoi réir formheas a fháil roimh ré ó na comhaltaí agus na tairbhithe lena mbaineann, ní bheidh an nós imeachta formheasa níos déine ná an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 12(3).';

(17) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Áiritheoidh an Ballstát baile go mbunóidh IORPanna a bhfuil scéimeanna pinsin á n-oibriú acu, i gcónaí, maidir le raon iomlán a scéimeanna pinsin ceirde agus, i gcás ina gceadaítear sin faoin dlí náisiúnta, raon iomlán scéimeanna pinsin phearsanta arna ndáileadh trí IORPanna, méid leordhóthanach dliteanas a chomhfhreagraíonn do na gealltanais airgeadais a eascraíonn as a bpunann de chonarthaí pinsin atá ann cheana.

2. Maidir le IORPanna a bhfuil scéimeanna pinsin á n-oibriú acu, i gcás ina soláthraíonn siad cumhdach in aghaidh rioscaí bithmhéadracha nó ina ráthaíonn siad feidhmíocht infheistíochta nó leibhéal áirithe sochar, áiritheoidh an Ballstát baile go mbunóidh siad forálacha teicniúla leordhóthanacha maidir le raon iomlán na scéimeanna sin.';

(18) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Áiritheoidh na Ballstáit baile go mbeidh na cumhachtaí is gá ag a n-údaráis inniúla chun ligean do IORP, ar feadh tréimhse theoranta ama, sócmhainní neamhleora a bheith aige chun na forálacha teicniúla a chumhdach. Sa chás sin, ceanglóidh na húdaráis inniúla ar an IORP plean téarnaimh nithiúil inréadaithe a ghlacadh le hamlíne chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais mhír 1 arís. Beidh an plean faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:';

(ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Is leis an dlí náisiúnta a chinnfear an tréimhse theoranta ama dá dtagraítear i bhfoclaíocht réamhráiteach na chéad fhomhíre agus ní rachaidh sí, in aon chás, thar 10 mbliana.';

(b) scriostar mír 3;

(19) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Maidir le gach IORP dá dtagraítear in Airteagal 15(1) atá údaraithe ina gcríoch, ceanglóidh na Ballstáit go gcoinneoidh sé i gcónaí corrlach sócmhainneachta leordhóthanach atá ar fáil i leith a ghnó ar fad agus atá comhionann ar a laghad leis na ceanglais sa Treoir seo chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach an tsoláthair pinsean ceirde a áirithiú, agus, i gcás ina gceadaítear é faoin dlí náisiúnta, chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach na físe scoir phearsanta a áirithiú.';

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Ní bheidh an figiúr dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír níos mó ná 3.5 % de shuim na ndifríochtaí idir, ar thaobh amháin, suimeanna caipitil ábhartha an árachais saoil, an tsoláthair pinsean ceirde, agus i gcás ina gceadaítear é faoin dlí náisiúnta, gníomhaíochtaí soláthair scoir phearsanta agus, ar an taobh eile, na forálacha matamaiticiúla le haghaidh na bpolasaithe uile a bhfuil Zillmerising indéanta ina leith. Laghdófar an difríocht faoi mhéid aon chostas éadála neamh-dhímheasa a iontráiltear mar shócmhainn.’;

(20) in Airteagal 17, cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

‘7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 64a chun na huimhreacha agus na luachanna céatadáin dá dtagraítear san Airteagal seo agus in Airteagal 18 a leasú.’;

(21) cuirtear isteach an tAirteagal 18a seo a leanas:

“Airteagal 18a

Tástáil struis inmheánach

1. Ceanglóidh údaráis inniúla na mBallstát baile ar IORPanna a bhfuil scéimeanna pinsin á n-oibriú acu, i gcás ina bhfrithgheallann an IORP féin, agus ní an gnóthas urraíochta, an dliteanas chun cumhdach a dhéanamh in aghaidh riosca bithmhéadraigh, nó i gcás ina ráthaíonn sé feidhmíocht infheistíochta ar leith nó leibhéal áirithe sochar, tástáil struis a dhéanamh gach trí bliana ar a laghad chun measúnú a dhéanamh ar a gcumas a n-oibleagáidí i leith comhaltaí agus tairbhithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcásanna ina léirítear forbairtí díobhálacha sa mhargadh agus forbairtí déimeagrafacha.

D’ainneoin na chéad fhomhíre, beidh an chumhacht ag údarás inniúil an Bhallstáit baile a cheangal ar IORP an cleachtadh tástála struis a dhéanamh níos minice, ar a laghad i gcás ina sainaithnítear i dtorthaí na dtástálacha struis sna blianta roimhe sin riosca nach mbeidh sócmhainní leordhóthanacha agus iomchuí ann chun na forálacha teicniúla a chumhdach laistigh de na deich mbliana amach romhainn.

Féadfaidh na Ballstáit a cheangal freisin ar an IORP measúnú a dhéanamh i dtaobh an sáraíonn a chorrlach sócmhainneachta réamh-mheasta atá ar fáil a chorrlach sócmhainneachta is gá, nó, i gcás inarb infheidhme, aon leibhéal níos airde de chistí dílse rialála a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta de bhun Airteagal 15.

2. Chun críocha mhír 1, déanfaidh IORPanna réamh-mheastacháin, sna deich mbliana airgeadais amach romhainn ó dháta na ráiteas airgeadais is déanaí, ar shócmhainní agus ar dhliteanais faoi gach ceann de na cásanna seo a leanas:

(a) cás bunlíne lena leathnaítear na dálaí eacnamaíocha atá i réim ar dháta na ráiteas airgeadais is déanaí;

(b) cás díobhálach ina mbeadh laghdú coibhneasta buan 40 % ar rátaí úis nó laghdú absalóideach 0.75 pointe céatadáin, cibé acu is déine, gan rátaí úis a bheith faoi bhun 0 % nó níos mó ná 3.5 %;

(c) cás díobhálach ina dtiocfadh laghdú 30 % ar thorthaí infheistíochta ar shócmhainní nach féidir a dhímheas;

(d) laghdú 10 % ar rátaí mortlaíochta ball agus tairbhithe ag gach aois.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar IORPanna an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) réamh-mheastacháin a dhéanamh thar thréimhse is faide ná deich mbliana airgeadais;

(b) réamh-mheastacháin a dhéanamh i gcásanna díobhálacha atá níos déine ná na cásanna a leagtar amach sa chéad fhomhír, pointí (b), (c) nó (d);

(c) réamh-mheastacháin a dhéanamh faoi chásanna struis breise.

3 I gcás ina léiríonn torthaí na tástála struis dá dtagraítear i mír 1 nach mbeadh sócmhainní leordhóthanacha ag IORP, faoi aon cheann de na cásanna dá dtagraítear i mír 2, chun na forálacha teicniúla a chumhdach nó, i gcás inarb infheidhme, nach mbeadh corrlach sócmhainneachta leordhóthanach ar fáil aige chun an corrlach sócmhainneachta is gá a chomhlíonadh nó aon leibhéal níos airde de chistí dílse rialála a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta de bhun Airteagal 15 d'aon bhliain réamh-mheasta, áiritheoidh na Ballstáit go gceanglóidh an t-údarás inniúil ar an IORP plean cóineasaithe a thíolacadh.

Leagfar amach sa phlean um chóineasú sin na bearta a bhfuil sé ar intinn ag IORP a dhéanamh chun go n-athbhunófar, le linn na tréimhse réamh-mheasta, a chumas sócmhainní leordhóthanacha a chothabháil chun na forálacha teicniúla a chumhdach, nó i gcás inarb infheidhme, corrlach sócmhainneachta atá ar fáil a bheith aige a sháraíonn an corrlach sócmhainneachta is gá, sna cásanna uile dá dtagraítear i mír 2.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh an IORP an plean cóineasaithe faoi bhráid an údaráis inniúil laistigh de 3 mhí ón dáta a ndéanfar an tástáil struis.

I gcás nach dtíolacfar aon phlean um chóineasú laistigh de 3 mhí, nó i gcás nach mbeidh gníomhaíochtaí inchreidte sa phlean um chóineasú chun aghaidh a thabhairt ar an tearcmhaoiniú a sainaithníodh nó, i gcás inarb infheidhme, ar leibhéal neamhleor an chorrlaigh sócmhainneachta atá ar fáil sa tástáil struis, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an chumhacht ag na húdaráis inniúla a cheangal ar an IORP corrlach sócmhainneachta níos airde atá ar fáil a bheith aige.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 i gcás ina gceadaítear do IORP, de bhun Airteagal 14(2), sócmhainní neamhleora a bheith aige chun na forálacha teicniúla a chumhdach ar feadh tréimhse theoranta ama. Sa chás sin, áiritheoidh na Ballstáit go léireofar sa phlean téarnaimh arna ghlacadh faoi Airteagal 14(2) toradh na tástála struis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus, i gcás inar gá, go ndéanfar é a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin, go háirithe agus na bearta agus an tréimhse chun cistiú iomlán a athbhunú á gcinneadh.

5. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan míreanna 1 go 3 a chur i bhfeidhm i gcás ina gceanglaíonn siad ar IORPanna atá lonnaithe ar a gcríoch cistí dílse rialála a bheith ina seilbh acu, de bhreis ar an gcorrlach sócmhainneachta is gá dá dtagraítear in Airteagal 17, ar choinníoll go bhfuil na ceanglais cistí dílse rialála sin rioscabhunaithe, ar a laghad i ndáil le rioscaí margaidh agus fadsaolaí.';

(22) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráitítí:

‘1. Ceanglóidh na Ballstáit ar IORPanna atá údaraithe ina gcríoch infheistíocht a dhéanamh i gcomhréir le prionsabal an duine stuama agus go háirithe i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) de réir phrionsabal an duine stuama, cuirfidh IORPanna rioscaí inbhuanaitheachta san áireamh, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (22), de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* ina gcinntí infheistíochta agus chun na críche sin, cuirfidh IORPanna san áireamh an tionchar fadtéarmach a d’fhéadfadh a bheith ag a straitéis infheistíochta agus a gcinntí ar thosca inbhuanaitheachta, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (24), de Rialachán (AE) 2019/2088. Déanfar é sin ar bhealach comhréireach, agus cineál, scála agus castacht ghníomhaíochtaí IORPanna á gcur san áireamh.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) déanfar na sócmhainní a infheistiú go príomha ar mhargaí rialáilte, ar shaoráidí trádála iltaobhacha nó ar shaoráidí trádála iltaobhacha;’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas ó 1a go 1d isteach:

‘1a. Maidir leis an bpunann iomlán sócmhainní, ceanglóidh na Ballstáit nach n-infheisteoidh IORPanna ach i sócmhainní agus in ionstraimí ar féidir leis an IORP lena mbaineann a rioscaí a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú, a rialú agus a thuairisciú i gceart, agus a chur san áireamh go hiomchuí sa mheasúnú ar a riachtanais chistiúcháin fhoriomlána agus sa mheasúnú ar na rioscaí do chomhaltaí agus do thairbhithe a bhaineann lena sochair scoir a íoc i gcomhréir le hAirteagal 28.

1b. Ceanglóidh na Ballstáit go ndéanfar sócmhainní arna sealbhú chun na forálacha teicniúla a chumhdach a infheistiú freisin ar bhealach atá iomchuí do chineál agus d’fhad na ndliteanas arna ndéanamh ag an IORP.

1c. Ceanglóidh na Ballstáit go léireoidh cinntí infheistíochta IORPanna sainroghanna inbhuanaitheachta na gcomhaltaí agus na dtairbhithe, i gcás ina bhfuil IORPanna in ann na sainroghanna ballraíochta sin a thomhas agus a mhéid atá na sainroghanna sin comhsheasmhach leis na prionsabail infheistíochta a leagtar amach i mír 1.

1d. Chun críocha mhír 1c, ciallóidh sainroghanna inbhuanaitheachta rogha comhalta, tairbhí nó comhalta ionchasaigh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil ceann amháin nó níos mó de na hionstraimí airgeadais seo a leanas le comhtháthú ina infheistíocht nó ina hinfheistíocht agus, má tá, a mhéid atá siad le comhtháthú:

(a) ionstraim airgeadais a gcinneann an custaiméir nó an custaiméir ionchasach ina leith go bhfuil cion íosta le hinfheistiú in infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

(b) ionstraim airgeadais ar ina leith a chinneann custaiméir nó custaiméir ionchasach go n-infheisteofar sciar íosta in infheistíochtaí inbhuanaithe faoi mar a shainítear in Airteagal 2, pointe (17), de Rialachán (AE) 2019/2088;

(c) ionstraim airgeadais lena mbreithnítear drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (24), de

Rialachán (AE) 2019/2088, i gcás ina gcinneann an custaiméir nó custaiméir ionchasach gnéithe cáilíochtúla nó cainníochtúla lena léirítear an breithniú sin.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'I gcomhréir le forálacha mhíreanna 1 go 5, féadfaidh na Ballstáit an chumhacht a thabhairt don údarás inniúil, i gcás IORPanna atá údaraithe ina gcríocha, rialacha níos mionsonraithe a leagan síos, ar choinníoll go bhfuil údar stuamachta leo.

Ní chuirfear aon riail den sórt sin i bhfeidhm ach amháin i gcás ina bhfuil an riosca infheistíochta ar na comhaltaí agus na tairbhithe. I gcásanna den sórt sin, áfach, ní chuirfear cosc ar IORPanna an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) suas le 70 % de na sócmhainní a infheistiú lena gcumhdaítear na forálacha teicniúla nó an phunann iomlán le haghaidh scéimeanna ina n-iompraíonn na comhaltaí na rioscaí infheistíochta i scaireanna, urrúis shoshannta a láimhseáiltear mar scaireanna agus bannaí corparáideacha a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargaí rialáilte, nó trí shaoráidí trádála iltaobhacha nó trí shaoráidí trádála iltaobhacha, agus ualú coibhneasta na n-urrús sin ina bpunann infheistíochta a chinneadh;

(b) suas le 30 % de na sócmhainní lena gcumhdaítear forálacha teicniúla i sócmhainní a ainmnítear in airgeadraí seachas iad sin ina sloinntear na dliteanais a infheistiú;

(c) infheistiú in ionstraimí a bhfuil ionchas infheistíochta fadtéarmach acu agus nach ndéantar a thrádáil ar mhargaí rialáilte, ar shaoráidí trádála iltaobhacha nó ar shaoráidí trádála iltaobhacha;

(d) infheistiú in ionstraimí arna n-eisiúint nó arna ráthú ag BEI dá bhforáiltear faoi chuimsiú an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, na gCistí Eorpacha Infheistíochta Fadtéarmaí, na gCistí Eorpacha um Fhiontraíocht Shóisialta agus na gCistí Caipitil Fiontair Eorpacha.';

(d) scriostar míreanna 7 agus 8;

---

* Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2088/oj).;

** Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

(23) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Ceanglóidh na Ballstáit ar gach IORPanna córas éifeachtach rialachais a bheith i bhfeidhm acu lena bhforáiltear do bhainistiú fónta agus stuama a gcuid gníomhaíochtaí. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad ag an gcóras sin:

(a) struchtúr eagraíochtúil leordhóthanach agus trédhearcach ina mbeidh leithdháileadh soiléir agus deighilt iomchuí freagrachtaí;

(b) córas éifeachtach chun tarchur faisnéise agus bainistiú coinbhleachtaí leasa a áirithiú.

Áiritheofar leis an gcóras rialachais sin go ndéanfar tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais a bhaineann le sócmhainní infheistíochta a mheas i gcinntí infheistíochta agus go mbeidh siad faoi réir athbhreithnithe inmheánacha tráthrialta.

Le hathbhreithnithe inmheánacha den sórt sin, déanfar measúnú ar a leordhóthanaí atá comhdhéanamh, éifeachtacht agus rialachas inmheánach an chomhlachta riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta, agus cineál, scála agus castacht na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí IORP á gcur san áireamh.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

'3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh IORPanna beartais i scríbhinn a bhunú agus a chur i bhfeidhm i ndáil le bainistiú riosca, rialú inmheánach, iniúchóireacht inmheánach, luach saothair agus, i gcás inarb ábhartha, gníomhaíochtaí achtúireacha agus seachfhoinsithe, agus go gcuirfear na beartais sin chun feidhme. Beidh na beartais i scríbhinn sin faoi réir formheas a fháil roimh ré ó chomhlacht bainistíochta nó maoirseachta IORP agus déanfar athbhreithniú orthu gach 3 bliana ar a laghad agus déanfar iad a oiriúnú i bhfianaise aon athrú mór ar an gcóras nó ar an réimse lena mbaineann.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach i bhfeidhm ag IORPanna. Beidh nósanna imeachta riaracháin agus cuntasaíochta, creat rialaithe inmheánaigh, agus socruithe tuairiscithe iomchuí ag an gcóras sin ar gach leibhéal de IORP agus beidh feidhm chomhlíonta aige.';

(c) cuirtear an mhír 4a seo a leanas isteach:

'4a. Áireofar leis an bhfeidhm chomhlíonta comhairle a chur ar an gcomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta maidir le comhlíonadh na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin arna nglacadh de bhun na Treorach seo. Déanfaidh sé measúnú freisin ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aon athrú sa timpeallacht dhlíthiúil ar oibríochtaí an IORP lena mbaineann agus déanfaidh sé riosca comhlíontachta a shainaithint agus a mheasúnú.'

(d) i mír 6, scriostar an dara habairt agus an tríú habairt;

(e) cuirtear na míreanna seo a leanas, míreanna 7 go 10, isteach:

'7. I gcás ina bhfuil coinbhleacht leasa fhéideartha nó iarbhír ann a eascraíonn as an gcaidreamh idir an IORP agus soláthraí seirbhíse an IORP, ceanglóidh na Ballstáit go ndéanfaidh na daoine a reáchtálann iarbhír an IORP cinntí neamhspleácha chun leasa na gcomhaltaí agus na dtairbhithe amháin.

8. Ceanglóidh na Ballstáit ar IORPanna agus, i gcás inarb infheidhme, ar a gcoistí ainmniúcháin faoi seach sraith leathan cáilíochtaí agus inniúlachtaí a ghlacadh agus comhaltaí á roghnú acu ar an gcomhlacht bainistíochta nó maoirseachta, lena n-áiritheofar ionadaíocht chothrom idir mná agus fir.

Ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh IORPanna agus, i gcás inarb infheidhme, a gcoistí ainmniúcháin faoi seach, beartas i bhfeidhm lena gcuirtear éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn sa chomhlacht bainistíochta nó maoirseachta. Cuirfear san áireamh sa bheartas sin, i gcás inarb ábhartha, go n-áirítear sa chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta ionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta, agus cuirfear i bhfeidhm é ar bhealach atá comhréireach le cineál, scála agus castacht ghníomhaíochtaí IORPanna.

Ceanglóidh na Ballstáit freisin go leagfar síos sa bheartas cuspóirí cainníochtúla aonair a bhaineann le cothromaíocht inscne ar bhealach atá comhréireach le cineál, scála agus castacht ghníomhaíochtaí na IORPanna. Breithneofar leis an sprioc comhaltaí an chomhlachta bainistíochta nó maoirseachta arna roghnú ag urraitheoir an IORPanna agus ní bheidh feidhm aici maidir le IORPanna i gcás ina bhfuil trí nó níos lú comhaltaí an chomhlachta bainistíochta nó maoirseachta arna roghnú ag urraitheoir na IORPanna.

9. Ceanglóidh na Ballstáit ar IORPanna an sprioc maidir le hionadaíocht chothrom inscne na hinscne tearcionadaithe sa chomhlacht bainistíochta nó maoirseachta a nochtadh go poiblí, an beartas maidir le conas an líon inscne tearcionadaithe sa chomhlacht bainistíochta nó maoirseachta a mhéadú agus a chur chun feidhme sna tuarascálacha bliantúla.

10. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil bealaí, modhanna agus cumhachtaí iomchuí ag na húdaráis inniúla chun córas rialachais na IORPanna a fhíorú agus chun meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí atá ag teacht chun cinn arna sainaithint ag na IORPanna sin a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá bhfóntacht airgeadais.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí is gá ag a n-údaráis inniúla chun a cheangal go ndéanfar an córas rialachais a fheabhsú agus a neartú chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 20 go 32.';

(24) Leasaítear Airteagal 22 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar IORPanna a áirithiú, maidir le daoine a riarann an IORP go héifeachtach, na comhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta, daoine a dhéanann príomhfheidhmeanna agus, i gcás inarb infheidhme, daoine nó eintitis ar seachfhoinsíodh príomhfheidhm chucu i gcomhréir le hAirteagal 31, go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais seo a leanas agus a gcúraimí á ndéanamh acu:

(a) an ceanglas a bheith oiriúnach:

(i) i gcás daoine a reáchtálann an IORP go héifeachtach, ciallaíonn sé sin go bhfuil a gcáilíochtaí, a n-eolas agus a dtaithí leordhóthanach chun a chur ar a gcumas bainistíocht fhónta stuama an IORP a áirithiú, lena n-áireofar an t-eolas agus na hinniúlachtaí a chuirfidh ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar na leibhéil éagsúla riosca a bhfuil comhaltaí agus tairbhithe neamhchosanta orthu, ag brath ar chineál na scéimeanna a bhfuil siad mar chuid díobh;

(ii) i gcás daoine a dhéanann príomhfheidhmeanna na hiniúchóireachta achtúirí nó na hiniúchóireachta inmheánaí, ciallaíonn sé sin go bhfuil a gcáilíochtaí gairmiúla, a n-eolas agus a dtaithí leordhóthanach chun a bpríomhfheidhmeanna a chur i gcrích i gceart;

(iii) i gcás daoine a dhéanann príomhfheidhmeanna eile, ciallaíonn sé sin go bhfuil a gcáilíochtaí, a n-eolas agus a dtaithí leordhóthanach chun a bpríomhfheidhmeanna a dhéanamh i gceart;

(iv) i gcás na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta, ciallaíonn sé sin go bhfuil cáilíochtaí, eolas agus taithí a gcomhaltaí

leordhóthanach i dteannta a chéile chun a chur ar a gcumas a ndualgais a chomhlíonadh;

(b) an ceanglas a bheith cuí: go bhfuil dea-cháil orthu agus go bhfuil siad ionraic.';

(b) cuirtear isteach na míreanna 1a agus 1b seo a leanas:

'1a. Ceanglóidh na Ballstáit go dtabharfaidh IORPanna fógra dá n-údaráis inniúla faoi aon athrú ar chéannacht na ndaoine dá dtagraítear i mír 1, mar aon leis na cúiseanna atá leis na hathruithe agus an fhaisnéis uile is gá chun a mheas an bhfuil na daoine nua a cheapfar cuí agus cóir.

1b. Ceanglóidh na Ballstáit go dtabharfaidh IORPanna fógra dá n-údaráis inniúla i gcás nach gcomhlíonann aon duine de na daoine dá dtagraítear i mír 1 na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin a thuilleadh nó i gcás inar cuireadh daoine eile ina n-ionad ar an gcúis sin.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na húdaráis inniúla in ann a mheas an bhfuil na daoine dá dtagraítear i mír 1 in ann na ceanglais a leagtar síos i mír 1 a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach, agus an bhfuil aon choinbhleacht leasa iarbhír nó féideartha ann agus conas a dhéantar iad a chosc nó a bhainistiú.';

(d) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

'2a. I gcás nach gcomhlíonann duine a reáchtálann an IORP go héifeachtach nó a bhfuil príomhfheidhmeanna eile aige nó aici na ceanglais a leagtar amach i mír 1, beidh an chumhacht ag na húdaráis inniúla a cheangal ar an IORP an duine sin a bhaint den phost sin.';

(25) in Airteagal 23(3), cuirtear na pointí (h) agus (i) seo a leanas leis:

'(h) sonrófar sa bheartas luacha saothair conas a chuirfidh an IORP san áireamh comhtháthú rioscaí inbhuanaitheachta, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (22), de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, sa chóras bainistithe riosca;

(i) beidh beartais agus cleachtais luacha saothair oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, agus beidh siad bunaithe ar phrionsabal an phá chomhionainn d'fhostaithe fireanna agus baineanna as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach do mhná agus d'fhir.';

(26) in Airteagal 25(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Cumhdófar leis an gcóras bainistithe riosca, ar bhealach atá comhréireach le cineál, scála agus castacht ghníomhaíochtaí na IORPanna, rioscaí a d'fhéadfadh tarlú in IORPanna nó i ngnóthais ar seachfhoinsíodh cúraimí nó gníomhaíochtaí IORPanna chucu, sna réimsí seo a leanas ar a laghad, i gcás inarb infheidhme:';

(27) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 26:

‘Airteagal 26

Feidhm iniúchóireachta inmheánaí

1. Ceanglóidh na Ballstáit ar IORPanna ar bhealach atá comhréireach le cineál, scála agus castacht a ngníomhaíochtaí foráil a dhéanamh maidir le feidhm iniúchóireachta inmheánaí éifeachtach.

Áireofar san fheidhm iniúchóireachta inmheánaí meastóireacht ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus ar ghnéithe eile den chóras rialachais, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, gníomhaíochtaí seachfhoinsithe.

2. Tuairisceofar torthaí agus moltaí na hiniúchóireachta inmheánaí don chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta a chinnfidh na gníomhaíochtaí atá le déanamh i ndáil le gach ceann de thorthaí agus moltaí na hiniúchóireachta inmheánaí agus áiritheoidh sé go gcuirfear na gníomhaíochtaí sin i gcrích.’;

(28) Leasaítear Airteagal 28 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh IORPanna beartas i scríbhinn le haghaidh féinmheasúnú riosca ina mbeidh na próisis agus na nósanna imeachta chun an measúnú a dhéanamh, minicíocht an mheasúnaithe agus na modhanna.’;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráitítí:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar an méid seo a leanas sa mheasúnú riosca dá dtagraítear i mír 1, ag féachaint do chineál, do scála agus do chastacht ghníomhaíochtaí IORP:’;

(ii) cuirtear isteach na pointí (i), (j) agus (k) seo a leanas:

‘(i) measúnú ar an gcaoi a bhfuil na rioscaí a bhfuil nó a bhféadfadh an IORP a bheith neamhchosanta orthu i gcomparáid leis na teorainneacha lamháltais riosca arna bhformheas ag comhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an IORP;

(j) an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 44b(2);

(k) measúnú ar bharainneachtaí scála agus roghanna éifeachtúlachta, lena n-áirítear rannpháirtíocht i struchtúir infheistíochta chomhthiomsaithe, i seirbhísí comhroinnte nó in aistrithe, agus ar a dtionchar ar chomhaltaí agus ar thairbhithe.’;

(iii) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (i), ceanglóidh na Ballstáit, i gcás ina n-iompróidh comhaltaí agus tairbhithe rioscaí, i gcomhréir le coinníollacha na scéime pinsin, go mbreithneofar na teorainneacha riosca agus lamháltais riosca ó thaobh na gcomhaltaí agus na dtairbhithe de, agus a gcumas riosca agus a bhfonn riosca a sheasamh á gcur san áireamh.’;

(29) in Airteagal 30, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘Ceanglóidh na Ballstáit go n-aithneofar sa ráiteas cuspóirí infheistíochta soiléire do gach scéim pinsin atá comhsheasmhach lena cuspóir ioncaim scoir, le cuspóirí

feidhmíochta foriomlána na scéime agus leis na modhanna chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht. Sainaithneofar sa ráiteas freisin cathain is féidir glacadh le dialltaí ón straitéis leithdháilte sócmhainní agus ó na cuspóirí feidhmíochta agus a mhéid is féidir glacadh leo. Áireofar sa bheartas infheistíochta freisin aon chinneadh uileghabhálach maidir le leithdháileadh oirbheartaíochta sócmhainní, roghnú slándála agus forghníomhú trádála.

Tabharfar aghaidh sa ráiteas freisin ar cé acu a úsáidfear nó nach n-úsáidfear aicmí sócmhainní níos casta, lena n-áirítear aicmí malartacha sócmhainní, agus ar an bhfáth, a mhéid a úsáidfear iad agus ar an gcaoi a n-úsáidfear iad, agus sonrófar ann méid iomchuí na neamhchosanta ar riosca contrapháirtí.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh an IORP nósanna imeachta agus critéir chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an bheartais infheistíochta agus chun a chinneadh an bhfuil gá le leasuithe ar an mbeartas, ar a nósanna imeachta cur chun feidhme nó ar an struchtúr cinnteoireachta.

Glacfaidh comhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta IORP an ráiteas. I gcás ina mbainistíonn IORP scéimeanna pinsin éagsúla, ullmhófar ráitis ar leithligh maidir le beartas infheistíochta do gach ceann acu.

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás scéimeanna pinsin ina bhfuil comhaltaí i dteideal roghanna infheistíochta a dhéanamh, go ndéanfar foráil sa ráiteas maidir le raon iomchuí roghanna infheistíochta, lena n-áirítear rogha réamhshocraithe, go n-aicmeofar na roghanna sin de réir chineál agus mhéid an riosca infheistíochta a iompraíonn na comhaltaí, agus go n-áiritheofar go gcuirfear faisnéis leordhóthanach ar fáil chun cinntí infheistíochta eolasacha a chumasú.';

(30) Leasaítear Airteagal 31 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Ceadóidh na Ballstáit do IORPanna atá údaraithe ina gcríoch, nó ceanglóidh siad orthu, aon ghníomhaíocht, lena n-áirítear príomhfheidhmeanna agus bainistiú na IORPanna sin, a chur de chúram, go hiomlán nó go páirteach, ar sholáthraithe seirbhíse a oibríonn thar ceann na IORPanna sin, ar choinníoll go gcomhlíonann na socruithe seachfhoinsithe míreanna 2 go 7.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh IORPanna a sheachfhoinsíonn príomhfheidhmeanna, bainistiú na IORPanna sin, nó gníomhaíochtaí eile a chumhdaítear leis an Treoir seo comhaontú i scríbhinn is infheidhme le dlí leis an soláthraí seirbhíse. Áireofar i gcomhaontú den sórt sin miondealú ar chostais dhíreacha agus indíreacha agus saineofar go soiléir ann cearta agus oibleagáidí an IORP agus an tsoláthraí seirbhíse. I gcás coinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann leis an soláthraí seirbhíse, déanfaidh IORPanna nósanna imeachta a dhoiciméadú agus a chur chun feidhme chun coinbhleachtaí leasa a chosc nó a bhainistiú.';

(c) scriostar mír 7;

(31) Leasaítear Airteagal 33 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

'1. I gcás scéim pinsin ina n-iompraíonn comhaltaí agus tairbhithe an riosca infheistíochta ina iomláine, ceanglóidh údarás inniúil an Bhallstáit baile ar an IORP

taiscí amháin a cheapadh in aghaidh na scéime pinsin chun sócmhainní a choimeád slán agus chun dualgais formhaoirseachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 35 nó, má choimeádann an IORP féin na sócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 34(2), ceanglóidh sé ar an IORP iontaobhaí a bheith aige a chomhlíonfaidh na dualgais formhaoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 35 agus cuirfear in iúl don údarás inniúil é.

Chun críocha na chéad fhomhíre, ní ghníomhóidh IORP ná, i gcás inarb infheidhme, an t-eintiteas údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 2(1), mar thaiscí don scéim sin.

2. I gcás scéimeanna pinsin nach n-iompraíonn na comhaltaí agus na tairbhithe an riosca infheistíochta go hiomlán iontu, féadfaidh an Ballstát baile a cheangal ar an IORP taiscí amháin a cheapadh in aghaidh na scéime pinsin chun sócmhainní a choimeád slán nó chun sócmhainní a choimeád slán agus chun dualgais formhaoirseachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 35.

3. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chaibidil seo, maidir le ceapadh an taiscí, beidh feidhm ag Caibidil IV de Threoir 2009/65/CE dá réir sin.

Ní chuirfidh na Ballstáit srian ar IORPanna taiscí atá bunaithe i mBallstát eile a cheapadh.';

(32) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34:

'Airteagal 34

Sócmhainní a choimeád slán agus dliteanas taisce

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chaibidil seo, beidh feidhm ag Caibidil IV de Threoir 2009/65/CE dá réir sin maidir le cúraimí na dtaisclann a fhorghníomhú i ndáil le sócmhainní a choimeád slán agus leis an dliteanas taisce.

2. I gcás nach gceapfar aon taisce chun sócmhainní a choimeád slán, ceanglófar ar IORPanna, ar a laghad:

(a) a áirithiú go mbeidh ionstraimí airgeadais faoi réir cúram agus cosaint chuí;

(b) taifid a choimeád a chuirfidh ar chumas an IORP na sócmhainní uile a shainaithint i gcónaí agus gan mhoill;

(c) na bearta is gá a dhéanamh chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint i ndáil le sócmhainní a choimeád slán;

(d) na húdaráis inniúla a chur ar an eolas, arna iarraidh sin, faoin gcaoi a gcoimeádtar sócmhainní.';

(33) in Airteagal 35, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chaibidil seo, maidir le dualgais formhaoirseachta na taisclainne, beidh feidhm ag Caibidil IV de Threoir 2009/65/CE dá réir sin.';

(34) cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal Theideal IV:

‘TEIDEAL IV
FAISNÉIS ATÁ LE TABHAIRT DO CHOMHALTAÍ, COMHALTAÍ AGUS TAIRBHITHE IONCHASACHA AGUS RIALACHA IOMPAIR GNÓ’;

(35) Leasaítear Airteagal 36 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Agus cineál na scéime pinsin a bunaíodh á chur san áireamh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gach IORP a údaraítear ina gcríoch agus a oibríonn scéimeanna pinsin ceirde an méid seo a leanas a sholáthar:

(a) comhaltaí ionchasacha: ar a laghad an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 41;

(b) comhaltaí: ar a laghad an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagail 37 go 40, 41a, 42 agus 44; agus

(c) tairbhithe: ar a laghad an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagail 37, 41a, 43 agus 44.

I gcás, de bhun an dlí náisiúnta, ina bhfuil IORPanna údaraithe chun táirgí pinsin phearsanta a sholáthar, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gach IORPanna atá údaraithe ar a gcríoch, agus a sholáthraíonn na táirgí sin seachas an Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2019/1238, faisnéis a sholáthar do choigilteoirí ionchasacha agus do choigilteoirí pinsin phearsanta agus tairbhithe atá soiléir, cothrom, nach bhfuil míthreorach, agus atá iomchuí do chineál an táirge, don bhealach dáileacháin agus do shaintréithe an choigilteora nó an tairbhí. Áiritheofar leis an bhfaisnéis sin leibhéal trédhearcachta agus cosanta atá coibhéiseach leis an leibhéal a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta maidir le dáileadh táirgí pinsin phearsanta ag eintitis nó institiúidí eile, i leith na ngnéithe seo a leanas ar a laghad:

(a) céannacht, foirm dhlíthiúil agus stádas údaraithe an IORP;

(b) príomhthréithe, príomhchostais agus príomhrioscaí an táirge pinsin phearsanta a thairgtear;

(c) aon chomhairle nó moladh a cuireadh ar fáil a bheith ann agus cineál na comhairle nó an mholta sin;

(d) cineál aon luach saothair a fuarthas i ndáil leis an táirge;

(e) na nósanna imeachta maidir le gearáin agus sásamh.

Féadfaidh na Ballstáit na ceanglais sin a oiriúnú chun gnéithe sonracha IORPanna agus éagsúlacht na mbealaí dáilte pinsean pearsanta a léiriú.’;

(b) cuirtear mír 4 seo a leanas leis:

‘4. Eiseoidh ÚEÁPC treoirlínte, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le hAirteagail 41, 42 agus 43.’;

(36) in Airteagal 37(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) i gcás ina seasann comhaltaí riosca infheistíochta nó inar féidir leo cinntí infheistíochta a dhéanamh, faisnéis maidir le feidhmíocht infheistíochtaí roimhe sin a bhaineann leis an scéim pinsin ar feadh deich mbliana ar a laghad, nó le haghaidh na mblianta uile a bhí an scéim ag feidhmiú i gcás inar lú sin ná deich mbliana;’;

(37) cuirtear isteach an tAirteagal 37a seo a leanas:

“Airteagal 37a

Córais rianaithe pinsean

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil córais rianaithe pinsean i bhfeidhm, go gcumhdóidh siad na teidlíochtaí pinsin arna riar ag IORPanna.

2.Chun críocha mhír 1, áiritheoidh na Ballstáit go dtarchuirfidh IORPanna chuig córais rianaithe pinsean, i gcás ina bhfuil córais den sórt sin bunaithe, an fhaisnéis uile is gá chun forbhreathnú cuimsitheach, iontaofa agus cothrom le dáta a thabhairt do chomhaltaí agus do thairbhithe ar a dteidlíochtaí pinsin ceirde agus pearsanta, a mhéid a riarann an IORPanna na teidlíochtaí sin.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go dtarchuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 i bhformáid chaighdeánaithe, mheaisín-inléite agus idir-inoibritheach lena gcumasófar do chórais rianaithe pinsean sonraí maidir le cearta fabhraithe, caipiteal carntha agus sochair réamh-mheasta a chomhiomlánú ar bhealach comhleanúnach inchomparáide.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go leanfaidh IORPanna de bheith freagrach go hiomlán as iomláine agus cruinneas na sonraí arna dtarchur agus as comhlíonadh na n-oibleagáidí cumarsáide uile dá bhforáiltear san Airteagal seo.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla faireachán ar chomhlíonadh an Airteagail seo agus go bhforfheidhmeoidh siad é agus go ndéanfaidh siad bearta ceartaitheacha i gcás ina mainníonn IORPanna faisnéis iomlán, chruinn nó thráthúil a sholáthar.

6. Beidh formáid agus struchtúr na faisnéise atá le tarchur chuig córais rianaithe pinsean comhsheasmhach leis an bhformáid agus leis an struchtúr a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 38.’;

(38) Leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

‘1. Ceanglóidh na Ballstáit ar IORPanna doiciméad achomair a tharraingt suas ina mbeidh faisnéis bhunriachtanach do gach comhalta. Cuirfear faisnéis ar fáil sa doiciméad sin maidir leis an leibhéal riosca a iompraíonn an comhalta agus cuirfear san áireamh ann cineál sonrach na gcóras pinsin náisiúnta agus an dlí náisiúnta sóisialta, saothair agus cánach ábhartha (‘Ráiteas Sochair Pinsin’). Beidh na focail ‘Ráiteas Sochair Pinsin’ i dteideal an doiciméid.

2. Déanfar an dáta cruinn agus an tréimhse dá dtagraíonn an fhaisnéis sa Ráiteas Sochair Pinsin a lua go feiceálach.

3. Ceanglóidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis atá sa Ráiteas Sochair Pinsin cruinn, cothrom le dáta, comhsheasmhach leis na roghanna a dhéanfar agus iomlán. Chun tuiscint a éascú, beidh an fhaisnéis a chuirfear i láthair srathach agus leanfaidh

sí prionsabail an dea-dhearaidh. Cuirfear an Ráiteas Sochair Pinsin ar fáil do gach comhalta saor in aisce ar pháipéar nó trí mheán leictreonach, lena n-áirítear ar mheán marthanach nó trí shuíomh gréasáin, uair sa bhliain ar a laghad, i gcomhréir le rogha an chomhalta. Gheofar tosaíocht i dtús na ballraíochta ar a laghad.';

(b) cuirtear mír 6 seo a leanas leis:

'6. Soláthrófar formáid agus struchtúr an Ráitis Sochair Pinsin do chomhaltaí agus do thairbhithe agus bainfear úsáid as formáid chaighdeánaithe an Aontais, agus cuirfear san áireamh freisin saintréithe na gcineálacha éagsúla scéimeanna pinsin.

Déanfaidh ÚEÁPC, tar éis dó tástáil tomhaltóirí agus tástáil tionscail a dhéanamh, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt ina sonrófar na mionsonraí maidir le cur i láthair na faisnéise dá dtagraítear in Airteagail 38 go 40. I ndáil le cur i láthair na faisnéise maidir le feidhmíocht roimhe seo dá dtagraítear in Airteagal 39(1), pointe (i), cuirfidh ÚEÁPC saintréithe na gcineálacha éagsúla scéimeanna san áireamh agus na caighdeáin theicniúla rialála sin á ndréachtú aige, go háirithe má iompraíonn comhaltaí agus tairbhithe riosca infheistíochta nó i gcás ina bhfuil an straitéis infheistíochta spleách ar aois nó ina bhfuil meaitseáil ré san áireamh inti.

Chun dúbláil na gceanglas tuairiscithe a íoslaghdú, agus na dréachtchaighdeáin rialála á bhforbairt, áiritheoidh ÚEÁPC, a mhéid is féidir, ailíniú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/473* ón gCoimisiún, agus beidh sé d'aidhm aige éascú a dhéanamh ar fhaisnéis an Ráitis Sochair Pinsin a chur isteach i gcórais rianaithe pinsean agus inúsáidteacht a áirithiú do chomhaltaí agus do thairbhithe.

Déanfaidh ÚEÁPC na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 18 mhí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa tríú fomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

---

* Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/473 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar na ceanglais maidir le doiciméid faisnéise, na costais agus na táillí a áirítear faoin teorainn costais agus teicnící maolaithe riosca i gcomhair an Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpaigh (IO L 99, 22.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/473/oj).';

(39) in Airteagal 39, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe (ba) seo a leanas isteach:

'(ba) an Ballstát ina bhfuil an IORP údaraithe agus ainmneacha údaráis inniúla an Bhallstáit sin';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) faisnéis maidir le réamh-mheastacháin sochair pinsin bunaithe ar an aois scoir mar a shonraítear i bpointe (a), agus séanadh go bhféadfadh na réamh-mheastacháin sin a bheith éagsúil le luach deiridh na sochar a fuarthas, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, go bhféadfadh an sochar scoir a bheith athraitheach;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) i gcás ina n-iompraíonn comhaltaí riosca infheistíochta nó inar féidir leo cinntí infheistíochta a dhéanamh, faisnéis maidir leis na costais a fhorchuirtear agus a dtionchar, lena n-áirítear:

(i) miondealú ar na costais uile a thabhaigh comhaltaí agus tairbhithe, go díreach agus go hindíreach, le linn an 12 mhí roimhe sin agus ar bhonn iolraithe ó chuaigh an comhalta isteach sa scéim lena mbaineann, agus léireofar ann, ar a laghad, na costais riaracháin, na costais a bhaineann leis na sócmhainní a choimeád slán, agus na costais infheistíochta a tabhaíodh i ndáil le sócmhainní agus idirbhearta punainne a bhainistiú;

(ii) meastachán ar thionchar na gcostas ar an gcaipiteal deiridh carntha;’;

(d) cuirtear isteach na pointí (i) agus (j) seo a leanas:

‘(i) i gcás ina n-iompraíonn na comhaltaí riosca infheistíochta, faisnéis faoi fheidhmíocht na scéime pinsin roimhe sin nó, i gcás inarb infheidhme, faoin roghnú infheistíochta a rinneadh, lena gcumhdaítear feidhmíocht 10 mbliana ar a laghad nó, i gcásanna inar soláthraíodh an scéim nó an rogha infheistíochta ábhartha ar feadh níos lú ná 10 mbliana, lena gcumhdaítear na blianta uile ar soláthraíodh an scéim pinsin nó an rogha infheistíochta ábhartha ina leith;’;

(j) i gcás ina n-iompraíonn comhaltaí riosca infheistíochta agus inar féidir leo rogha a dhéanamh idir roghanna infheistíochta, léiriú gairid ar an roghnú infheistíochta a rinneadh, lena n-áirítear an líon roghanna a roghnaíodh, cion na sócmhainní a infheistíodh i ngach rogha agus léiriú ar leibhéal riosca an roghnaithe a rinneadh i bhfoirm achomair.’;

(e) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach:

‘Chun críocha phointe (d), i gcás ina bhfuil na réamh-mheastacháin sochair pinsin bunaithe ar chásanna eacnamaíocha, áireofar san fhaisnéis sin ar a laghad an cás is fearr de réir na meastachán, cás fabhrach agus cás neamhfhabhrach. Taispeánfar luach measta na sochar scoir amach anseo i dtéarmaí réadacha mar aon le míniú gearr insinte.

Chun críocha phointe (g)(ii), taispeánfar na costais i dtéarmaí airgeadaíochta ar a laghad agus mar chéatadán de na ranníocaíochtaí le linn an 12 mhí roimhe sin agus ó chuaigh an comhalta isteach sa scéim, faoi seach.

Chun críocha phointe (i), beidh an ráiteas ‘ní léiriú í feidhmíocht roimhe seo ar fheidhmíocht amach anseo’ ag gabháil le faisnéis maidir le feidhmíocht roimhe sin.’;

(40) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) faisnéis faoi na toimhdí a úsáidtear le haghaidh na réamh-mheastachán sochair pinsin, agus i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi na toimhdí a úsáidtear le haghaidh méideanna arna sloinneadh i mblianachtaí, go háirithe i ndáil leis an ráta blianachta, le cineál an tsoláthraí agus le fad na blianachta;’

(41) Leasaítear Airteagal 41 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) aon rogha ábhartha atá ar fáil dóibh lena n-áirítear roghanna infheistíochta, agus na rioscaí a bhaineann leo;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Soláthrófar an méid seo a leanas do chomhaltaí ionchasacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3:

(a) faisnéis maidir le feidhmíocht infheistíochtaí roimhe sin a bhaineann leis an scéim pinsin ar feadh deich mbliana ar a laghad, nó le haghaidh na mblianta uile ina raibh an scéim ag feidhmiú i gcás inar lú sin ná deich mbliana;

(b) faisnéis faoi na costais dhíreacha agus indíreacha uile a d’iompair comhaltaí agus tairbhithe le linn an 12 mhí roimhe sin, lena n-áirítear costais gach rogha infheistíochta ar leithligh, arna gcur i láthair i dtéarmaí airgeadaíochta ar a laghad, agus meastachán ar thionchar na gcostas ar an gcaipiteal deiridh arna charnadh;

(c) faisnéis faoi na roghanna infheistíochta atá ar fáil agus na rioscaí a bhaineann leo.’;

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) aon rogha ábhartha atá ar fáil dóibh lena n-áirítear roghanna infheistíochta, agus na rioscaí agus na costais a bhaineann leo;’;

(42) cuirtear isteach an tAirteagal 41a seo a leanas:

“Airteagal 41a

Faisnéis atá le tabhairt do chomhaltaí agus do thairbhithe i gcás tearcfheidhmíochta

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh IORPanna faireachán rialta ar a bhfeidhmíocht i gcomparáid le tagarmharcanna arna mbunú ag a n-údarás inniúil i gcomhréir le mír 4. I gcás ina sainaithníonn IORP go n-imíonn a fheidhmíocht go hábhartha ón tagarmharc is infheidhme, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh sé a údarás inniúil ar an eolas go pras agus go soláthróidh sé fianaise go bhfuil údar le costais agus muirir na scéime agus go bhfuil siad comhréireach agus go bhfuil an scéim i gcomhréir le lamháltas riosca a chomhaltaí agus a thairbhithe.

I gcás ina gcinnfidh an t-údarás inniúil nach bhfuil bonn cirt leis an bhfianaise nach bhfuil costais agus muirir na scéime comhréireach nó nach bhfuil an scéim i gcomhréir le lamháltas riosca a chomhaltaí agus a thairbhithe, nó i gcás ina leanfaidh an tearcfheidhmíocht ar feadh trí bliana ar a laghad, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh an IORP a chomhaltaí agus a thairbhithe ar an eolas go pras faoin staid sin ar bhealach soiléir, cothrom agus intuigthe.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, ar chumas comhaltaí agus tairbhithe tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil an scéim ag feidhmiú i ndáil le IORPanna inchomparáide. Áiritheoidh na Ballstáit go míneofar ar bhealach simplí san fhaisnéis a sholáthrófar na cúiseanna atá leis an tearcfheidhmíocht, an chaoi a bhfuil na costais agus na muirir comhréireach agus a bhfuil údar cuí leo, agus na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh chun torthaí a fheabhsú agus chun luach chearta fabhraithe na gcomhaltaí a chosaint. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain éasca ar an bhfaisnéis go dtí go léireoidh an IORP feabhas leanúnach.

3. Ceanglóidh na Ballstáit go n-áiritheoidh IORPanna go gcuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, ar fáil trí na bealaí céanna a úsáidtear de ghnáth chun an Ráiteas Sochair Pinsin agus cumarsáid thráthrialta eile a sholáthar, agus go

gcuirfear comhaltaí agus tairbhithe ar an eolas faoin gcaoi le tuilleadh sonraí a fháil más mian leo.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhforbróidh a n-údarás inniúil tagarmharcanna soiléire, oibiachtúla agus trédhearcacha chun measúnú a dhéanamh ar thearcfheidhmíocht, lena n-áirítear i ndáil le costais riaracháin, infheistíochta agus idirbhirt, torthaí comhlána agus glaninfheistíochta agus torthaí cistiúcháin thar thréimhsí sonraithe.

5. Chun críocha an Airteagail seo, glacfaidh ÚEÁPC treoirlínte, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, maidir le modheolaíochtaí chun tearcfheidhmíocht a chinneadh ar fud na mBallstát.';

(43) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 42:

'Airteagal 42

Faisnéis atá le tabhairt do na comhaltaí le linn na céime réamhscoir

De bhreis ar an Ráiteas Sochair Pinsin, déanfaidh IORPanna, in am trátha roimh an aois scoir mar a shonraítear in Airteagal 39(1), pointe (a), nó arna iarraidh sin don chomhalta, faisnéis a sholáthar do gach comhalta faoi thús na céime íocaíochta amach atá ar na bacáin agus faoi na roghanna eisíocaíochta sochair atá ar fáil agus a sochair scoir á nglacadh acu, lena n-áirítear na costais agus na muirir a bhaineann le gach rogha agus leis an gcóireáil chánach is infheidhme.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh pacáiste achomair míniúcháin ag gabháil leis an bhfaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír ina mbeidh an fhaisnéis uile seo a leanas:

(a) príomhghnéithe, impleachtaí agus éifeachtaí féideartha gach rogha eisíocaíochta sochair atá ar fáil don chomhalta agus, i gcás inarb infheidhme, do na tairbhithe;

(b) na rioscaí agus na tosca a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a imirt ar leibhéal, ar chobhsaíocht nó ar fhad an ioncaim scoir;

(c) na himthosca agus na critéir atá le cur san áireamh ag comhaltaí agus measúnú á dhéanamh acu ar oiriúnacht na roghanna éagsúla eisíocaíochta sochair dá gcás aonair.

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás inar blianacht athraitheach é ceann de na roghanna eisíocaíochta sochair a thairgeann an IORP, go soláthróidh an IORP réamh-mheastacháin do gach comhalta, in am trátha roimh an aois scoir mar a shonraítear in Airteagal 39(1), pointe (a), chun an éagsúlacht fhéideartha i méid na híocaíochta amach le himeacht ama a léiriú.';

(44) Leasaítear Airteagal 43 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Ceanglóidh na Ballstáit ar IORPanna faisnéis a sholáthar go bliantúil do thairbhithe faoi na sochair atá dlite, na roghanna eisíocaíochta comhfhreagracha, agus miondealú ar na costais uile a tabhaíodh agus faisnéis faoin bhfeidhmíocht roimhe sin dá dtagraítear in Airteagal 39, pointí (g) agus (i).

Tabharfar tuairisc san fhaisnéis freisin ar na príomhthosca a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leibhéal nó d'fhad an ioncaim scoir, lena n-áirítear rioscaí

infheistíochta agus rioscaí ionchais saoil, agus léireofar inti, i gcás inarb ábhartha, an ceart chun an rogha eisíocaíochta a athrú.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcás ina leanfaidh tairbhithe de ranníocaíochtaí a dhéanamh nó de riosca infheistíochta a iompar le linn chéim na híocaíochta amach, áiritheoidh na Ballstáit go leanfaidh IORPanna den Ráiteas Sochar Pinsin a sholáthar, ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 freisin.';

(45) i dTeideal IV, cuirtear an chaibidil seo a leanas leis:

'CAIBIDIL 4

Rialacha maidir le hiompar gnó

'Airteagal 44a

Dualgas cúraim

1. Agus cineál na scéime pinsin á chur san áireamh, áiritheoidh na Ballstáit go ngníomhóidh gach IORP atá údaraithe ar a gcríoch ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil i gcónaí, agus i gcomhréir le leas a gcomhaltaí agus a dtairbhithe. Áireofar ar na leasanna sin an cuspóir maidir le torthaí leordhóthanacha, riosca-choigeartaithe agus cost-éifeachtúla a sholáthar san fhadtéarma, i gcomhréir le cineál fadtéarmach na n-oibleagáidí pinsin.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh IORPanna coimircí i bhfeidhm, lena n-áirítear treoir chun tacú le comhaltaí, comhaltaí agus tairbhithe ionchasacha agus cinneadh á dhéanamh acu maidir leis na roghanna atá ar fáil dóibh, agus cuirfidh siad ar an eolas iad faoi iarmhairtí féideartha a gcinntí.

Airteagal 44b

Struchtúr agus cur chun feidhme iomchuí na scéimeanna pinsin

1. Gan dochar don dlí sóisialta agus saothair náisiúnta maidir le heagrú córas pinsean, lena n-áirítear ballraíocht éigeantach agus torthaí comhaontuithe cómhargála, ceanglóidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) Áirithíonn IORPanna go bhfuil struchtúr, dearadh agus cur chun feidhme scéimeanna pinsin iomchuí i bhfianaise riachtanais, shaintréithe agus phróifíl riosca sainaitheanta na gcomhaltaí agus na dtairbhithe, ar bhealach atá comhréireach le cineál, scála agus castacht na scéime.

(b) Déanann IORPanna struchtúr, dearadh agus cur chun feidhme na scéime pinsin a athbhreithniú go rialta agus, i gcás inar gá, a oiriúnú, agus aon fhorbairt ábhartha á gcur san áireamh, chun a áirithiú go leanfaidh an scéim de bheith iomchuí agus comhsheasmhach le riachtanais, saintréithe agus próifíl riosca na gcomhaltaí agus na dtairbhithe, ar bhealach atá comhréireach le cineál, scála agus castacht na scéime.

Déanfaidh an IORP doiciméadú ar an measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil struchtúr, dearadh agus cur chun feidhme na scéimeanna pinsin iomchuí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a).

2.Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina n-iompraíonn comhaltaí riosca infheistíochta, go ndéanfaidh IORPanna measúnú ar an riosca fadtéarmach ó thaobh comhaltaí agus tairbhithe de, lena n-áirítear:

(a)lamháltas riosca na gcomhaltaí agus na dtairbhithe a iompraíonn rioscaí a chinneadh;

(b)réamh-mheastacháin phinsin a thabhairt isteach sa mheasúnú riosca ó thaobh na gcomhaltaí agus na dtairbhithe de;

(c) i gcás ina dtairgeann an IORP roghanna infheistíochta iomadúla, an t-athbhreithniú tréimhsiúil ar oiriúnacht na roghanna infheistíochta do na comhaltaí de réir a lamháltais riosca, agus i gcás ina bhfuil rogha réamhshocraithe ann, an t-athbhreithniú ar oiriúnacht na rogha mainneachtana sin;

(d) i gcás nach dtairgeann IORPanna roghanna infheistíochta iomadúla, an t-athbhreithniú tréimhsiúil ar an straitéis infheistíochta chun an measúnú riosca fadtéarmach a mheas ó thaobh na gcomhaltaí agus na dtairbhithe de.

Airteagal 44c

Gearáin

1. Ceanglóidh na Ballstáit go ndéanfaidh IORPanna nósanna imeachta agus socruithe éifeachtacha a chur ar bun agus a chur i bhfeidhm atá iomchuí chun gearáin arna dtaisceadh ag comhaltaí agus tairbhithe a bhaineann lena gcearta agus lena n-oibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo a réiteach.

2. Beidh na nósanna imeachta agus na socruithe dá dtagraítear i mír 1 ar fáil i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit lena mbaineann, nó i dteanga eile a nglacann údaráis inniúla an Bhallstáit sin léi, nó a chomhaontaítear idir an IORP agus a chomhaltaí agus a thairbhithe.

3. Ceanglóidh na Ballstáit go bhfreagróidh IORPanna, go leictreonach nó ar mheán marthanach eile, do ghearáin ó chomhaltaí agus ó thairbhithe. Tabharfar aghaidh sa fhreagra ar na pointí uile a ardófar laistigh de 40 lá oibre ar a mhéad.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh IORPanna comhaltaí agus tairbhithe a thaisceann gearán ar an eolas faoi chomhlacht amháin um réiteach malartach díospóide (RDM) ar a laghad atá inniúil chun déileáil le díospóidí a bhaineann le cearta agus oibleagáidí comhaltaí agus tairbhithe a leagtar síos sa Treoir seo.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis faoi na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 ar fáil saor in aisce do chomhaltaí agus do thairbhithe ar bhealach soiléir, cuimsitheach agus inrochtana go héasca trí mheán leictreonach, lena n-áirítear ar mheán marthanach nó trí shuíomh gréasáin, nó ar pháipéar. Sonrófar san fhaisnéis sin conas is féidir rochtain a fháil ar fhaisnéis bhreise maidir leis an gcomhlacht RMD lena mbaineann agus maidir leis na coinníollacha chun é a úsáid.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh na húdaráis inniúla nósanna imeachta lena gceadaítear do chomhaltaí, tairbhithe agus páirtithe leasmhara eile, lena

n-áirítear comhlachais tomhaltóirí, gearáin a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil maidir le sáruithe líomhnaithe ar an Treoir seo ag IORPanna. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh gearánaigh freagraí i ngach cás.

7. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás a bhaineann le níos mó ná Ballstát amháin, go bhféadfaidh an gearánach a roghnú a ghearán nó a gearán a thaisceadh trí údaráis inniúla a Bhallstáit cónaithe nó a Ballstáit cónaithe, gan beann ar an áit ina ndearnadh an sárú.

Airteagal 44d

Sásamh lasmuigh den chúirt

1. Bunóidh na Ballstáit nósanna imeachta RDM a bheidh leordhóthanach, neamhspleách, neamhchlaonta, trédhearcach agus éifeachtach chun díospóidí idir IORPanna agus a gcomhaltaí agus a dtairbhithe a réiteach maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo. I gcás inarb iomchuí, cuirfidh comhlachtaí inniúla atá ann cheana na nósanna imeachta sin i bhfeidhm. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh nósanna imeachta RDM den sórt sin infheidhme, agus go leathnófar inniúlacht an chomhlachta RDM ábhartha go héifeachtach chuig IORPanna a dtionscnaítear na nósanna imeachta ina gcoinne.

2. Oibreoidh na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 i gcomhar le chéile go héifeachtach chun díospóidí trasteorann maidir le cearta agus oibleagáidí a thagann chun cinn faoin Treoir seo a réiteach.’;

(46) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Theideal V:

‘TEIDEAL V
MAOIRSEACHT’

(47) i dTeideal V, cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal Chaibidil 1:

‘CAIBIDIL 1

Rialacha ginearálta maidir le maoirseacht’

(48) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 45:

‘Airteagal 45

Cumhachtaí, acmhainní agus príomhchuspóir maoirseachta na n-údarás inniúil

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na hacmhainní agus na cumhachtaí uile is gá ag a n-údaráis inniúla chun a ndualgais a chomhlíonadh faoin Treoir seo, agus go mbeidh an saineolas, an cumas agus an sainordú ábhartha acu chun príomhchuspóir na maoirseachta a bhaint amach, is iad sin cearta na gcomhaltaí agus na dtairbhithe a chosaint agus cobhsaíocht agus fóntacht IORPanna a áirithiú.’;

(49) cuirtear isteach an tAirteagal 45a seo a leanas:

“Airteagal 45a

Na húdaráis inniúla

1. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla a chumhachtófar chun cur chun feidhme na Treorach seo a áirithiú. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas maidir leis sin, agus aon roinnt sna dualgais sin á léiriú.

2. Nuair atá níos mó ná údarás inniúil amháin ar a chríoch, áiritheoidh an Ballstát go gcomhoibríonn na húdaráis sin go dlúth le chéile ionas gur féidir leo a gcuid dualgas faoi seach a chomhlíonadh go héifeachtach.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh líon leordhóthanach foirne cáilithe agus acmhainní cáilithe is gá ag na húdaráis inniúla chun a ndualgais a chomhlíonadh go héifeachtach.’;

(50) Leasaítear Airteagal 46 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Raon feidhme na maoirseachta’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh IORPanna faoi réir maoirseacht stuamachta, lena n-áirítear maoirseacht ar na nithe seo a leanas i gcás inarb infheidhme:’;

(c) cuirtear an dara mír seo a leanas isteach:

‘Áiritheoidh na Ballstáit freisin go ndéanfar maoirseacht ar chomhlíonadh fhorálacha eile uile na Treorach seo.’;

(51) Leasaítear Airteagal 47 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Prionsabail ghinearálta na maoirseachta’

(b) i mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

‘Áireofar leis fíorú, ar bhonn leanúnach, ar oibriú cuí ghníomhaíochtaí na IORPanna agus ar chomhlíonadh na bhforálacha maoirseachta ag IORPanna.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Cumhdóidh cumhachtaí maoirseachta gnó soláthair scoir iomlán an IORP, lena n-áirítear, i gcás ina gceadaítear do IORPanna, de bhun an dlí náisiúnta, táirgí pinsin phearsanta a sholáthar, a ngnó soláthair pinsin phearsanta. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na cumhachtaí sin i bhfeidhm ar bhealach tráthúil agus atá comhréireach le cineál, scála agus castacht ghníomhaíochtaí IORP.’;

(d) cuirtear mír 6 seo a leanas leis:

‘6. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla faireachán ar fhorbairtí sa mhargadh a bhaineann le scála IORPanna.’;

(52) Leasaítear Airteagal 48 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach na míreanna 1a agus 1b seo a leanas:

‘1a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an chumhacht ag a n-údaráis inniúla an fhaisnéis uile is gá a éileamh chun maoirseacht a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 50.

1b. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh a n-údaráis inniúla cumhachtaí maoirseachta i bhfeidhm ar bhealach tráthúil agus comhréireach.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an chumhacht ag a n-údaráis inniúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) bearta coisctheacha agus ceartaitheacha a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonann IORPanna na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin nach mór dóibh a chomhlíonadh i ngach Ballstát;

(b) aon bheart is gá a dhéanamh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, bearta de chineál riaracháin nó airgeadais, maidir le IORPanna, agus comhaltaí dá gcomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta.

Gan dochar do chumhachtaí maoirseachta na n-údarás inniúil ná do cheart na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí coiriúla agus iad a fhorchur, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh a n-údaráis inniúla smachtbhannaí riaracháin agus bearta eile is infheidhme maidir le gach sárú ar na forálacha náisiúnta lena gcuirtear an Treoir seo chun feidhme a fhorchur, agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear na smachtbhannaí agus na bearta eile sin chun feidhme. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a smachtbhannaí riaracháin agus na bearta eile éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.’;

(53) Leasaítear Airteagal 49 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla athbhreithniú agus meastóireacht ar na straitéisí, na próisis agus na nósanna imeachta tuairiscithe arna mbunú ag IORPanna chun na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin arna nglacadh de bhun na Treorach seo a chomhlíonadh, agus cineál, scála agus castacht ghníomhaíochtaí IORPanna á gcur san áireamh.’;

(ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Cuirfear san áireamh sna measúnuithe dá dtagraítear sa dara fomhír, pointí (b) agus (c), an riosca nach mbeadh acmhainní airgeadais leordhóthanacha ag an IORP chun a chostais oibriúcháin reatha agus a chostais oibriúcháin amach anseo a chumhdach.’;

(b) cuirtear isteach na míreanna 1a agus 1b seo a leanas:

‘1a. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla, go háirithe, athbhreithniú agus meastóireacht ar chomhlíonadh na ngnéithe uile dá dtagraítear in Airteagal 46.

1b. Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe, déanfaidh an t-údarás inniúil agus gach IORP, gach trí bliana ar a laghad, idirphlé maoirseachta tráthrialta.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag IORPanna chun dálaí airgeadais atá ag dul in olcas a shainaithint agus chun fógra a thabhairt láithreach do na húdaráis inniúla nuair a tharlaíonn meathlú den sórt sin.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh uirlisí faireacháin iomchuí i bhfeidhm ag na húdaráis inniúla, lena n-áirítear tástálacha struis, a chuirfidh ar a gcumas dálaí airgeadais atá ag dul in olcas in IORP a shainaithint agus faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a leigheastar an meath sin.’;

(d) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

‘2a. Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar leordhóthanacht mhodhanna agus chleachtais an IORP atá ceaptha chun teagmhais fhéideartha nó athruithe amach anseo ar dhálaí eacnamaíocha a shainaithint a bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith acu ar sheasamh airgeadais foriomlán an IORP lena mbaineann.

Déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta measúnú ar chumas an IORP na teagmhais fhéideartha sin nó athruithe ar dhálaí eacnamaíocha amach anseo a sheasamh.’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Déanfar na hathbhreithnithe, na meastóireachtaí agus na measúnuithe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 1a go rialta.

Bunóidh na húdaráis inniúla íosmhinicíocht agus raon feidhme na n-athbhreithnithe, na meastóireachtaí agus na measúnuithe ag féachaint do chineál, do scála agus do chastacht ghníomhaíochtaí an IORP lena mbaineann.’

(54) cuirtear na hAirteagail 49a agus 49b seo a leanas isteach:

"Airteagal 49a

Idirphlé maoirseachta tráthrialta

1. Cumhdófar leis an idirphlé maoirseachta tráthrialta dá dtagraítear in Airteagal 49(1b) sainaithint luath leochaileachtaí, neamhéifeachtúlachtaí agus dúshlán struchtúrach, agus chun machnamh straitéiseach a spreagadh maidir le leordhóthanacht, éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach IORP, lena n-áirítear leordhóthanacht a scála, a chumas maidir le comhdhlúthú, comhar nó comhthiomsú sócmhainní, agus oiriúnacht a chumraíochta eagraíochtúla chun oibriú go héifeachtúil agus luach a chur ar fáil do chomhaltaí agus do thairbhithe.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an t-idirphlé maoirseachta tráthrialta dá dtagraítear in Airteagal 49(1b) bunaithe ar shraith paraiméadar luathrabhaidh, lena n-áirítear gach ceann díobh seo a leanas ar a laghad:

(a) leibhéal agus éabhlóid chostais riaracháin, idirbhirt agus infheistíochta IORP;

(b) glanráta toraidh agus ráta toraidh riosca-choigeartaithe an IORP ar shócmhainní;

(c) aon easnamh nó diall ó leibhéil sochair gheallta nó spriocdhírithe;

(d) líon agus éabhlóid na gcomhaltaí gníomhacha agus na dtairbhithe;

(e) táscairí maidir le héifeachtúlacht oibríochtúil, comhchruinniú riosca agus athléimneacht institiúideach.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina léiríonn toradh an idirphlé maoirseachta thráthrialta laigí nó easnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann, go n-iarrfaidh a n-údaráis inniúla ar an IORP lena mbaineann breithniú a dhéanamh ar roghanna straitéiseacha atá iomchuí chun a inmharthanacht fhadtéarmach a neartú agus chun sochair scoir a sheachadadh go héifeachtach do chomhaltaí agus do thairbhithe, lena n-áirítear bearta lena bhfeabhsaítear scála oibríochtúil, comhdhlúthú, comhar, comhthiomsú sócmhainní nó socruithe comhroinnte acmhainní.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina sainaithneofar easnaimh ábhartha, nó i gcás ina mbeidh tearcfheidhmíocht ann dá dtagraítear in Airteagal 41a(1), go gceanglóidh a n-údarás inniúil ar IORP plean a tharraingt suas le haghaidh gníomhaíocht feabhais ina leagfar amach na bearta, na hamlínte agus na socruithe rialachais chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh ábhartha shainaitheanta nó ar an tearcfheidhmíocht sin. Breithneofar i bplean den sórt sin bearta struchtúracha chun éifeachtúlacht agus bainistíocht fhónta a fheabhsú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, comhdhlúthú féideartha, comhar, comhthiomsú sócmhainní nó socruithe comhroinnte acmhainní.

Áiritheoidh na Ballstáit go nglacfaidh comhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta IORP an plean dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus go gcuirfidh sé an plean sin faoi bhráid an údaráis inniúil lena athbhreithniú agus lena fhormheas.

Áiritheoidh na Ballstáit go dtuairisceoidh IORP go tréimhsiúil ar chur chun feidhme an phlean dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus ar aon dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an phlean sin arna iarraidh sin don údarás inniúil.

5. Áiritheoidh na Ballstáit gurb amhlaidh an méid seo a leanas i gcás an údaráis inniúil:

(a) torthaí gach idirphlé maoirseachta thráthrialta a dhoiciméadú;

(b) féadfaidh sé moltaí a eisiúint chuig an IORP lena mbaineann.

Beidh na moltaí dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír gan dochar do chumhachtaí an údaráis inniúil bearta maoirseachta ceangailteacha a ghlacadh.

Airteagal 49b

Údarú a tharraingt siar

1. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile údarú arna dheonú do IORP a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

(a) nach n-úsáideann an IORP lena mbaineann a údarú laistigh de 12 mhí, go dtréigeann sé an t-údarú sin go sainráite nó go scoireann sé de ghníomhaíochtaí a shaothrú ar feadh níos mó ná 6 mhí as a chéile, mura bhfuil foráil déanta ag an mBallstát lena mbaineann maidir le húdarú dul in éag i gcásanna den sórt sin;

(b) nach gcomhlíonann an IORP lena mbaineann na coinníollacha maidir le húdarú a thuilleadh;

(c) go dteipeann go mór ar an IORP lena mbaineann ina oibleagáidí faoi na rialacháin a bhfuil sé faoina réir.

2. I gcás ina ndéantar an t-údarú a tharraingt siar nó i gcás ina dtéann an t-údarú in éag, tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile fógra dá réir sin d'údaráis inniúla na mBallstát eile, agus déanfaidh na húdaráis sin bearta iomchuí chun cosc a chur ar an IORP tús a chur le hoibríochtaí nua laistigh dá gcríocha.

Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile, in éineacht leis na húdaráis sin, na bearta uile is gá chun leasanna na gcomhaltaí agus na dtairbhithe a choimirciú agus, go háirithe, cuirfidh sé srian le saordhiúscairt shócmhainní an IORP.

3. Luafar na cúiseanna iomlána le haon chinneadh údarú a tharraingt siar agus cuirfear in iúl don IORP lena mbaineann é. Tabharfar fógra do ÚEÁPC maidir le gach údarú a dhéantar a tharraingt siar.';

(55) Leasaítear Airteagal 50 mar a leanas:

(a) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach i ndiaidh an teidil:

'Ceanglóidh na Ballstáit ar IORPanna an fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil is gá chun críocha maoirseachta a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil, agus cuspóirí na maoirseachta a leagtar síos in Airteagal 45, raon feidhme na maoirseachta a leagtar síos in Airteagal 46, agus prionsabail ghinearálta na maoirseachta a leagtar síos in Airteagal 47, go háirithe prionsabal na comhréireachta, á gcur san áireamh.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí seo a leanas ag na húdaráis inniúla:

(a) cineál, raon feidhme agus formáid na faisnéise dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chinneadh, ar faisnéis í a cheanglaíonn siad ar IORPanna a thíolacadh ar bhonn tráthrialta nó *ad hoc*;

(b) aon fhaisnéis a fháil maidir le conarthaí a dhéantar le tríú páirtithe; agus

(c) faisnéis a éileamh ó shaineolaithe seachtracha, amhail iniúchóirí agus achtúirí.';

(b) leasaítear an tríú fomhír mar a leanas:

(i) i bpointe (d), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(vii) pleananna gnó dá dtagraítear in Airteagal 9;’;

(ii) cuirtear isteach an pointe (g) seo a leanas:

‘(g) ceangal a chur ar IORPanna teimpléid chainníochtúla a chur isteach go rialta ina sonraítear ar bhealach níos mionsonraithe an fhaisnéis atá sna tuarascálacha dá dtagraítear i bpointí (c) agus (d), agus ina bhforlíontar an fhaisnéis sin, lena n-áirítear faisnéis a iarrtar i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 atá riachtanach chun na dualgais a chuirtear de chúram ar ÚEÁPC faoin Rialachán sin agus faoin Treoir seo a chomhlíonadh’;

(iii) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go dtuairisceoidh IORPanna ar bhonn bliantúil do na húdaráis inniúla faisnéis maidir le torthaí infheistíochta, glan ó chostais infheistíochta, agus na costais agus na muirir uile arna dtabhú i ndáil lena ngníomhaíochtaí.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na húdaráis inniúla de cheangal ar IORPanna cur chuige na trédhearcachta a chur i bhfeidhm, lena n-áiritheofar go n-áireofar na costais agus na muirir uile arna dtabhú ar leibhéal na gcistí infheistíochta, na mbainisteoirí sócmhainní agus na n-idirbheart, agus go gcuirfear prionsabal na neamhdhíobhála i bhfeidhm.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo, forbróidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir leis na nósanna imeachta, na formáidí agus na teimpléid, lena ndéanfar idirdhealú, i gcás inarb infheidhme, idir pinsin cheirde agus pinsin phearsanta.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa cheathrú fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.’;

(56) cuirtear isteach an tAirteagal 50a seo a leanas:

‘Airteagal 50a

Maoirseacht ar fheidhmeanna agus ar ghníomhaíochtaí seachfhoinsithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh IORPanna a sheachfhoinsíonn feidhm nó gníomhaíocht na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) oibríonn an soláthraí seirbhíse i gcomhar le húdaráis mhaoirseachta an IORP chun maoirseacht ar an bhfeidhm nó ar an ngníomhaíocht sheachfhoinsithe a áirithiú;

(b) go mbeidh rochtain éifeachtach ag an IORP, ag a iniúchóirí agus ag na húdaráis inniúla ar shonraí a bhaineann leis na feidhmeanna nó na gníomhaíochtaí seachfhoinsithe, lena n-áirítear an chumhacht faisnéis a iarraidh ar IORPanna agus ar sholáthraithe seirbhíse maidir le príomhfheidhmeanna seachfhoinsithe nó aon ghníomhaíocht eile tráth ar bith;

(c) tá rochtain éifeachtach ag na húdaráis inniúla ar áitreabh gnó an tsoláthraí seirbhíse agus ní mór dóibh a bheith in ann na cearta rochtana sin a fheidhmiú.

2. Tabharfaidh an Ballstát ina bhfuil an soláthraí seirbhíse lonnaithe cead d'údaráis inniúla an IORP cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh iad féin, nó trí idirghabhálaí na ndaoine a cheapfaidh siad chun na críche sin, ag áitreabh an tsoláthraí seirbhíse. Cuirfidh údaráis inniúla IORP údarás iomchuí Bhallstát an tsoláthraí seirbhíse ar an eolas sula ndéanfaidh siad an chigireacht ar an láthair. I gcás eintitis nach bhfuil faoi mhaoirseacht, is é an t-údarás inniúil a bheidh ina údarás iomchuí.

Féadfaidh údaráis inniúla Bhallstát an IORP cigireachtaí ar an láthair den sórt sin a tharmligean chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an soláthraí seirbhíse lonnaithe.

3. I gcás ina gcuirfidh údarás inniúil údarás iomchuí Bhallstát an tsoláthraí seirbhíse ar an eolas go bhfuil sé beartaithe aige cigireacht ar an láthair a dhéanamh i gcomhréir leis an mír seo, nó i gcás ina ndéanfaidh sé cigireacht ar an láthair i gcomhréir leis an gcéad fhomhír i gcás nach mbeidh an t-údarás inniúil sin in ann, sa chleachtas, a cheart a fheidhmiú chun an chigireacht ar an láthair sin a dhéanamh, féadfaidh an t-údarás inniúil an t-ábhar a tharchur chuig ÚEÁPC agus a chúnamh a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010. Sa chás sin, féadfaidh ÚEÁPC gníomhú i gcomhréir leis na cumhachtaí a thugtar do leis an Airteagal sin.

I gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, beidh ÚEÁPC i dteideal páirt a ghlacadh i scrúdú ar an láthair i gcás ina ndéanfaidh dhá údarás maoirseachta nó níos mó go comhpháirteach iad.';

(57) Leasaítear Airteagal 51 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

'(a) téacsanna dlíthe, rialachán, rialacha riaracháin agus treorach ginearálta i réimse na scéimeanna pinsin cheirde, agus, i gcás inarb infheidhme, táirgí pinsin phearsanta, agus faisnéis i dtaobh an roghnaíonn an Ballstát an Treoir seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 5;'

(b) na critéir ghinearálta agus na modhanna a úsáidtear sa phróiseas athbhreithnithe maoirseachta mar a leagtar amach in Airteagal 49, lena n-áirítear, go háirithe, forbhreathnú ar a gcreat measúnaithe riosca.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) príomhchuspóir na maoirseachta, faisnéis maidir leis na príomhfheidhmeanna agus tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a n-údarás inniúil;';

(c) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach:

'Beidh an nochtadh dá bhforáiltear sa chéad fhomhír leordhóthanach chun gur féidir comparáid a dhéanamh idir na cineálacha cur chuige maoirseachta arna nglacadh ag údaráis inniúla na mBallstát éagsúil.

Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) go (e), inrochtana ag aon suíomh leictreonach amháin i ngach Ballstát.';

(b) i mír 3, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

‘Beidh na cáilíochtaí, an taithí agus na scileanna is gá ag comhaltaí chomhlachtaí rialaithe agus bainistíochta na n-údarás inniúil chun a ndualgais a chomhlíonadh agus a gcumhachtaí a fheidhmiú agus ní dhífhostófar iad ar chúiseanna a bhaineann le comhlíonadh cuí a ndualgas nó le feidhmiú cuí a gcumhachtaí. Ní fhéadfar iad a dhífhostú ach amháin mura gcomhlíonann siad na coinníollacha is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh nó má fhaightear ciontach iad i mí-iompar tromchúiseach faoin ndlí náisiúnta. Leagfar síos roimh ré sa dlí náisiúnta na coinníollacha is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh agus cad is mí-iompar tromchúiseach ann.’;

(c) cuirtear mír 4 seo a leanas leis:

‘4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseoidh na húdaráis inniúla, ar shuíomh gréasáin poiblí aonair, faisnéis atá soiléir, inchomparáide agus inrochtana go héasca maidir le costais bhliantúla iomlána, feidhmíocht roimhe seo agus próifíl riosca na scéimeanna pinsin uile arna n-oibriú ag IORPanna.

I gcás gach scéime pinsin agus, i gcás inarb infheidhme, gach rogha infheistíochta, áireofar an méid seo a leanas ar a laghad san fhaisnéis fhoilsithe:

(a) aicmiú na scéime de réir próifíle riosca;

(b) na costais agus na muirir iomlána a tuairiscíodh do na húdaráis inniúla náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 50(7), arna sloinneadh mar chéatadán bliantúil aonair de ranníocaíochtaí iomlána an 12 mhí roimhe sin; agus

(c) feidhmíocht roimhe seo le haghaidh blianta airgeadais críochnaithe, lena n-áirítear an bhliain is déanaí.

Soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear sa dara fomhír, pointí (b) agus (c), ar feadh na 10 mbliana roimhe sin ar a laghad nó, i gcásanna inar soláthraíodh an scéim ar feadh níos lú ná 10 mbliana, lena gcumhdaítear na blianta uile ar soláthraíodh an scéim ina leith.

Fíoróidh na húdaráis inniúla cruinneas agus tráthúlacht na faisnéise, agus áiritheoidh siad go bhfoilseofar gan mhoill í a luaithe a bheidh an fíorú sin curtha i gcrích.

(58) cuirtear isteach an tAirteagal 55a seo a leanas:

“Airteagal 55a

Ardáin chomhair

1. Féadfaidh ÚEÁPC, i gcás imní réasúnaithe faoi éifeachtaí diúltacha ar bhaill agus ar thairbhithe, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ó cheann amháin nó níos mó de na húdaráis inniúla ábhartha, ardán comhoibrithe a bhunú agus a chomhordú chun malartú faisnéise a neartú agus chun comhoibriú idir na húdaráis inniúla ábhartha a fheabhsú i gcás ina ndéanann IORP gníomhaíochtaí trasteorann, nó ina bhfuil sé beartaithe aige iad a dhéanamh, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí sin ábhartha maidir le margadh an Bhallstáit óstach.

2. Beidh mír 1 gan dochar do cheart na n-údarás inniúil ábhartha ardán comhair a chur ar bun i gcás ina gcomhaontaíonn siad uile déanamh amhlaidh.

3. Ní dochar bunú ardáin comhoibrithe de bhun mhíreanna 1 agus 2 do shainordú maoirseachta údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus an Bhallstáit óstaigh dá bhforáiltear sa Treoir seo.

4. Gan dochar d'Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh 1094/2010, déanfaidh na húdaráis inniúla ábhartha, arna iarraidh sin do ÚEÁPC, an fhaisnéis uile is gá a sholáthar go tráthúil.

5. I gcás ina n-easaontaíonn dhá údarás inniúla ardáin comhoibrithe nó níos mó faoi nós imeachta nó ábhar gníomhaíochta atá le déanamh, nó neamhghníomhú, féadfaidh ÚEÁPC, arna iarraidh sin d'aon údarás inniúil ábhartha nó as a stuaim féin, cuidiú leis na húdaráis inniúla teacht ar chomhaontú i gcomhréir le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

6. I gcás easaontas laistigh den ardán agus i gcás ina bhfuil ábhair imní thromchúiseacha ann maidir le héifeachtaí diúltacha ar chomhaltaí agus ar thairbhithe nó maidir le hábhar gníomhaíochta nó neamhghníomhaíochta atá le déanamh i ndáil le IORP, féadfaidh ÚEÁPC a iarraidh ar údarás inniúil an Bhallstáit baile cigireacht ar an láthair ar an IORP a sheoladh. Seolfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile an chigireacht ar an láthair gan mhoill agus iarrfaidh sé ar ÚEÁPC agus ar údaráis inniúla eile lena mbaineann a bheith rannpháirteach inti.';

(59) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 59:

'Airteagal 59

Rialacha náisiúnta a fhoilsiú

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseoidh a n-údaráis inniúla go hiomchuí ceanglais an dlí shóisialta agus saothair atá ábhartha do réimse na scéimeanna pinsin ceirde faoina gcaithfear scéim pinsin arna hurrú ag gnóthas sa Bhallstát óstach a oibriú a mbeidh feidhm aici maidir le gníomhaíochtaí trasteorann IORPanna dá dtagraítear in Airteagal 11(1).

2. Áireoidh ÚEÁPC ar a shuíomh gréasáin na hipearnaisc chuig suíomhanna gréasáin na n-údarás inniúil ar a bhfoilsítear faisnéis faoi na rialacha sin. Beidh an fhaisnéis sin cothrom le dáta agus cuirfidh ÚEÁPC an fhaisnéis ar fáil ar a shuíomh gréasáin, agus déanfar na rialacha sin uile a chatagóiriú i réimsí ábhartha dlí éagsúla.

3. Bunóidh na Ballstáit pointe teagmhála aonair a bheidh freagrach as faisnéis a sholáthar maidir le ceanglais an dlí shóisialta agus saothair atá ábhartha do réimse na scéimeanna pinsin ceirde faoina gcaithfear an scéim pinsin arna hurrú ag gnóthas sa Bhallstát óstach a oibriú, ar pointe teagmhála é a mbeidh feidhm aige maidir le gníomhaíochtaí trasteorann IORPanna ina mBallstát faoi seach. Ba cheart pointe teagmhála dá leithéid a bheith ina údarás inniúil iomchuí.

4. Déanfaidh ÚEÁPC scrúdú i dtuarascáil, agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi na rialacha arna bhfoilsiú ag na Ballstáit dá dtagraítear san Airteagal seo i gcomhthéacs fheidhmiú cuí na Treorach seo agus an mhargaidh inmheánaigh roimh [Oifig na bhFoilseachán = *cuir isteach 6 mhí tar éis dháta chur i bhfeidhm na Treorach seo*].;

(60) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 61 agus 62:

‘Airteagal 61

Próiseáil sonraí pearsanta

Maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú na Treorach seo, déanfaidh IORPanna agus údaráis inniúla a gcúraimí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679. I dtaca le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag ÚEÁPC faoi chuimsiú na Treorach seo, comhlíonfaidh ÚEÁPC Rialachán (AE) 2018/1725.

Airteagal 62

Meastóireacht

Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ceithre bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm na Treorach seo], cuirfidh ÚEÁPC tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin, Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo, go háirithe maidir leis na gnéithe seo a leanas:

(a) a mhéid a rannchuidíonn an Treoir seo le comhtháthú, éifeachtúlacht agus méadú an tsoláthair pinsean ceirde laistigh den mhargadh inmheánach, lena n-áirítear treochtaí i gcomhdhlúthú agus i gcomhar idir IORPanna;

(b) an taithí a fuarthas agus an Treoir seo á cur i bhfeidhm, lena n-áirítear a tionchar ar mhéid, ar chostéifeachtúlacht, ar chomhdhlúthú agus ar ghairmiúlú IORPanna, agus a ról maidir le muinín, trédhearcacht agus bainistiú riosca fónta a chothú chun leasa na gcomhaltaí agus na dtairbhithe;

(c) leathnú roghnach raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo i gcomhréir le hAirteagal 4, agus a héifeacht ar mhargadh na bpinsean forlíontach.’;

(61) cuirtear isteach an tAirteagal 64a seo a leanas:

‘*Airteagal 64a*

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 17(7) agus 38(6) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [Oifig na bhFoilseachán = cuir isteach an dáta teacht i bhfeidhm].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagail 17(7) agus 38(6) a chúlghairm aon tráth. I gcás cinnidh maidir le cúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 17(7) agus 38(6) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 2

Leasuithe ar Threoir (AE) 2016/97

Leasaítear Treoir (AE) 2016/97 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2(1), cuirtear isteach na pointí 19 agus 20 seo a leanas:

‘(19) ciallaíonn ‘táirge pinsin phearsanta’ táirge pinsin phearsanta mar a shainmhínítear é i bpointe 1 d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.’

(20) ciallaíonn ‘córas rianaithe pinsin’ uirlis dhigiteach, tairseach gréasáin shlán nó feidhmchlár móibíleach de ghnáth, lena dtugtar forbhreathnú do dhaoine aonair ar a dteidlíochtaí pinsin fabhraithe aonair, agus réamh-mheastacháin ar shochair amach anseo, ar fud na scéimeanna pinsin a bhfuil an duine aonair ina chomhalta nó ina thairbhí díobh.

_____

* Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU) (IO L 198, 25.7.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1238/oj).’;

(2) Leasaítear Airteagal 22 mar a leanas:

(a) i mír 5, scriostar an focal ‘éigeantach’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘6. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeidh an dáileoir árachais freagrach as socruithe pinsin ceirde a sholáthar, go bhfaighidh comhaltaí ionchasacha, comhaltaí agus tairbhithe na socruithe sin, ar a laghad, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 36 go 44 de Threoir (AE) 2016/2341.’;

(3) cuirtear isteach an tAirteagal 22a seo a leanas:

‘Airteagal 22a

Córais rianaithe pinsean

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil córais rianaithe pinsean i bhfeidhm, go gcumhdófar leo na teidlíochtaí pinsin arna riar ag gnóthais árachais agus ag idirghabhálaithe árachais.

2. Chun críocha mhír 1, áiritheoidh na Ballstáit go dtarchuirfidh gnóthais árachais agus idirghabhálaithe árachais chuig córais rianaithe pinsean, i gcás inar bunaíodh córas den sórt sin, an fhaisnéis uile is gá chun forbhreathnú cuimsitheach, iontaofa agus cothrom le dáta a sholáthar do chustaiméirí ar a dteidlíochtaí pearsanta agus

ceirde, a mhéid a eascraíonn na teidlíochtaí sin as socruithe pinsin ceirde nó as táirgí pinsin phearsanta arna soláthar nó arna ndáileadh ag gnóthais árachais nó idirghabhálaithe árachais.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go dtarchuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 i bhformáid chaighdeánaithe agus idir-inoibritheach lena gcumasófar do chórais rianaithe pinsean sonraí maidir le luach carntha, cearta fabhraithe agus sochair réamh-mheasta a chomhiomlánú ar bhealach comhleanúnach inchomparáide.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go leanfaidh gnóthais árachais agus idirghabhálaithe árachais de bheith freagrach go hiomlán as iomláine agus cruinneas na sonraí arna dtarchur agus as comhlíonadh na n-oibleagáidí cumarsáide uile dá bhforáiltear san Airteagal seo.

